



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath

DRÉACHT DE THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015 -2016 & NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2016



www.tcd.ie





Comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóid, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2015/2016:

Comhaltaí Ex-Officio

An Propast, an Dr Patrick Prendergast (Cathaoirleach)
An Leas-Phropast/Príomh-Oifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan
An Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime, an tOllamh Gillian Martin
An Clárathóir, an tOllamh Shane Allwright
An Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí, an tOllamh Veronica Campbell

Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An tOllamh Sylvia Draper (2014-2018)
An tOllamh Eileen Drew (2012-2016)
An tOllamh Brian Lucey (2014-2018)
An tOllamh John McGlip (2012-2016)
An tOllamh Cliona O'Farrelly (2012-2016)
An tOllamh Micheál Ó Siochrú (2012-2016)
An tOllamh Diarmuid Phelan (2014-2018)
An tOllamh Robert Gilligan (2015-2018)

Baill Thofa den Fhoireann Léinn nach Comhaltaí iad

An tOllamh William Dowling (2012-2016)
Dermot Frost Uasal (2012-2016)
An tOllamh Desmond O'Neill (2012-2016)
An tOllamh Aidan Seery (2014-2018)
An tOllamh Catherine McCabe (2014-2018)

Baill Foirne Tofa nach den Fhoireann Léinn iad

Fred Cowzer Uasal (2012-2016)
Gerard Garrahan Uasal (2013-2016)
Shelia Dunphy Uasal (2014-2018)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na gCéimithe, Katie Crowther Uasal (2015-2016)
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, Lynn Ruane Uasal (2015-2016)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, Molly Kenny Uasal (2015-2016)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, Conor Clancy Uasal (2015-2016)

Comhaltaí Seachtracha

An Dr Olive Braiden, arna hainmniú ag an gComhairle Ealaíon (2010-2018)
Tony Keohane Uasal (2015-2019)

Freastal Ex Officio

An Rúnaí, John Coman Uasal
An Cisteoir, Ian Mathews Uasal

Bíonn an Cisteoir/Príomh-Oifigeach Airgeadais i láthair ag cruinnithe an Bhoird
Bíonn an Leas-Uachtarán maidir le Caidreamh Domhanda i láthair ag cruinnithe an Bhoird

Tugtar tuairisc maidir le freastal ar chruinnithe an Bhoird agus tuairisc ar chostais an Bhoird in Aguisín I agus in Aguisín II faoi seach.

Tá an cháipéis seo ar fáil i bhformáid áisiúil ach sin a iarraidh
(**r-phost: fishers@tcd.ie**)



CLÁR AN ÁBHAIR

Réamhrá an Phropaist (le theacht)

Cora Nua maidir le Gnóthaí Acadúla

1.1 Rangú Ollscoileanna an Domhain	4
1.2 Cúrsaí Cáilíochta	4

2. Oideachas

2.1 Pobal na Tríonóide	5
2.2 Staitisticí Iontrála	5
2.3 Clár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann	6
2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua	6
2.5 Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir	6
2.6 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide	7
2.7 Trinity Access Programmes	7
2.8 Gradaim Teagaisc an Phropaist	8
2.9 Oideachas Ar Líne	8
2.10 Comhaontuithe Idirnáisiúnta	9

3. Eispéireas an Mhic Léinn

3.1 Seirbhísí Tacaíochta don Mhac Léinn	10
3.2 Student Achievements	10

4. Bearta Taighde

4.1 Téamaí Taighde	12
4.2 Cistí Taighde	12
4.3 Scoláireachtaí agus Gradaim a Gnóthaíodh	13

5. Nuálaíocht agus Fiontair a chur ar bhonn Tráchtála

5.1 Cistí Taighde	16
5.2 Maoín Intleachta	16
5.3 Launchbox	16

6. Acmhainní Daonna

6.1 Foireann na hOllscoile	17
6.2 Ollúna	17
6.3 Poist Riaracháin Shinsearach	17

7. Tionscnaimh agus Mórócáidí de chuid na hOllscoile

	19
--	----

8. An Clár Forbartha Caipitil

8.1 Forbraíocht Nua	23
8.2 Caomhnú Fuinnimh	24

9. Cúrsaí Daonchairdis

	26
--	----

Aguisín I: Freastal ar Chruinnithe an Bhoird 2015-2016	27
--	----

Aguisín II: Costais an Bhoird 2015-16	27
---------------------------------------	----

10. Ráitis Airgeadais i leith na bliana dár críoch an 30 Meán Fómhair 2016	28
--	----



BEARTAÍOCHT NA HOLLSCOILE

1. Cora Nua maidir le Gnóthaí Acadúla

1.1 Rangú Ollscoileanna an Domhain

Luaitear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun cinn ar ollscoileanna eile na hÉireann in Ord Feabhais Ollscoileanna an Domhain QS agus in Ord Acadúil Ollscoileanna an Domhain, Shanghai.

Rangaítear Coláiste na Tríonóide ar an 78ú ollscoil sa domhan agus ar an 27ú ollscoil san Eoraip in Ord Feabhais Ollscoileanna an Domhain QS 2015/16 ar na táscairí ar fad a thabhairt san áireamh, agus táthar ar an 50 tosaigh maidir le ceithre cinn d'ábhair agus ar an 100 tosaigh i ndáil le dhá réimse dhéag eile. Ar na hábhair a bhfuil an ollscoil sa 50 tosaigh ina leith, tá Altraíocht (31), Teanga agus Litríocht an Bhéarla (32), Nuatheangacha (39), agus Polaitíocht agus Gnóthaí Idirnáisiúnta (43).

Rangaítear an Ollscoil ar an 100 ollscoil tosaigh ag QS maidir leis na réimsí seo ar fad: Stair, Ealaín Taibhréime, Fealsúnacht, Bitheolaíocht, Cógaisíocht agus Cógaiseolaíocht, Eolaíocht Ábhair, Oideachas, Tíreolaíocht, Ceimic, Dlí, an Beartas Sóisialta agus Riarachán agus Socheolaíocht.

1.2 Cúrsaí Cáilíochta

Tá de chlú ar an ollscoil ar fud an domhain gur ollscoil ardchaighdeán í ó thaobh teagaisc agus taighde. Gné shonrach den oideachas i gColáiste na Tríonóide go bhfuil sé dírithe ar an taighde agus bunaithe ar an mac léinn. Tá an Ollscoil tugtha den chaighdeán sármaith maidir leis na céimeanna bunchéime agus iarchéime agus leis an obair taighde a choinneáil ar bun agus tá dúthracht agus díograis lucht foirne agus mhic léinn Choláiste na Tríonóide ar cheann de mhórbhuanna na hollscoile.

Is gradam maidir le sárchaighdeán lucht léinn na hollscoile iad a thoghadh ina gcomhaltaí. Éacht maidir le taighde nó scoláireacht ar ardleibhéal an bhuncháilíochta a theastaíonn go mbeifí intofa mar Chomhalta, chomh maith le fianaise ar chion tairbhe an iarrthóra maidir le saol an léinn san Ollscoil, go háirithe air sin a léiriú le rannpháirtíocht in obair an Disiplín nó na Scoile, agus fianaise ar éifeachtúlacht a chuid nó a cuid teagaisc.

Fógraíodh Comhalta a dhéanamh de shé dhuine dhéag ar Luan na Tríonóide 2016, beirt Chomhaltaí Oinigh ina measc, an tOllamh William C. Campbell, buaiteoir Ghradam Nobel maidir le Fiseolaíocht agus Leigheas agus an Stiúrthóir Seadeolaíochta tráth ag Merck, agus an tOllamh Louise Richardson, Leas-Seansailéar Ollscoil Oxford. Rinne an h'Oifig Cáilíochta athbhreithniú cáilíochta a éascú i rith na bliana 2015/16, ar Scoil na Ceimice, Scoil an Bhéarla agus Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitistice, chomh maith le hathbhreithniú ar an gClár idirdhisciplíneach BESS (Gnó,

Eacnamaíocht agus Eolaíochtaí Sóisialta) agus ar Sheirbhís na dTeagascóirí. Rinneadh athbhreithniú i mí na Nollag 2015 ar Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (TCIN), an chéad athbhreithniú a rinneadh faoin nós imeachta nua maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Institiúidí Taighde Choláistí na Tríonóide. Rinneadh athbhreithniú freisin ar dhá chlár acadúil a chuirtear ar fáil le forais páirtnéireachta - B.Sc i gCothúchán an Duine agus sa Diaitéitic de chuid Choláiste na Tríonóide agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus an Mháistreacht sa Diagacht, clár comharoibre le hInstitiúid Diagachta Eaglais na hÉireann. Tugtar aiseolas tábhachtach do na réimsí a chuirtear faoi athbhreithniú, agus don Ollscoil, sna tuarascálacha a eascraíonn ó bhearta athbhreithnithe den chineál sin, faoi chúrsaí acadúla agus faoin tseirbhís a chuirtear ar fáil.

Lean Coláiste na Tríonóide den chaidreamh gníomhach le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le geallsealbhóirí mórtábhachtacha náisiúnta eile i rith na bliana 2015/16. Bhíothas páirteach i gCumann Ollscoileanna Éireann (IUA) tríd an ionadaíocht ar chúig cinn de Bhuanghrúpaí agus rinneadh maith maidir le freagraí ó earnáil na n-ollscoileanna i gcás comhairliúcháin de chuid an QQI faoi pholasaithe agus nós imeachta a fhorbairt maidir leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 a chur i bhfeidhm, mar shampla na Treoirlínte Lárnacha maidir le Dearbhú Cáilíochta Reachtúil, Treoirlínte Sonracha Earnáil na bhForas Ainmnithe Cáilíochtaí maidir le Dearbhú Cáilíochta agus an Polasaí maidir le hAthbhreithniú Atriallach ar na Forais Ardoideachais, iad sin ar fad á bhfoilsíú i rith 2015/16. I mí Eanáir 2016, d'aontaigh an Coiste Cáilíochta Creat Cáilíochta nua i gColáiste na Tríonóide faoina dtugtar le chéile na gnéithe éagsúla a bhfuil béim á leagan orthu maidir le dearbhú cáilíochta agus forfheabhsú caighdeán. Tugtar san áireamh chomh maith na coinníollacha ar fad a bhaineann leis na Treoirlínte nua maidir le Dearbhú Cáilíochta.

Ghlac Coláiste na Tríonóide páirt sa bhliain 2015/16 sa cheathrú bliain de Shuirbhé na hÉireann maidir le Rannpháirtíocht na Mac Léinn agus leantar den obair ar mhaithe leis an mbeartaíocht sin faoin Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go dtí an bhliain 2030. Bhí an Ollscoil páirteach chomh maith i suirbhé Bharaiméadar na Mac Léinn Idirnáisiúnta. Tagann an fhorbairt straitéiseach a dhéantar d'fhonn feabhas a chur ar a dtaithíonn an mac léinn idirnáisiúnta, ag teacht le Cód Cleachtais an QQI maidir le Clár Oideachais agus Oiliúna a chur ar fáil d'Fhoghlaimoirí Idirnáisiúnta (arna fhoilsíú i mí Iúil 2015) faoi anáil thorthaí na suirbhé sin.

Ar na réimsí a raibh béim orthu i rith na bliana 2015/16 maidir le cúrsaí forfheabhsúcháin, bhí (i) An Próiseas maidir leis an Scrúdaitheoir Seachtrach; (ii) na próisis maidir le Cúrsaí Nua a Leagan Amach agus a Cheadú; agus (iii) an fhorbairt ar thuairisc chaighdeánaithe maidir le dul chun cinn agus coinneáil an 'Duine Nua Isteach' i gcás SITs.



2. Oideachas*

2.1 Pobal na Tríonóide

Is pobal scoláirí Coláiste na Tríonóide lena n-áirítear mic léinn, foireann acadúil agus foireann riaracháin. Is cuid lárnach de shainiúlacht Choláiste na Tríonóide an iléagsúlacht agus tagann mic léinn agus baill foirne as gach áit ar fud an domhain le cúla agus taithí socheacnamaíochta de gach cineál.

17,511 mac léinn fochéime agus iarchéime a bhí cláraithe sa bhliain 2015/2016. Ba d'oiléan na hÉireann thart ar 79% acu sin, ba as tíortha eile de chuid an AE 9%, ba as Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Láir 5% agus ba as áiteanna eile ar fud an domhain 7% (lena n-áirítear tíortha san Eoraip nach tíortha de chuid an AE iad). Sa bhliain 2015/16, ba mhná 58% de na mic léinn agus b'fhir 42%. 12,742 (73%) a bhí cláraithe ar chláir fochéime agus 4,769 (27%) ar chláir iarchéime.

Tá mic léinn le gach cineál cúla socheacnamaíochta agus mic léinn de gach aoisghrúpa le háireamh ar phobal na mac léinn. Le blianta beaga anuas, tá an Coláiste ag cur leis líon na mac léinn neamhthraidisiúnta a ghlactar isteach, lena n-áirítear mic léinn atá faoi mhíchumas, agus mic léinn lánfhásta. Sa bhliain 2015, ba mhic léinn neamhthraidisiúnta 20% díobh siúd ar fad ón CAO, agus ba mhic léinn lánfhásta 18% acusan.

2.2S taitisticí Iontrála

Sa bhliain 2015, le Coláiste na Tríonóide a rinneadh 7,816 (11%) de na hiarratais chéadrogha i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO). B'ionann sin agus ardú 5% ar 7,437 sa 2014.

As na 70,476 duine a rinne iarratas ar chúrsaí Leibhéal 8 in institiúidí ardoideachais na hÉireann tríd chóras an CAO sa bhliain 2015, luaigh 18,169 Coláiste na Tríonóide maidir le cúrsa amháin ar a laghad dá rogha cúrsaí, ardú 2% i gcomórtas leis an mbliain 2014 nuair a bhí 17,795 i gceist. Is ag Coláiste na Tríonóide atá an dara líon is airde d'iarratais chéadrogha sa tír, agus an líon is airde d'iarratais chéadrogha i gcomparáid leis an líon áiteanna atá ar fáil.

Bronnadh 'Gradaim Taispeántóirí Iontrála' speisialta ar 460 mac léinn sa chéad bhliain i mí na Samhna 2015. Ghnóthaigh na mic léinn sin 560 pointe nó níos mó i scrúdú na hArdteistiméireachta nó i scrúdú dara leibhéal dá leithéid san AE. Ba mhic léinn Ardteistiméireachta 424 acu, ba mhic léinn A-leibhéal 22 agus cáilíocht eile de chuid an AE a bhí ag 14.

Rinne Coláiste na Tríonóide tástáil thriallach ar chóras nua iontrála maidir le trí cinn de na cúrsaí is mó a mbíonn éileamh orthu mar chuid de staidéar féidearthachta sa bhliain 2014 a chuirfear ar fáil d'earnáil an oideachais tríú leibhéal ar fad. Reáchtáil Coláiste na Tríonóide an beart tástála seo i gcomhar leis an CAO, i ndáil le Stair, Dlí agus Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach. Ba é chuspóir leis a fheiceáil an bhféadfaí bealach níos fearr agus níos cothroime a fhorbairt maidir le hiarratasóirí ar choláiste a thabhairt chun suntais agus a ligean isteach. 242 iarratas a rinneadh ar an 25 áit atá ar fáil maidir leis na hábhair (Stair, 10), (Dlí, 10), agus (Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach, 5) i mí Meán Fómhair 2015.



Simbiat Anike Sanni as Manchain, atá ag tabhairt faoi Eolaíocht Fiaclóireachta, buaiteoir ghradam an Taispeántais Iontrála, ag ceiliúradh in éineacht leis an Leas-Phropast agus Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan

2.3 Clár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann

D'eagraigh Coláiste na Tríonóide an chéad ócáid chaidrimh do phríomh-mháistrí, do phríomhoidí agus do mhúinteoirí gairmthreorach as Tuaisceart Éireann i Lios na gCearrbhach i mí Aibreán 2016. Tionscnamh a bhí anseo a thagann faoi Chlár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann. Ar na bearta eile a rinneadh faoi scáth an chlár sin, tugadh cainteanna agus rinneadh cur i láthair i scoileanna agus freastalaíodh ar aontaí scoile, ar aontaí réigiúnacha agus ar aontaí móra gairme de leithéid UCAS le trí bliana anuas.

Tá de thoradh ar an mbeartaíocht caidrimh sin, mar aon le hathrú ar an scóráil maidir leis an gcóras iontrála d'iarratasóir le A-leibhéal, go raibh ardú beagnach 20% ar líon na n-iarratais le Coláiste na Tríonóide as Tuaisceart Éireann i rith na bliana 2016.

Tháinig 21 scoil as gach áit i dTuaisceart Éireann chuig an ócáid chaidrimh agus faisnéise. Chuir an Léachtóir Sinsearach / Déan an Léinn Fochéime agus Oifigeach Earcaíochta na Mac Léinn réimse leathan de phlé painéil ar siúl ag a ndearna baill den fhoireann acadúil, mic léinn agus alumni de chuid Choláiste na Tríonóide, arbh as Tuaisceart Éireann iad ar fad, cur i láthair.



Scoláire nua Áine Kennedy atá i mbun staidéir ar Eolaíocht

2.4 Scoláireachtaí

Gné sheanbhunaithe de chuid an Choláiste a bhfuil stair fhada agus ardghradaim ag baint léi is ea an Scoláireacht Fondúireachta agus is gné shainiúil í de shaol an mhic léinn i gColáiste na Tríonóide. Tá scoláireacht i gColáiste na Tríonóide ar an ngradam fochéime is airde stádas sa tír, agus is gradam é gan amhras ar bith a chuidigh le nasc fadleanúnach a chothú idir cuid mhór céimithe den scoth agus an Ollscoil. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá aghaidh a thabhairt ar an sárchaighdeán: tá an Scoláireacht ar cheann de na comharthaí is soiléir ina leith sin.

Bronnadh Scoláireachtaí ar 51 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2016 maidir leis an mbliain acadúil 2015/16. Bronnadh scoláireachtaí ar mhic léinn i ngach ceann de na Dámha: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (20); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (15); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (13); agus níos mó ná aon Dámh amháin (3).

2.5 An Curaclam – Cúrsaí Nua

Cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas ag tús na bliana acadúla 2015/16 (gan cúrsaí ar líne a thabhairt san áireamh):

Cúrsaí larchéime

- Teastas larchéime sa Smaointeoireacht Chruithaitheach, sa Nuálaíocht & san Fhiontraíocht
- MSc sa Bhainistíocht
- Máistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Luathóige) – Institiúid Oideachais Marino arna dhaingniú
- Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) - Institiúid Oideachais Marino arna dhaingniú
- MPhil sa Cheol agus i dTeicneolaíocht na Meán Cumarsáide
- MPhil i Léann na Síne
- MPhil i Múineadh an Bhéarla
- MSc / Dioplóma larchéime sa tSláinte Meabhrach - Sraith an Linbh, an Ógánaigh & an Teaghlaigh
- MSc / Dioplóma larchéime sa tSláinte Meabhrach - Sraith na hIdirbheartaíochta Síceashóisialta
- MSc sa tSíceolaíocht (Cúrsa Tiontaithe)



2.6 Bronnadh Céimeanna, Céadonóracha agus Boinn Óir



Rory O'Neill, Tomas Reichental, An tAthair Peter McVerry, An Seanadóir David Norris agus Graca Machel ar bronnadh Céim Oinigh orthu in éineacht leis an bPropast, an Dr Patrick Prendergast agus Seansailéir na hOllscoile Mary Robinson

Bronnadh 4,878 céim (2,979 bunchéim agus 1,899 ardchéim) ag 34 searmanas éagsúil bhronnadh na gcéimeanna i rith na bliana 2015. Fuair cúig chéad agus a deich mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúdaithe céime sa bhliain 2015/16 agus bronnadh Bonn Óir ar 100 céimí acu sin.

Tharla céimeanna oinigh a bhronnadh le linn Shearmanais bhronnadh na gcéimeanna ar an 27 Samhain 2015 agus an 26 Meitheamh 2016. Bronnadh Céim Oinigh ag Searmanas an Gheimhridh ar an ealaíontóir Panti Bliss, ar an Seanadóir David Norris, ar an bhfear feachtais maidir le cúrsaí sóisialta an tAthair Peter McVerry, ar Tomi Reichental a tháinig slán ón Uileoscadh agus ar Graça Machel, bean polaitíochta agus daonnúlachta na Mósaimbíce.

Ag Searmanas Bhronnadh na gCéimeanna an tsamhraidh, bronnadh Céimeanna Oinigh ar an Ollamh Peter Higgs, buaiteoir Ghradam Nobel agus duine de na fisiceoirí is mó le rá ar domhan tar éis dó Higgs Boson a thabhairt chun suntais, ar na húdair iomráiteacha JP Donleavy agus Lia Mills, agus ar an mbean feachtasaíochta maidir le cearta an duine, Hina Jilani. Bronnadh Céim Mháistreacht Oinigh sna Dána ar Joe Veselsky, atá 97 bliain d'aois agus ar an mac léinn is sine de chuid Choláiste na Tríonóide.

Bhí dhá mhac léinn is dhá fhichead a chríochnaigh cúrsa san Acadamh Nuálaíochta idir ollscoileanna i rith na bliana 2016. Bronnadh Teastas Iarchéime sa Smaointeoireacht Chruthaitheach, sa Nuálaíocht agus san Fhiontraíocht ar na mic léinn seo a raibh mic léinn dochtúireachta as Coláiste na Tríonóide agus as Ollscoil na Ríona, Béal Feirste ina measc chomh maith le mic léinn iarchéime eile as Coláiste na Tríonóide agus as forais eile léinn. Ag teacht le straitéis na hOllscoile, ligeann an tAcadamh Nuálaíocht do mhic léinn caidreamh a dhéanamh le lucht fiontraíochta agus nuálaíochta ionas go gcothaítear cultúr cruthaitheachta agus nuálaíochta san

ollscoil. Is é an toradh ba mhaith linn a bheith ar chlár an Acadaimh Nuálaíochta go gcruthófaí meon cóiriúil trínar féidir leis na mic léinn gnó dá gcuid féin a fheiceáil rompu mar rogha eile seachas an fhostaíocht nó an breis staidéir. Cuirtear cláir creidiúna maidir le smaointeoireacht dearthóireachta, torthaí taighde a chur in iúl, pleanáil fiontair agus fiontraíocht ar fáil san Acadamh Nuálaíochta do mhic léinn de gach disciplín, ar mhaithe le leas eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir. d cultural benefit.

2.7 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Tá réimse tionscnamh ag baint le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar ráta rannpháirtíochta dhaoine fásta óga agus dhaoine lánfhásta as grúpaí socheacnamaíochta tearcionadaíochta a ardú i measc mic léinn tríú leibhéal. Cuireadh na cláir ar bun mar chuid de straitéis ghinearálta chun díriú ar rátaí ísle maidir le dul chun cinn go dtí an tríú leibhéal i measc dhaltaí as grúpaí socheacnamaíochta faoi leith agus is léir orthu misean sóisialta na hOllscoile á chur i bhfeidhm.

Is mar gheall ar chomhpháirtíocht ríthairbheach le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh, mic léinn, lucht foirne Choláiste na Tríonóide, gnólachtaí, grúpaí pobail agus forais ardoideachais eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, atá oiread den rath ar bhonn leanúnach ar TAP.

Faigheann TAP cistí ón Údarás um Ardoideachas TAP tríd an gCiste maidir le Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó roinnt daoine príobháideacha agus ó chomhlachtaí. Cuireann na cistí sin bonn treise faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Caidreamh Seachtrach le Scoileanna agus le Pobail
- Cúrsaí Ullmhúcháin Réamhollscolaíochta: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide
- Cúrsaí Páirtnéireachta sna Saorealaíona: Coláiste na Tríonóide agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB)
- An Clár maidir le Dul chun Cinn tar éis na hIontrála
- Taighde agus Measúnú
- Tionscadal Rochtana 21 Choláiste na Tríonóide

Chuaigh 256 duine isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2015/16.

Trí cheangal a chothú le breis is 40 bunscoil agus scoil dara leibhéal ar lag an traidisiún iontu maidir le dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, chuir TAP, i gcomhar le timpeall is 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis líon is mó ná 3,500 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i mbearta ar an gcampas i rith na bliana 2015/16.

Áirítear orthu sin Clár Scoláirí sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht do dhaltaí rang a 6, Lá an Leighis do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí chomh maith le Laethanta Tionlacain agus Scoileanna Samhraidh. Chothaigh TAP caidreamh freisin le níos mó ná 2,800 mac léinn agus múinteoir le ceardlanna in ionaid seachas ar an gcampas. Mar chuid den chlár TA21, thug daoine den fhoireann faoi 44 cuairt ar 1,100 dalta i scoileanna ionas go ndearnadh freastal do chlár meantóireachta a thabhairt chun cinn i ngach ceann den 11 scoil a bhaineann le TA21.

Cuirtear bearta cunta éagsúla, gníomhaíocht agus cláir gairmthreorach san áireamh, ar fáil faoi TAP freisin tar éis don mhac léinn tosú ar Choláiste na Tríonóide, chomh maith le cúnamh airgid a chur ar fáil do mhic léinn fochéime ar trí mhodhanna malartacha iontrála a tháinig siad isteach i gColáiste na Tríonóide. Thug Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide cúnamh do 978 mac léinn a bhí ag tabhairt faoi chúrsaí bunchéime i gColáiste na Tríonóide i rith na bliana 2015/16. Tá suntas á thabhairt go hidirnáisiúnta dá fheabhas atá ag éirí leis na cláir agus tá TAP ag obair i gcomhar le Lady Margaret Hall in Oxford chun an chéad bhunchlár riamh do dhaoine fásta óga in Oxford a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

2.8 Gradaim Teagaisc an Phropaist



An tOllamh Michelle D'Arcy, an Dr Shane Bergin agus an tOllamh Kevin Kelly ar bronnadh Gradam Teagaisc an Phropaist orthu in éineacht leis an bProspast an Dr Patrick Prendergast

Is iad Gradaim Teagaisc an Phropaist an modh is tábhachtaí atá ag an Ollscoil chun aitheantas a thabhairt do dhaoine den fhoireann acadúil a dhéanann tairbhe faoi leith maidir le feabhas teagaisc a bhaint amach i gColáiste na Tríonóide agus a chuireann an teagasc chun cinn mar chuid de bheartaíocht an scoláire.

Is iad na daoine ar bronnadh gradam orthu i rith na bliana 2016 an Dr Shane Bergin, Scoil na Fisice (Gradam Tús Gairmré), an tOllamh Michelle D'Arcy, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta (Gradam Tús Gairmré) agus an tOllamh Kevin Kelly, Scoil na hInnealtóireachta. Tugadh aitheantas don uile dhuine a fuair gradam as ucht a gcuid dúthrachta maidir leis an teagasc agus le feabhas na foghlama.

2.9 Oideachas Ar Líne

Bhain an chéad dream mac léinn ar líne (37) de chuid Choláiste na Tríonóide Dioplóma sa Staidéar Sóisialach Feidhmeach amach i mí na Samhna 2015, ócáid shuntasach maidir le hoideachas ar líne a chur ar fáil sa Choláiste. Ba í sin an chéad chéim maidir le sprioc na hOllscoile, 1,000 mac léinn ar líne, a bhaint amach faoin mbliain 2019.

I mí Meán Fómhair 2015, thug Coláiste na Tríonóide isteach dream nua mac léinn ar cúig cinn de chúrsaí iarchéime atá ar líne go hiomlán maidir le Staidéar Sóisialta, Néaltrú, Radaiteiripe, Bainistíocht Priacail agus Cleachtas Clinice. Rinneadh na cúrsaí sin a thabhairt chun cinn i gcomhar le comhlacht nua Trinity Online Services Limited. Tá Coláiste na Tríonóide ag leanúint den dúthracht maidir le hoideachas ar líne agus méadú ar líon na mac léinn ar fud an domhain atá ag tabhairt faoi chúrsaí oideachais de chuid Choláiste na Tríonóide san áit ar mian leo sin agus ag an tráth ar mian é.

Chomh maith leis na cúig chlár iarchéime ar líne, leanann Coláiste na Tríonóide den fhorbairt ar Mhórchúrsaí Ar Líne (MOOC) i gcomhar le lucht léinn an Choláiste agus Futurelearn. Cuireadh dhá chúrsa nua MOOC le chéile maidir le Straitéisí chun Dul in Aois go Maith agus Aclaíocht a Roghnú chun Galar a Sheachaint agus a Leigheas. Chláraigh níos mó ná 45,000 foghlaiméoir ar na cúrsaí nua seo chomh maith leis na cúrsaí MOOC a bhí ar fáil cheana féin maidir le Stair na hÉireann. Treisíonn na cúrsaí MOOC leis an gcaidreamh leis an ngnáthphobal, tugtar deis torthaí taighde a chur i láthair agus spreagtar nuálaíocht maidir leis na modhanna teagaisc.

Tá Coláiste na Tríonóide ag tabhairt faoi fhorbairt nuálaíochta ar líne de chineálacha eile chomh maith maidir leis an bhfoghlaim ilchineáil leis an Institiúid Dhomhanda maidir le Sláinte Inchinne, tionscnaimh maidir le babhtáil seomraí ranga i ndáil le Scoil na Bithcheimice agus Imdhíoneolaíochta, agus nuálaíocht i gcúrsaí teagaisc le Scoil na Fiseolaíochta.

Bhí an roinn ar líne gníomhach i gcúrsaí taighde chomh maith agus cuireadh cúig cinn de shaothair acadúla ar fáil i rith na bliana 2015/16.

2.10 Comhaontuithe Idirnáisiúnta



Mic léinn idirnáisiúnta in Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide

Lean Coláiste na Tríonóide den chlár malartú mac léinn, i ndáil le gach cuid den choláiste, a leathnú agus cuireadh ocht gcinn de shocrúithe malartaithe nua ar bun ionas gur ionann líon na socrúithe malartaithe le hollscoileanna ardleibhéil ar fud an domhain taobh amuigh den AE is 35 faoin tráth seo. Is iomaí deis atá ann ag mic léinn staidéar a dhéanamh thar lear sna hollscoileanna is fearr san Áise (mórthír na Síne agus Hong Kong san áireamh chomh maith le Singeapór, an tSeapáin agus an Chóiré) agus tugtar cúnamh don mhac léinn le Sparánacht Taistil an Phropaist chun na háise trína nglantar roinnt den chostas a bhaineann leis.

Tá Coláiste na Tríonóide anois ina bhall den Chuibhreannas maidir le hArdléann thar Lear (CASA) agus rinneadh riar ar Chruinniú Boird 2016 i mBaile Átha Cliath i mí Meitheamh 2016. Cuibhreannas neamhbhrabúis atá in CASA lena mbaineann naoi gcinn de na hollscoileanna is mó le rá ó thaobh taighde sna Stáit Aontaithe, Harvard, Brown agus Columbia ina measc. Cuireadh an cuibhreannas ar bun ionas go mbeadh córas ann do ghluaisteacht idirnáisiúnta na mac léinn trí lárionaid staidéir a bhunú ar fud an domhain. Fágfaidh an bhallraíocht in CASA go bhféadfaidh mic léinn Choláiste na Tríonóide staidéar a dhéanamh thar lear in éineacht lena gcomhghleacaithe as ballcholáistí eile in CASA in ionaid éagsúla ar fud an domhain agus i gcomhar leis na hollscoileanna is fearr sna háiteanna sin. Meastar go mbeidh an chéad dream mac léinn CASA de chuid Choláiste na Tríonóide le buíon CASA i Havana i mí Eanáir 2017.

Tar éis ceithre bliana den chomhar tairbheach leis an Singapore Institute of Technology (SIT), agus 421 céimí ar chlár san Fhisiteiripe, sa Teiripe Shaothair, sa Radagrafaíocht Dhiagnóiseach agus sa Radaiteiripe, tá an Ollscoil ag cur tús leis an gcéad chomhchlár céime le SIT agus tá 100 mac léinn cláraithe leis an gcúrsa a thosú i mí Meán Fómhair 2016.

Tá páirtnéireacht shuntasach aontaithe idir Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Thapar i bPunjab na hIndia. Tá comhabheartaíocht i gceist maidir le clár bunchéime agus taighde san Innealtóireacht agus san Eolaíocht Ríomhaireachta. Mar chuid den chomhar seo, tá Ollscoil Thapar ag tabhairt churaclam na hollscoile sin le curaclam Choláiste na Tríonóide agus fágfaidh sin gur féidir clár cónasctha a chur ar bun trína dtiocfaidh 40 mac léinn as ollscoil Thapar isteach sa tríú bliain i gColáiste na Tríonóide chun a gcúrsa céime san innealtóireacht agus san eolaíocht ríomhaireachta a chríochnú. Gné ríthábhachtach den chomhar páirtnéireachta beirt ollúna a cheapadh a thabharfaidh saothar taighde i gcomhar idir an dá fhoras léinn chun cinn.

Rinne Coláiste na Tríonóide leathnú i rith na bliana 2016 ar an tionscnamh idirnáisiúnta rochtana agus rannpháirtíochta trí Bhunchlár Idirnáisiúnta nua a fhorbairt a chuirtear ar fáil trí chomhar straitéiseach le hInstitiúid Oideachais Marino, comhcholáiste de chuid na hOllscoile. Thug lucht léinn Choláiste na Tríonóide an Bunchlár chun cinn mar bhunbhliain réamhullmhúcháin do mhic léinn ón iasacht ionas go bhféadfaidís leanacht ar aghaidh agus tosú ar chúrsaí bunchéime i ngach ceann de na dámha. Tá fiche mac léinn as an tSín, an Chóiré Theas, an Mhalaeisia, an Nigéir, Bairéin, an Araib Shádach agus Cuáit cláraithe ar an gcéad bhliain den chlár.

Shínigh Coláiste na Tríonóide meamram comhthuisceana le Rialtas Chathair Sejong maidir le deiseanna d'obair i gcomhar idir Coláiste na Tríonóide, forais léinn na Cóiré Theas agus lucht tionsclaíochta a scrúdú. Tá leagtha amach go ndéanfaidh an pháirtnéireacht seo an cás maidir le campas i gcomhar le hollscoileanna de chuid na Cóiré Theas a chur ar bun i Sejong, príomhchathair nua riaracháin na tíre, a scrúdú agus a thabhairt chun cinn. Ar na príomhréimsí léinn don chomhar i gcúrsaí oideachais agus taighde, tá na heolaíochtaí sláinte agus bithleighis chomh maith leis na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta. Chomh maith leis an gcomhar i gcúrsaí léinn, tá scrúdú le déanamh freisin maidir leis an deis páirtnéireacht a chothú le lucht tionsclaíochta i réimse na bith-theicneolaíochta.

3. Eispéireas an Mhic Léinn

Téann 'Eispéireas Choláiste na Tríonóide' níos faide ná an curaclam agus tagann san áireamh clubanna agus cumainn na mac léinn a chuidíonn leis an mac léinn a ullmhú don saol a mbaineann ceannaireacht agus rannpháirtíocht phoiblí leis. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta chomh maith.

3.1 Seirbhísí Tacaíochta don Mhac Léinn

Is é an dúthracht maidir le forbairt intleachtúil agus le forbairt phearsanta an uile mhac léinn bun agus barr bheartaíocht uile na hOllscoile. D'fhothn cur lena dtaitheann an mac léinn, cuireann na seirbhísí tacaíochta réimse leathan seirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear Cóiríocht, Clárann Acadúil, Lónadóireacht, Forbairt Fhoghlaim an Mhic Léinn, Seirbhís na nOidí, Seirbhís Chomhairleach na Mac Léinn Iarchéime, Lárionad Sláinte an Choláiste, Seirbhísí Comhairleoireachta, Seirbhís do Dhaoine faoi Mhíchumas, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Gairmthreorach, Naíolann an Choláiste agus an Rannóg Spóirt. Cinntítear leis na seirbhísí sin go ndéantar soláthar do leas na mac léinn agus don fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus mothúcháinach ar bhealach cothrom uilechuimsitheach.



Ina measc sin ar bronnadh scoláireachtaí Spóirt orthu bhí Prakash Vijayanath, Badmanton, Brian Foley, Peil Cumainn, Brian Du Toit, Rugbaí, Sally O'Brien, Iomramh, Anna May Whelan, Haca (ina suí), Daragh O'Donoghue, Iomáint, Aisling Smith, Cadhcadóireacht, Robbie Clarke, Haca (ina shuí) agus Michael O'Grady, Peil Ghaelach

3.2 Gnóthachtáil na Mac Léinn

Chruthaigh na mic léinn agus cumainn na mac léinn go maith i réimsí éagsúla i rith na bliana acadúla 2015/16.

Tugtar aitheantas le Rolla Onóra Dhéan na Mac Léinn don fhoghlaim a ghnóthaítear trí obair dheonach comhchuraclaim de chineálacha éagsúla. Tháinig níos mó ná 200 iarratas i rith na bliana 2015/16 maidir le Rolla Onóra Dhéan na Mac Léinn agus tugadh aitheantas do 30 mac léinn maidir le Gradam Ceannaireachta an Déin agus do 65 mac léinn maidir le Liosta an Déin. Tugadh cuireadh do Cholm O'Gorman, stiúrthóir feidhmiúcháin Amnesty International Ireland, a bheith ina aoichainteoir agus labhair seisean faoin tionchar a bhí ag obair dheonach a dhéanamh ar an bhforbairt a tháinig air féin chomh maith leis an bpobal.

Rinne an fiontraí Finn Murphy, atá ina mhac léinn, cárta aitheantais mhic léinn Choláiste na Tríonóide don fhón cliste a fhorbairt, ón gcéad smaoineamh go raibh ina tháirge, i gcomhar le Seirbhísí TE Choláiste na Tríonóide. Is é seo an chéad chárta dá leithéid in Éirinn agus tá Coláiste na Tríonóide ar an gcéad ollscoil in Éirinn a sheol cárta aitheantais digiteach don mhac léinn. Cuireadh iDly, an chuideachta atá ag Finn, ar bun chun Cárta Aitheantais Digiteach Choláiste na Tríonóide a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur ar bhonn tráchtála.

Toghadh Lynn Ruane, Uachtarán Aontas na Mac Léinn 2015/16, ina Seanadóir den chéad uair i mí Aibreán 2016. Tháinig Lynn isteach i gColáiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana an Choláiste tar éis di an scoil a fhágáil nuair a bhí sí cúig bhliana déag agus rinneadh Uachtarán Aontas na Mac Léinn di agus í ag tabhairt faoi bhunchéim sa pholaitíocht agus san eacnamaíocht. Tá sí an-tugtha do dheiseanna níos leithne ar oideachas a chur ar fáil agus seasann sí leis an ngluaiseacht in aghaidh tháillí do mhic léinn.

Tá Haytham Assem, atá i mbun taighde do chéim PhD i Lárionad ADAPT maidir le Teicneolaíocht Ábhair Dhigítigh, ar an duine is óige riamh – in aois a shé bhliana fichead – ar bhronn IBM an teideal 'Master Inventor' air. Is daoine eiseamláireacha ag pobal na teicneolaíochta agus na heolaíochta na daoine a mbronntar an teideal sin orthu agus iad gníomhach i mbun aireagóireachta agus líon suntasach paitinní le lua leo, i mbun meantóireachta maidir le haireagóirí nua agus i mbun a gcuid saíneolais a chur chun tairbhe ionas go gcuirtear leis an aird ar Mhaoin Intleachtúil agus leis an bhfiúntas atá as do IBM agus do na haireagóirí féin.

Chuaigh beirt mhac léinn Máistreachta san Innealtóireacht, Niall Williams agus Giacinto Rittgers, i mbun oibre le Ferrari i ndáil le bearta nuálaíochta a fhorbairt don chomhlacht iomráiteach carranna sin a bhainfidh leis an gcarr spóirt den chéad chineál eile. Tugadh cuireadh dóibh sé mhí a chaitheamh i mbun forbartha ar choincheap maidir le fonnadh hibrideach alúmanaim/snáithín carbóin agus leis an ídiú fuinnimh is fearr a d'fhéadfaí ionas go laghdaítear meáchan an chairr oiread agus is féidir.



Hilary Lesson agus Carla King-Molina ar bronnadh Gradam Ceannaireachta an Déin orthu in éineacht le Colm O'Gorman, Amnesty International

Bhí de rath ar an taighde a rinne ceathrar mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, Julie Bates, Grainne McEvoy, Isabella Jackson agus Ailise Bulfin, gur bronnadh Gradam Charlemont de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann orthu. Deontas faoi leith a ghabhann le gradam Charlemont ó tharla ciste i gceist leo maidir le turas gairid taighde thar lear i ndáil leis an bpríomhobair thaighde, gan teorainn maidir leis an réimse léinn.

Bailíodh €52,000 ar Lá Leighis Choláiste na Tríonóide, lá bliantúil ar a ndéanann mic léinn leighis Choláiste na Tríonóide bailiúchán airgid. Sáraíodh an tsuim €46,000 a bailíodh sa bhliain 2014. Ritheadh ócáid na bliana 2015 ar mhaithe le tionscnamh 'Target Lung Cancer' Ospidéal San Séamus; meaisín ultrafhuaime do Roinn na Réamaiteolaíochta in Ospidéal Thamhlachta; agus Meaisín Cunta maidir le Casacht do na hothair san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin. Cuireadh roinnt den airgead a bailíodh i leith Chlár Rochtana Choláiste na Tríonóide chomh maith.

Bhí Seachtain Bailiúcháin agus Tabhartais (RAG) na bliana 2015 ar an gceann is fearr ar éirigh léi go fóill. Aontas na Mac Léinn agus Oibríthe Deonacha Choláiste na Tríonóide a bhí i mbun a eagraithe agus bailíodh níos mó ná €23,500, deontas dúshlán €10,000 de chistíocht meaitseála san áireamh arna chur ar fáil as deontais alumni. Cothaíodh aird i rith RAG Week ar 13 carthanas de chuid Choláiste na Tríonóide a chuireann bonn treise faoi oideachas na mac léinn agus faoin gcaidreamh leis an tsochaí, chomh maith le hairgead a bhailiú dóibh.

Bhronn Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta Scoláireachtaí Grattan ar thriúr mac léinn iarchéime den scoth as an Airméin, an Ostáir agus Éirinn: Gayane Vardanyan, Katharina Bergant agus Egle Gusciute. Rinne an Scoil, anuas ar an méid sin, Comhaltacht Grattan le Cúnamh an IRC a bhronnadh ar Chian Allen.

Bronnadh seasca scoláireacht spóirt maidir le 13 spórt éagsúil ag searmanas ghradam spóirt na bliana 2015/16 le hurraíocht ó Bhanc na hÉireann. Orthu siad a ndearnadh bronnadh orthu, bhí lúthchleasaithe a ghlac páirt i gCluichí an Chomhlathais Victoria Mullin (Aerphiostal) agus Prakash Vijayanath (Badmantan); Anna May Whelan atá sa cheathrú bliain le Cógaisíocht agus a d'imir ar fhoireann sinsir Hacaí na hÉireann; Ayman Ben Mohamad atá sa tríú bliain BESS agus a roghnaíodh ar fhoireann idirnáisiúnta sacair na Túinéise; peileadóirí ar fhoirne sinsir idirchontae Tiaran Daly (Fear Manach) agus Michael O'Grady (Cill Dara); Eoghan McNamara, buaiteoir bhonn Uile-Éireann Faoi 21 san iománaíocht atá sa chéad bhliain; agus triúr den chriú a bhuaigh an chéad chraobh Náisiúnta don Cheathrar Sinsearach do Choláiste na Tríonóide le dhá bhliain déag, Sally O'Brien, Aoife Leahy agus Gillian Crowe; agus beirt mhac léinn as Ionad an Choláiste don Chuimsitheacht agus don Mhíchumas Intleachtúil, Maeve Phillips, a bhuaigh boinn snámha ag Craobh na hEorpa agus ag Craobh an Domhain do dhaoine le Siondróm Down agus Fiachra Costello, a bhfuil bonn Uile-Éireann buaite aige i bpeil na mionúr. Bronnadh 30 scoláireacht rugbaí freisin le linn an tsearmanais agus bhí toradh air sin nuair a ghnóthaigh an Chéad Fhoireann Rugbaí ardú céime go Roinn 1A agus nuair a fuair siad an lámh in uachtar sa chluiche bliantúil in aghaidh fhoireann láidir de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Ar na buaicphointí eile a bhain le clubanna agus cumainn na mac léinn i rith na bliana, bhí siad seo a leanas:

- Chuir an Cumann Fealsúnachta (The Phil) fáilte roimh chainteoirí éagsúla thar tír isteach, ina measc Joe Biden, iar-Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe, Tim Cook, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Apple, Ed Catmull, an té a bhunaigh Pixar agus Uachtarán Walt Disney Animations, chomh maith le Fabiola Gianotti, an chéad bhean riamh a bhí ina stiúrthóir ar CERN
- Tugadh aitheantas náisiúnta do bhearta na mac léinn ag Gradaim Éachtaí Mhic Léinn na hÉireann 2016: bronnadh an gradam d'Fheachtas Leasa na Bliana ar Fheachtas Toilteanais Aontas na Mac Léinn; bhuaigh Edmund Heaphy, eagarthóir University Times, an gradam d'Iriseoir na Bliana agus bronnadh an gradam d'fhoilseachán na bliana ar University Times féin.
- Bhuaigh an cumann Camógaíochta Corn trí Chraobhchomórtas Uile-Éireann an Athar Uí Mheachair a bhuachaint.
- Bhuaigh foireann na céad bhliana craobh Uile-Éireann Roinn a Dó sa Pheil Ghaelach.
- Ní bhfuarthas an ceann oiread is aon uair amháin ar Fhoireann Sinsir na bhFear sa Rábháíocht Ochtair. Thug siad an lá leo ag cúig cinn de gheallta, ag Craobhchomórtas na nOllscoileanna agus ag Craobhchomórtas Náisiúnta na hÉireann.
- Bhuaigh Foireann Sinsir na mBan trí cinn de gheallta agus bhuaigh Foireann Sinsir na mBan sa Rámháíocht Ceathrair an Craobhchomórtas Náisiúnta.



4. Bearta Taighde

4.1 Téamaí Taighde

Tá de cháil ar Choláiste na Tríonóide go bhfuiltear ar cheann de na hollscoileanna is mó a leagtar béim ar an taighde iontu ar fud an domhain agus leantar ag díriú ar cheisteanna a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sochaí agus ó thaobh na heacnamaíochta ar fud an domhain. Díreann le straitéis taighde na hollscoile ar réimsí ildisciplíneacha a thabhairt chun cinn ina bhfuil líon cinniúnach taighdeoirí de scoth an domhain i gColáiste na Tríonóide, faoi mar is gá ionas gur féidir saothar taighde a dhéanamh a bhfuil tábhacht domhanda leis.

Ar na téamaí taighde a dtugtar tús áite dóibh agus a bhfuil taighdeoirí Choláiste na Tríonóide ag díriú orthu, tá dul in aois, naineolaíocht, teileachumarsáid, néareolaíocht, claochlú ar aitheantas an duine, ailse, agus cothú na hÉireann. Is réimsí iad sin trína dtugtar aghaidh ar cheisteanna nach amháin go bhfuil siad ina n-ábhar imní faoi láthair agus go fadtéarmach ag an tsochaí ach go mbaineann deis forbartha chomh maith leo ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta san am atá romhainn. Fágann díograis na hollscoile maidir le hoideachas atá bunaithe ar an taighde go mbíonn taithí ag na mic léinn ar cheannródaíthe ina réimse léinn féin, ar an eolas agus ar an smaointeoireacht is nua, agus ar oideachas lena mbíonn béim ar scileanna anailíse agus ar smaointeoireacht chruthaitheach, agus go mbíonn deis ag na mic léinn raon leathan scileanna a thabhairt chun cinn trí dhul i mbun taighde dá gcuid féin.

Tá an sárfeabhas seo maidir le cúrsaí taighde ina bhonnchloch faoi Straitéis Nuálaíochta agus Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide. Tá an obair taighde lárnach maidir le smaointe nua a thabhairt chun cinn a bhainfeadh croitheadh as cúrsaí mar atá agus a bheadh ina mbonn faoi ghnó leanúnach san am atá romhainn. Tá an lón eolais a chruthaítear i gColáiste na Tríonóide buntábhachtach maidir leis an bhforbairt ar eacnamaíocht na hÉireann, mar atá maidir leis an oideachas atá ar fáil ag na mic léinn.

Tá sraith d'fhorais taighde ina mbonn treise faoi théamaí taighde Choláiste na Tríonóide agus an bonneagar is gá á chur ar fáil acu ionas gur féidir taighde idirdisciplíneach a dhéanamh chomh maith le caidreamh a chothú le páirtnéirí fiontraíochta agus le páirtnéirí sóisialta i gcomhar leis an 24 Scoil i gColáiste na Tríonóide.

Tá ról ceannródaíochta á chomhlíonadh ag Coláiste na Tríonóide maidir le bearta náisiúnta fadtéarmacha staidéir, lena n-áirítear taighde maidir le leanaí agus le dul in aois. Tá lárionaid náisiúnta, le cúnamh airgid ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar bun ar champas an Choláiste i ndáil le hábhar éirimiúlachta, le naineolaíocht agus le cúrsaí teileachumarsáide. Tá príomhfhórais taighde Choláiste na Tríonóide maidir le réimsí éagsúla, mar shampla néareolaíocht, eolaíocht bithleigheis agus na dána agus

na daonnachtaí, tagtha chun cinn ionas go bhfuil siad i measc na bhforas is fearr go hidirnáisiúnta. Tá Coláiste na Tríonóide páirteach i gcomhfhiontair náisiúnta taighde, mar shampla an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT).

4.2 Cistí Taighde

Tháinig ardú 8% go dtí €92.2m ar an gcaiteachas taighde sa bhliain 2015/16, rud a léiríonn a fheabhas a d'éirigh leis an Ollscoil dámhachtainí nua a ghnóthachtáil le roinnt blianta anuas, go háirithe ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ón AE. Is í seo an tríú bliain as a chéile ag an Ollscoil ardú ar an ioncam taighde a thuairisciú agus táthar 23.5% chun cinn i rith na bliana seo ar ar tuairiscíodh sa bhliain 2012/13. B'ionann luach na ndámhachtainí nua a socraíodh i rith na bliana 2015/16 agus €164m, ardú 56% ar an mbliain roimhe sin. Tugtar san áireamh leis an iomlán sin deontas €68m ó Atlantic Philanthropies mar mhaoiniú don Institiúid Dhomhanda maidir le Sláinte na hInchinn. Tá an deontas mórshuntasach sin ar an deontas daonchairdis is mó riamh i stair na hÉireann agus ar an deontas is mó riamh a fuair an Ollscoil.

Tá an meánranníocaíocht 18% i leith na gcostas indíreach ón mbeartaíocht taighde níos ísle i gcónaí ná an lánchostas eacnamaíochta a ghabhann leis an taighde a reachtáil agus, dá thoradh sin, tá fóirmhaoiniú á dhéanamh ar an mbeartaíocht taighde as an lárbhuiséad. Ní féidir leanúint ar an gcaoi sin.

Bhí 2,278 cuntas taighde i bhfeidhm i rith na bliana agus c. 1,400 duine ar chuir an bheartaíocht taighde bonn fúthu i rith na bliana 2015/16.

Foinse an Chiste Taighde	An bhliain dár críoch an 30 Meán Fómhair 2016
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	44%
Fiontar Éireann	5%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	2%
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	7%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	18%
Eile	24%

4.3 Scoláireachtaí agus Gradaim a Gnóthaíodh



Ollamh le Síceolaíocht Choláiste na Tríonóide, Ian Robertson, Mary Sutton, Stiúrthóir Tíre, The Atlantic Philanthropies, An Taoiseach, Enda Kenny, TD, Helen Rochford Brennan, Cathaoirleach Ghrúpa Oibre na hÉireann um Néaltrú agus an Dr Patrick Prendergast, Propast ag fógra Institiúid Domhanda na Sláinte Inchinne (GBHI)

Lean baill foirne Choláiste na Tríonóide de chruthú go sármhaith i mbun a gcuid taighde agus bronnadh gradaim agus deontais náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu dá bharr sin. Seo a leanas roinnt de na gradaim a bhain taighdeoirí Choláiste na Tríonóide amach:

Tugadh an tabhartas carthanachta is mó riamh i stair na hÉireann, chun dul i ngleic leis an néaltrú, do Choláiste na Tríonóide i mí na Samhna 2015. Leis an deontas mórshuntasach €138.4m ó The Atlantic Philanthropies le Coláiste na Tríonóide agus leis an University of California, San Francisco (UCSF), cuirfear an Institiúid Dhomhanda maidir le Sláinte na hInchinne (GBHI) ar bun, tionscnamh ceannródaíochta a bhfuil d'aidhm leis dul i ngleic leis an eipidéim ionchais maidir le néaltrú agus feabhas a chur ar shláinte dhaoine agus ar an gcúram i gcás néaltraithe ar fud an domhain. Cuirfidh GBHI oiliúint, sna Stáit Aontaithe, in Éirinn agus ar fud an domhain, as seo go ceann 15 bliana, ar 600 taighdeoir as gach cuid den domhan ionas go mbíonn ar a gcumas taighde a dhéanamh faoi chásanna néaltraithe, cúram sláinte a chur ar fáil agus athrú a thabhairt i bhfeidhm maidir le beartais agus le modhanna oibre. Tá Coláiste na Tríonóide agus UCSF i gcaoi mhaith maidir le GBHI a chur i gcrích mar gheall ar fheabhas an dá fhoras maidir le taighde ar shláinte na hinchinne faoi láthair.

Cheadaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) níos mó ná €10m do Choláiste na Tríonóide maidir le cúig cinn de thograí taighde ar fud trí cinn d'earnálacha éagsúla. Rinneadh sin a fhógairt mar chuid d'infheistíocht €28m i dtrealamh agus i saoraidí taighde i mí Eanáir 2016. Is iad na hearnálacha atá i gceist: Earnáil na hAnailísíochta maidir le Sonraí Olltíomsaithe, Idirlíon na nEarraí (IoT) agus Líonraí; Earnáil na Déantúsaíochta; agus Earnáil na nAcmhainní agus na nGuaiseanna Náidúrtha.

Is í Éire an dara tír is fearr a chruthaigh maidir le deontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) faoin gcéad bhabhta den chlár Horizon 2020, agus is ar Choláiste na Tríonóide a bronnadh 47% den mhéid a tháinig go hÉirinn.

Ghnóthaigh Jonathan Coleman, Príomhimschrúdaitheoir AMBER agus Ollamh i Scoil na Fisice, Deontas Ardleibhéil €2.2m de chuid an ERC. Is don chuid is iomráití de lucht taighde na hEorpa amháin a thugtar deontais den chineál sin. Tugtar na deontais do na heolaithe atá ag obair ar thaighde de scoth na linne agus atá ag leathnú dairíre le réimse an eolais.

Fuair an t-aon duine in Éirinn a bhfuil deontas ón ERC faighte cúig huaire aici, tOllamh Valeria Nicolosi, Imscrúdaitheoir le AMBER agus le Scoil na Ceimice, deontas dar luach €150,000 ón ERC maidir le Coincheap a Chruthú. Is deontas breise seo a chuirtear leis an Deontas Tosaigh €1.5m a bhronn an ERC uirthi sa bhliain 2011 agus tá níos mó ná €12m de dheontais taighde bronnata uirthi anois le cúig bhliana anuas.

D'éirigh leis an Dr Lydia Lynch, Ollamh Cúnta le hImdhíoneolaíocht agus leis an Dr Aidan McDonald, Ollamh Cúnta le Ceimic Neamhorgánach, Deontais Tosaigh de chuid an ERC a ghnóthú faoi chlár Horizon 2020 agus ghnóthaigh Lárionad Choláiste na Tríonóide maidir leis an mBithinnealtóireacht ceithre cinn de dheontais ERC chun feistí nua agus modhanna nua teiripe a fhorbairt i ndáil le tinneas díblithe de chineálacha éagsúla. Ghnóthaigh Daniel Kelly, Stiúrthóir TCBE agus Ollamh i Scoil na hInnealtóireachta i gColáiste na Tríonóide Deontas Comhdhlúthaitheora ERC agus ghnóthaigh Caitríona Lally, Ollamh le Bithinnealtóireacht, David Hoey, Comhollamh le hInnealtóireacht Mheicniúil agus Déantúsaíochta, agus Mark Ahearne, Comhalta Sinsearach Taighde i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta Deontais Tosaigh de chuid an ERC.

Fuair trí cinn de lárionaid taighde SFI ar i gColáiste na Tríonóide a dhéantar iad a stiúradh - ADAPT, AMBER, agus CONNECT – ciste €6m faoi chlár Horizon 2020 an AE i mí Márta 2016 maidir le clár nua iardhochtúirteachta, EDGE, faoina bhfostófar 71 taighdeoir TEC de scoth an domhain. Is é seo an deontas aonair is mó a bronnadh ar Choláiste na Tríonóide faoi Horizon 2020, clár cistíochta an AE maidir le taighde agus nuálaíocht.

Bhí triúr taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide a ghnóthaigh deontas faoi scéim New Horizons na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Ghnóthaigh Coláiste na Tríonóide 18% den chiste ba mhó ná €2m a cheadaíodh ar bhonn iomaíochta do 17 togra taighde. Is iad na taighdeoirí atá i gceist: Eleanor Denny, an Comhollamh le hEacnamaíocht; Tom Walker, Ollamh Cúnta Ussher le Scríbhneoireacht na hÉireann; agus Carlo Aldrovandi, Ollamh Cúnta le Léann na Síochána Idirnáisiúnta agus le Diagacht Idirchultúrtha agus le Léann Idirchreidimh. Cuidíonn an scéim seo le taighdeoirí den scoth sa chóras ardoideachais sársmainte den nuacht a fhorbairt agus oibriú ar mhaithe le hinfeistíocht bhreise maidir leis na smaointe sin a lorg faoi Horizon2020, creat Taighde agus Nuálaíochta an AE.



An tOllamh Prof Valeria Nicolosi, an t-aon duine as Éirinn ar bronnadh gradam ERC cúig huaire uirthi

Tá Lárionad CONNECT i mbun ceannródaíochta maidir le meitheal taighde de chuid an AE agus na Brasaíle i gcúrsaí teileachumarsáide tar éis €3m a ghnóthachtáil faoi thionscnamh cistíochta faoi chomhbhainistíocht ag rialtas na Brasaíle agus ag clár taighde agus nuálaíochta an AE Horizon 2020. Tá an mheitheal seo, ar a dtugtar FUTURE (Federated Union of Telecommunications Research Facilities for an EU-Brazil Open Laboratory), ar an aon tionscnamh amháin i measc na gcúig iarratas ar éirigh leo, atá faoi cheannas Éireannach. Beidh saotharlann turgnamhachta Idirlín, a dtagann an Eoraip agus an Bhrasaíl faoina scáth, á chruthú mar chuid den tionscadal seo.

D'éirigh le hinnealtóirí i Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil agus in ionad CONNECT deontas taighde €6m a ghnóthú mar chuid den scéim cistíochta maidir le Dúshlán don tSochaí faoin gclár Horizon 2020. Tugadh an deontas maidir le forbairt a dhéanamh ar an tionscadal iSCAPE (Improving the Smart Control of Air Pollution in Europe).

Ghnóthaigh an tOllamh le Bithcheimic, Luke O'Neill, Deontas Imscrúdaitheora €2m ó chomharpháirtnéireacht SFI-HRB-Wellcome Trust chun fiosrú a dhéanamh maidir le teoricí nua faoin dóigh ina bhfeidhmíonn cealla áirithe ionas go dtarlaíonn athlasadh agus é de chuspóir leis an obair go dtiocfaí ar mhodhanna nua teiripe. Toghadh an tOllamh O'Neill ina Chomhalta den Royal Society freisin i mí Bealtaine 2016.

Bhí seisear taighdeoirí as Coláiste na Tríonóide i measc an 24 taighdeoir ar fud na tíre a ghnóthaigh deontas faoi Chlár Imscrúdaitheoirí SFI maidir le tabhairt faoi thograí taighde faoi leith in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach leo. Bhí luach isteach is amach le €40m leis an 24 deontas ar a n-áireamh le chéile. Cuirtear an t-airgead ar fáil trí shruth cistíochta de chuid na Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta. Ba iad an seisear taighdeoirí ar éirigh leo an Comhollamh le

Geolaíocht, David Chew, na hOllúna le Ceimic, Sylvia Draper agus Georg Duesberg, an tOllamh le Fisic, Martin Hegner, an tOllamh le Néareolaíocht Cheallach, Marina Lynch, agus an tOllamh Cúnta le hImdhíoneolaíocht, Rachel McLoughlin.

Bronnadh ciste €4.5m faoi Chlár Ollúnacht Taighde SFI ar an Ollamh Aljosa Smolic, Ollamh SFI le Teicneolaíocht Chruthaitheachta, maidir le hoibriú ar an tionscadal amharcríomhaireachta V-SENSE.

Bronnadh €2.5m ar thaighdeoirí i Lárionad Eolaíochtaí Bithleighe Chóláiste na Tríonóide (TBSI) chun oibriú ar bhithchomharthaí agus ar spriocleibhéil drugaí maidir le galair uath-imdhíonachta agus galair eile a ghabhann leis an gcóras imdhíonachta. SFI, i gcomhar le AbbVie, comhlacht idirnáisiúnta bithchógaisíochta, atá ag cur an airgid seo ar fáil maidir le ceithre cinn de phoist taighde nua.

Tá beirt taighdeoirí sa Lárionad Connect maidir le Líonraí agus Cumarsáid Ionchais i gColáiste na Tríonóide páirteach i dtionscadal taighde ceannródaíochta \$3m maidir le cúrsaí teileachumarsáide a bhfuil cúnamh á chur ar fáil ina leith ag SFI, ag an National Science Foundation USA agus ag an Roinn Fostaíochta agus Foghlama i dTuaisceart Éireann. Déanfaidh an tOllamh Linda Doyle, Stiúrthóir Connect agus an tOllamh le hInnealtóireacht agus na hEalaíona agus an Dr Marco Ruffini, Comhollamh le Líonraí Optúla i Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Staitisticí, cioradh ar bhealaí ina bhféadfaí ceangal idirlín níos tapadh a thabhairt i bhfeidhm le hacmhainn slámanna móra sonraí a iompar a mbeadh níos lú fuinnimh agus costais á chaitheamh leis. Tá an comhar taighde seo, le ciste \$3m trí Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha na Stát Aontaithe agus na hÉireann, ar an gcéad chomhar taighde treaspháirteach idir lárionaid lena mbaineann na Stáit Aontaithe, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann.

Rinne Acadamh Ríoga na hÉireann baill de bheirt scoláirí de chuid Choláiste na Tríonóide i rith na bliana 2016 mar gheall ar an saothar de scoth an domhain atá déanta acu i réimse na heolaíochta agus i réimse na ndaonnachtaí: an tOllamh Michael Marsh, Comhalta Emeritus i Roinn Eolaíocht an Polaitíochta agus an tOllamh Stefano Sanvito, Ollamh le Teoiric Ábhair Chomhdhlúite agus Stiúrthóir ar an Lárionad Taighde maidir le Nainstruchtúir agus Nainfheistí Oiriúnaithe (CRANN).

Ceapadh an tOllamh Jane Ohlmeyer, Ollamh Erasmus Smith le Stair na Nua-Aoise agus Stiúrthóir ar Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide ina Cathaoireach nua ar Chomhairle Taighde na hÉireann.

Bronnadh gradam idirnáisiúnta NANOSMAT na bliana 2015 ar an Dr Werner Blau, Ollamh le Fisic Ábhair Ardleibhéil agus Príomhimschrúdaitheoir le CRANN, mar gheall ar a shaothar i réimse na naineolaíochta agus na nainteicneolaíochta.

Toghadh an tOllamh Luiz DaSilva, Ollamh le Teileachumarsáid i Scoil na hInnealtóireachta agus PI le CONNECT agus an tOllamh John Heywood, Comhalta Emeritus, Scoil an Oideachais, ina gComhaltaí de chuid Institiúid na hInnealtóirí Leictreachais agus Leictreonaice, an cumann lucht gairme is mó agus is airde gradam ar fud an domhain maidir leis an teicneolaíocht a chur chun cinn.

Bhronn an Bhanríon Eilís CBE (Commander of the Most Excellent Order of the British Empire) Oinigh ar an Ollamh Owen Patrick Smith mar gheall ar an saol fada oibre atá caite aige ag plé le hailse leanaí agus ógánach. Bhronn Dominick Chilcott, Ambasadóir na Breataine in Éirinn an gradam thar ceann na banríona.

Bhí an Dr Fintan Sheerin, Scoil na hAltraíochta agus an Chnámhseachais ar an gcéad duine in Éirinn ar bronnadh comhaltacht de chuid NANDA International (NANDA-I) air. Tá sé ar an tríú duine ar fud na hEorpa ar fad a ndearnadh Comhalta de. Is cumann NANDA-I atá tugtha do dhiagnóis altraí a thabhairt i bhfeidhm agus d'fheabhas a chur ar gach gné de chleachtas na haltraíochta.

Rinneadh ceiliúradh ar ochtar de thaighdeoirí mná Choláiste na Tríonóide ag ócáid faoin teideal 'Mná na hEolaíochta' arna riar ag an Uachtarán, Micheál D. Ó hUiginn agus ag Sabina Higgins Uasal chun ceiliúradh a dhéanamh ar an bpáirt mhór a bhíonn ag mná i gcúrsaí taighde agus i gcúrsaí tionscail maidir leis an eolaíocht. Is iad na taighdeoirí: Arlene O'Neill, Ollamh Cúnta le Fisic agus Stiúrthóir ar Chumann Walton Choláiste na Tríonóide; Clíona O'Farrelly, Ollamh le hImdhíoneolaíocht Chomparáideach; Sinéad Ryan, Ollamh le Matamaitic; Eileen Drew, Ollamh le Staitisticí agus Stiúrthóir ar WiSER; Jane Stout, Ollamh le Luibheolaíocht agus Stiúrthóir Taighde i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha; Siobhán Clarke, Ollamh le hEolaíocht Ríomhaireachta; Anna Davies, Ollamh le Tíreolaíocht; agus Sarah McCormack, Ollamh le hInnealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil.

Ghnóthaigh Michael King, eacnamaí de chuid Choláiste na Tríonóide, deontas \$300,000 chun an tionchar a bheadh ag táirgí iasachtaí sochóirithe den nuáil ar mhangaí mná ar mhargaí san India. Tá an deontas á chur ar fáil ag Innovation for Poverty Action, comhlacht neamhbhrabúis maidir le cúrsaí taighde agus beartais a gcuireann an Bill and Melinda Gates Foundation airgead ar fáil lena aghaidh. Déanfaidh an tOllamh King, Roinn na hEacnamaíochta agus aonad Measúnú Tionchair Choláiste na Tríonóide (TIME) agus an tOllamh William Jack as Georgetown University an cheannródaíocht maidir leis an tionscadal taighde dhá bhliain i gcomhar le Mann Deshi Bank i Maharashtra na hIndia.

Thug Siemens PLM Software deontas comhchineáil bogearra do Scoil na hInnealtóireachta lena mbeadh luach tráchtála €65m. Fágann an deontas comhchineáil seo deis do mhic léinn ar an teicneolaíocht chéanna a bhfuil cuideachtaí ar fud an domhain ag brath air ionas gur féidir leo táirgí nuálaíochta a fhorbairt i dtionscail éagsúla ina measc, gluaisteáin, eitleáin, innealra, longtógáil, leictreonaic ardteicneolaíochta agus cuid mhór eile.

Tá taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide i mbun ceannródaíochta maidir le tionscadal €3.4m d'fhothabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh i dtionscal an uisce in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag. Tá Coláiste na Tríonóide agus Bangor University ag obair i gcomhar maidir le Tionscadal Uisce Dŵr trína bhféachtar le feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh i ndáil le uisce a sholáthar trí theicneolaíocht nua atá éadrom ó thaobh carbóin agus a chaitheann níos lú fuinnimh a fhorbairt, miontuirbíní hidreachumhachta san áireamh. Tá ciste á fháil don tionscadal ildisciplíneach cúig bhliana seo á fháil trí chlár comhoibre na hÉireann agus na Breataine Bige de chuid an AE. Beidh an Dr Aonghus McNabola agus an tOllamh Biswajit Basu as Scoil na hInnealtóireachta, Coláiste na Tríonóide agus an tOllamh Paul Coughlan as Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide i mbun na ceannródaíochta maidir leis an tionscadal.

Bhronn an Fóram Náisiúnta maidir le Forfheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Forais Ardoideachais gradam ar an Ollamh Cúnta Sheila Ryder, Scoil na Cógaisíochta & na Cógaseolaíochta, mar gheall ar shárfheabhas a cuid múinteoireachta.



An tOllamh Michael Marsh agus an tOllamh Stefano Sanvito, Comhaltaí nua Choláiste na Tríonóide in Acadamh Ríoga na hÉireann, in éineacht le hUachtarán an RIA, an tOllamh Mary E Daly

5. Nuálaíocht agus Fiontair a chur ar Bhonn Tráchtála

5.1 Cistí Taighde

Déanann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I) an caidreamh idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, gníomhaireachtaí cistíochta agus an lucht tionsclaíochta a spreagadh agus a chothú tríd an Oifig Forbartha Taighde, Oifig na gConarthaí, Oifig na Comhpháirtíochta Corparáide agus Malartaithe Faisnéise.

I rith na bliana acadúla 2015/16, thug an Oifig Forbartha Taighde tacaíocht maidir le 1,075 iarratas ar chistí taighde a raibh luach ca. €406m ag gabháil leo (gan barrchostais institiúide ó SFI agus EI a áireamh).

I rith an ama sin, bronnadh 783 conradh taighde nua ar Choláiste na Tríonóide lena ngabhann luach iomlán €122.2m; bhronn Coláiste na Tríonóide 383 conradh (dar luach €22.5m) ar chomhlachtaí seachtracha.

Seo a leanas roinnt de bhuaicphointí na bliana 2015/16:

- Cuireadh Coláiste na Tríonóide ar an ngearrliosta i ndáil le ceithre cinn de ghradaim de chineál Knowledge Transfer Ireland Impact Awards 2016 mar gheall ar shárfeidhmíocht maidir le caidreamh le lucht tionsclaíochta agus torthaí taighde a chur ar bhonn tráchtála agus bhí an Coláiste ar an aon fhoras amháin a ghnóthaigh dhá ghradam ar fud na n-aicmí maidir le Tionchar Comhairleoireachta agus Ceadúnas Margaidh.
- Bhí an Ollscoil ar na gearrliostaí deireanacha maidir le Gradam Nuálaíochta an Irish Times Innovation 2016 agus le Gradaim TE & Teileachumarsáide & Bogearraí na hÉireann agus gnóthaíodh gradam maidir le Sáréacht Acadúil na Bliana (do Choláiste na Tríonóide, Thrive agus an réabhlóid fuaime maidir le réaltacht fhíorúil).
- Tharraing gach ceann de chuideachtaí tionscantacha 2016 infheistíocht i rith na bliana tosaigh ó ceadáíodh a gcur ar bun mar chuideachtaí campais – ghnóthaigh Proverum ciste caipitil fiontraíochta €400k, ghnóthaigh Inflazome (comhfhiontar de chuid na hOllscoile) ciste caipitil fiontraíochta €15m (Novartis Venture Funds & Fountain Healthcare Partners) chomh maith le hoifig bheag a oscailt thar lear, ghnóthaigh Tosca Solutions ciste €55k den chineál Competitive Start ó Fhiontar Éireann agus tá an chéad díolachán déanta ag an gcuideachta.

- Thug cuideachta tionscanta ón mbliain 2014, SelfSense, babhta cistíochta €600k i gcrích i rith na bliana 2016.
- Thug Solvotrin, cuideachta tionscanta ón mbliain 2009, babhta cistíochta €8m i gcrích i rith na bliana 2016. Sheol Solvotrin an táirge 'Active Iron' ar an margadh chomh maith.
- Beidh ciste síl €60m Choláiste na Tríonóide agus Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi bhainistíocht Atlantic Bridge, ina bhuntáiste ag gach comhlacht tionscanta Ollscoile/Institiúid Teicneolaíochta in Éirinn. Rinneadh infheistíocht den chéad uair i rith na bliana 2016.
- Cheannaigh Spark Therapeutics, comhlacht géinteiripe as na Stáit Aontaithe, Genable, cuideachta campais de chuid Choláiste na Tríonóide le socrú ar fiú níos mó ná €15m é.
- €5.1m d'airgead nua ón lucht tionsclaíochta maidir le taighde i rith na bliana acadúla 2015/16.

5.2 Maoin Intleachta

Tháinig 60 nochtadh ar mhaoin intleachta nua, arna chruthú ag taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, chuig Oifig na Comhpháirtíochta Corparáidí agus Malartaithe Faisnéise. Cuireadh isteach 17 iarratas ar phaitinn agus ceadáíodh 34 ceadúnas tráchtálúcháin. Aontáíodh dhá chuideachta campais nua de chuid Choláiste na Tríonóide a chur ar bun. Rinneadh 92 comhaontú maidir le taighde i gcomhar a aontú agus bhí íosmhéid €25,000 á chur ar fáil ag na páirtnéirí tionsclaíochta i ndáil le gach comhaontú comharthaighde.

	2012/13	2013/14	2014/15	2015/16
Foirmeacha nochta airgeagáin	48	58	53	60
Paitinní	16	23	18	17
Ceadúnais	9	30	23	34
Cuideachtaí Campais agus Mac-chuideachtaí	5	4	3	2

5. Nuálaíocht agus Fiontair a chur ar Bhonn Tráchtála

5.3 Launchbox

Ghlac sé mheitheal déag d'fhiontraithe nua páirt i Launchbox, clár brostaithe d'fhiontair thionscanta luasaire mhic léinn Choláiste na Tríonóide, arbh í seo an ceathrú bliain aige. Fuair ceithre mheitheal déag acu maoiniú, chomh maith le spás oifige agus meantóireacht ó fhiontraithe den rath. Bhí dhá mheitheal eile ar tugadh cúnamh taca faoin gclár dóibh gan aon mhaoiniú i gceist. Bhí spás ar fáil do na meithle ar fad den chéad uair in Áras Cuimhneacháin na gCéimithe i gcroílár an champais. D'fhág sin teacht acu ar spás oifige agus ar áiseanna den scoth chun an tástáil agus an fhorbairt a dhéanamh ar na fiontair nua. Dhírigh an clár brostúcháin ar bhailíocht táirgí, ar fhorbairt táirgí agus ar straitéis gnó don am atá le theacht.

Bhí leas ag iarratasóirí ar chlár LaunchBox i mbliana as cúnamh taca ar feadh na bliana ar fad trí Blackstone LaunchPad i gColáiste na Tríonóide, a chuireann seisiúin meantóireachta agus smaointeoireachta aonair ar fáil. Tá triúr ar fhoireann Blackstone LaunchPad, lena n-áirítear Bainisteoir Cláir LaunchBox agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, d'fhothcuidiú le meithle agus le mic léinn a bhfuil smaointeamh luathchéime acu forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh. Tá tacaíocht á thabhairt maidir le LaunchBox ag Banc na hÉireann agus ag líonra 'Aingil' Choláiste na Tríonóide a chuidigh leis an gclár a chur ar bun sa bhliain 2013.



Jamie Holohan, Colin Burke agus Sean Connor ó Surfbuoy, foireann LaunchBox Choláiste na Tríonóide

6. Acmhainní Daonna

Shaothraigh an roinn Acmhainní Daonna (HR) i rith na bliana 2015/16 chun an struchtúr nua agus an modh oibre nua atá acu a chur ar bun agus a thabhairt i bhfeidhm. Tá athrú mór curtha aige seo ar an gcaoi ina n-oibríonn HR chun na seirbhísí a chur ar fáil agus tá feabhas tagtha ar leibhéal na seirbhíse don chustaiméir agus ar chúrsaí tráthúlachta maidir le bearta a chur i gcrích.

Chomh maith leis an ngnó lárnach a dhéanamh mar ghnáthchuid den obair i.e. seirbhísí oibriúcháin, comhairleacha agus straitéiseacha HR den sárchleachtas a chur ar fáil, cuireadh tús le tionscnaimh éagsúla mar chuid den Straitéis AD, 'A New Era for HR':

- tugadh isteach Clár Ionduchtúcháin nua gach re mí d'fhostaithe nua atá ag tosú ar an gcuid oibre i gColáiste na Tríonóide agus d'éirigh go maith leis.
- Gradaim Gairmiúlachta an Phropaist a eagraíodh den chéad uair chun aitheantas a thabhairt don chion tairbhe a dhéanann baill foirne gairme agus riaracháin ar fud na hOllscoile.
- Cruthaíodh deiseanna HR ar leibhéal na Dáimhe & na Scoile, agus ar leibhéal na Rannóige agus an Aonaid, agus cuireadh i bhfeidhm iad gach ráithe.

6. Acmhainní Daonna

- rinneadh Anailís ar Riachtanais Traenála TE d'fhonn na riachtanais oiliúna maidir le cúrsaí TE ar fud na hOllscoile a thabhairt chun suntais agus sheol HR an clár píolótach maidir le hAiseolas do Chóras Feidhmíochta na hOllscoile.
- cuireadh mol ar líne ar bun maidir le foirmeacha agus cruthaíodh roinnt foirmeacha ar líne.
- rinneadh clár nuálaíochta maidir le Forbairt Ceannaireachta don Cheann Scoile a leagan amach agus a chur i bhfeidhm.
- rinneadh straitéis earcaíochta ar leibhéal an domhain a leagan amach agus a chur i bhfeidhm chun 40 duine den lucht léinn ardfheidhme a fhostú mar Ollúna Cúnta Ussher i gColáiste na Tríonóide. Bhí straitéis coinneála a thabhairt chun cinn agus a chur i ngníomh ina chuid den obair sin, chomh maith le clár ionduchtúcháin agus clár forbartha ilghnéitheach ceithre bliana
- rinneadh naoi gcinn as gach deich gcinn d'fhiosrúcháin a rinneadh le hIonad Seirbhíse HR a réiteach ar an toirt.

Anuas air sin, lean HR den saothar chun a chinntiú go ndéantar riachtanais na hOllscoile maidir le caipiteal daonna a shásamh ar bhealach a chuireann bonn faoin bhforás agus a thugtar i gcrích ar bhealach is éifeachtaí, is fearr ó thaobh seirbhíse agus is éifeachtúla ó thaobh costais.

6.1 Foireann na hOllscoile

Rinne an Rannóg Earcaíochta agus Conarthaí plé le ceapacháin ar fud réimse iomlán beartaíochta na hOllscoile: Ollúna, léachtóirí sinsearach comhairleoireachta; baill foirne acadúla; baill foirne teicniúla; baill foirne i ngrádanna riaracháin agus feidhmiúcháin, ceapacháin in Aonaid Tacaíochta Acadúla, Saoráidí agus Seirbhísí don Mhac Léinn san áireamh.

Seo a leanas líon na gcomórtas earcaíochta i rith na bliana 2015/16 agus figiúirí eile ina leith: 338 comórtas chun 378 folúntas a líonadh; 366 iarrthóir a ceapadh maidir le folúntais a fógraíodh; 12 folúntas nár líonadh.

Is ionann sin agus ardú 91 ceapachán i gcomórtas leis an mbliain acadúil roimhe seo. Faoi dheireadh na bliana bhí 366 folúntas líonta, ráta feidhme 97%.

Is iad na cúiseanna a bhí le folúntais a fhágáil gan a líonadh gur diúltaíodh don tairiscint nó nach raibh aon iarrthóir sásúil ar fáil.

Mar a luaitear thuas, d'éirigh thar cionn le feachtas Ussher agus chuaigh 26 iarratasóir i mbun cúraim i rith na tréimhse faoi chaibidil: deichniúr i nDámh na nEalaíona, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, deichniúr i nDámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta agus seisear i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte.

6.2 Ollúna

Ba ghnóthach an bhliain 2015/16 maidir le hearcaíocht ghairmiúil agus rinneadh Ollúna a cheapadh ar fud na hOllscoile. Bhí Ollamh nua amháin a chuaigh i mbun cúraim i nDámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, mar atá an tOllamh le Gearmáinis i mí Aibreán 2016. Bhí dhá Ollamh nua a chuaigh i mbun cúraim i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte, Ollamh Airtríteas Éireann le Réamaiteolaíocht Mhóilíneach i mí na Samhna 2015 agus Ollamh le hAltracht Leanaí agus le Cnáimhseachas i mí Deireadh Fómhair 2016. Bhí Ollamh nua amháin a chuaigh i mbun cúraim i nDámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta i mí Meitheamh 2016, mar atá Ollamh Taighde SFI le Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha.

6.3 Poist Riaracháin Shinsearach

Rinneadh naoi gcinn de cheapacháin i bpoist riaracháin shinsearach a thabhairt chun críche i rith na bliana 2015/16: Leas-Iniúcháir Inmheánach; Stiúrthóir Ghailearaí na hEolaíochta; Stiúrthóir Acmhainní Daonna; Stiúrthóir na Clárlainne Acadúla; Stiúirthóir Seirbhísí; Bainisteoir Maoine Intleachta - Conarthaí agus Tráchtálúcháin; Comhstiúrthóir Tráchtálúcháin; Bainisteoir Ginearálta Oibriúcháin agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le CRANN agus le AMBER.

7. Tionscnaimh agus Mórócáidí de chuid na hOllscoile



An Leas-Phroast agus Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan agus an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Heather Humphreys TD ag seoladh Chlár Chomóradh Céad Bliain 1916 Choláiste na Tríonóide

Tharla tionscnaimh nua de chuid Choláiste na Tríonóide agus rinnt mórócáidí i rith bhliain acadúil 2015/16.

Sheol an tAire Heather Humphreys Clár Chomóradh Céad Bliain 1916 Choláiste na Tríonóide i mí na Nollag 2015. Thug Comóradh an Chéid deis don Ollscoil dianmhachnamh a dhéanamh faoi oidhreacht an Éirí Amach agus cíoradh a dhéanamh ar ar thit amach taobh istigh de bhallaí Choláiste na Tríonóide céad bliain ó shin.

Rinneadh ceiliúradh le tionscnaimh éagsúla ar chothrom céad bliain ó Lá an Fhorógra ar an 15 Márta, ina meas siompóisiam faoin teideal 'The 1916 Proclamation in its National and International Context'. Ghlac mic léinn an Choláiste, le tionlacan ó Chumann Cheol Traidisiúnta Choláiste na Tríonóide, páirt sa léamh náisiúnta ar an bhForógra i ngach foras oideachais in Éirinn agus ghlac mic léinn Choláiste na Tríonóide a bhí i mbun staidéir taobh amuigh den tír ag an am páirt i bhfíseán díobh ag léamh an Fhorógra.

Seoladh cnuasach 17 aistriúchán ar an bhForógra ag fáiltiú á riar ag an bPropast ag a raibh an tArd-Mhéara, Críona Ní Dhálaigh, agus ambasadóirí i láthair. Bronnadh cóip den Fhorógra ina dteanga féin ar gach duine de na hambasadóirí: Araibis, Bulgáiris, Sínis, Cróitis, Ollainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Eabhrais, Iodáilis, Seapáinis, Cóiréis, Laidin, Polainnis, Rúisis, Spáinnis agus Tuircis.

Tháinig níos mó ná 10,000 ar an gcampas chun páirt a ghlacadh i gcainteanna, i ndíospóireachtaí, i dtaispeántais, i dtaibhréimeanna agus i gcluichí leadóige ar an seanfhaisean le

linn *Reflecting the Rising*, ócáid saor in aisce don teaghlach uile arna eagrú ag RTÉ ar fud lár chathair Bhaile Átha Cliath, Dé Luain an 28 Márta.

Bhí Coláiste na Tríonóide ar an gcéad ollscoil de chuid na hÉireann a d'eagraigh ócáid mhór maidir le 1916 taobh amuigh d'Éirinn nuair a eagraíodh díospóireacht, i gcomhar le hInstitiúid na Léinn Éireannaigh in Ollscoil Learphoill, i Londain ar an 31 Márta ag a raibh daoine den lucht léinn as Éirinn, as an Ríocht Aontaithe agus as Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Rinneadh scrúdú le *Changed Utterly: recording and reflecting on the Rising 1916–2016*, taispeántas sa Seanleabharlann ar na tuairiscí a tugadh ar an Éirí Amach lena linn; ar an gcomóradh a rinneadh air 50 bliain dár gcionn; agus ar an bplé agus an smaointeoireacht ina leith faoin mbliain 2016.

Tá ábhar neamhchoitianta de chuid na Leabharlainne nach ndearnadh a fhoilsiú roimhe seo ar fáil anois do lucht a cheadaithe ar fud an domhain a bhuíochas de thionscadal ar líne i gcomhar idir Coláiste na Tríonóide agus Google. Le Dublin Rising 1916-2016, turas idirghníomhaíochta de chineál Google Street View ar a bhfuil tráchtairacht leis an aisteoir Colin Farrell, tugtar deis don chuairteoir scáileáin scrúdú a dhéanamh ar shráideanna na cathrach agus ar eachtraí agus ar dhaoine a raibh tionchar acu ar an stair céad bliain ó shin.

D'eagraigh Oifig na Gaeilge seimineár dhátheangach i gcomhar le Conradh na Gaeilge arbh é téama a bhí leis a raibh i gceist le bheith "Saor agus Gaelach chomh maith" sa bhliain 2016; ócáid liteartha i gcomhar le Roinn na Gaeilge: Éigse Litríochta: Oidhreacht an Phiarsaigh, a raibh béim lena linn ar ghearrscéalta an Phiarsaigh; chomh maith le cúnamh a thabhairt maidir le dráma a léiriú a bhí bunaithe ar chás cúirte a raibh baint ag Pádraig Mac Piarais leis – An Trocailín Donn, arna scríobh ag Úna Ní Artaigh, mac léinn de chuid an Choláiste (tugadh cúnamh i leith an dráma faoi Chiste an Phropaist maidir leis an Dearcealaín agus an Ealaín Taibhréime). D'eagraigh an Oifig freisin maidin drámaíochta agus cuairteanna le linn ócáid speisialta i rith mhí na Márta maidir le Coláiste na Tríonóide @ larsmalann an Phiarsaigh.

Bhronn Coláiste na Tríonóide dochtúireacht onórach ar Joe Biden, Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe i mí Meitheamh 2016 – an chéad chéim den sórt sin a bhronn ollscoil taobh amuigh de na Stáit Aontaithe air. Is aitheantas an Dochtúireacht le dlí ar a bhfuil déanta ag an Leas-Uachtarán maidir le cúrsaí polaitíochta ar leibhéal an domhain. Cuireadh fáilte i gColáiste na Tríonóide roimh dhaoine éagsúla de mhuintir Biden mar chuid den chuairt a thug siad ar Éirinn. Bhronn mic léinn de chuid an Chumainn Fealsúnachta bonn óir ar an Leas-Uachtarán agus thug seisean aitheasc ina dhiaidh sin os comhair slua mac léinn agus ball foirne.



Sonóga Pheil Mheiriceá, 'Buzz' seaicéad buí Georgia Tech agus 'Baldwin an tIolar' Boston College sa Chearnóg Tosaigh

Bronnadh Duais Nobel 2015 maidir le cúrsaí Leighis ar chéimí de chuid Choláiste na Tríonóide, an tOllamh William Campbell ag Searmanas Dhuaiséanna Nobel i Stócólm na Sualainne. An Rí Carl XVI Gustaf na Sualainne a bhronn Bonn Nobel air ag an searmanas a raibh cuireadh ag maithe agus móruaisle, an Propast, an Dr Patrick Prendergast, ina measc.

Tá an Ollscoil, le Tionscadal Oideachais na Tríonóide (TEP), ag teacht roimh athruithe bunúsacha maidir leis an gcaoi a leagtar amach agus a gcuirtear an t-ardoideachas ar fáil agus ag dul i ngleic leo. Tá an lucht léinn agus na mic léinn i gcoitinne ag seasamh leis an athrú ar leibhéal na hinstiúide agus tharla comhairliúchán tairbheach le pobal an Choláiste i rith na bliana 2015/16. An Leas-Phropast agus an Príomh-Oifigeach Acadúil atá i gceannas ar TEP agus baineadh tairbhe ina leith as forbheithniú leitheadach ar na cláir atá ar bun faoi láthair agus as taighde maidir leis na cláir is fearr go hidirnáisiúnta. Tá an tionscadal á leagan amach i ndáil le seacht gcinn de shraitheanna faoin tráth seo (foghlaim trí leas a bhaint as an teicneolaíocht, intéirneacht agus gluaisteacht na mac léinn ina measc). Tugtar tuairiscí maidir leis na sraitheanna go léir do choiste stiúrtha atá faoi chathaoirleacht an Phropaist. Cuireadh tuarascáil eatramhach TEP, agus achoimre ar na cinntí is tábhachtaí, faoi bhráid Chomhairle na hOllscoile i mí Meitheamh 2016. Aontaítear sa tuarascáil maidir leis na tréithe a bheith ag rith leis na céimithe ar fud na hollscoile go léir agus tiocfaidh an cineál oideachais a chuirtear ar fáil faoina anáil sin. Is iad na tréithe iad go ndéanann an céimí smaointeoireacht neamhspleách; cumarsáid éifeachtúil; forbairt leanúnach; agus beartaíocht fhreagrach.

Fógraíodh buaiteoirí Dhúshlán Cruthaitheachta Choláiste na Tríonóide, scéim dámhachtana nua ealaíne trína bhféachtar leis an bhforbairt ar thionscadail idirdhisciplíneacha ealaíne den nuáil i gcomhar le Coláiste na Tríonóide a chothú. Tháinig 140 iarratas agus roghnaigh an painéal moltóireachta, ar a raibh an fear scannánaíochta, Lenny Abrahamson, an cumadóir ceoil, Ben Schlepper-Connolly, agus stiúrthóir IMMA, Sarah Glennie, cúigear buaiteoirí. Ba iad sin Pan Pan, Enda Bates, Grace Weir, Declan Clarke agus Fiona Hallinan & Kate Strain agus cuireadh a

gcuid saothar i láthair ar an gcampas i rith Sheachtain na Tríonóide agus thart ar an am sin i mí Aibreán 2016.

Tá an Bhunbhliain, trína n-ullmhaítear mic léinn a bhfuil gealladh fúthu do shaol an choláiste, ar cheann de na bonnchlocha maidir le Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP), agus faoin tráth seo leanann níos mó ná 90% de na daoine óga a chríochnaíonn Bunbhliain TAP ar aghaidh go mbaineann céim amach i gColáiste na Tríonóide, mar a n-éiríonn chomh maith leo le haon mhac léinn eile. Tionscnamh nua ceannródaíochta i ndáil leis an ábhar seo go bhfuil TAP anois ag obair i gcomhar le Lady Margaret Hall, coláiste de chuid ollscoil Oxford, chun Bunbhliain den sórt céanna seo a thabhairt i bhfeidhm san ollscoil sin.

Tá Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (TBSI) ar bun le cúig bhliana. Tá athrú curtha ag an lucht taighde ansin ar chúrsaí eolaíochta agus ar chúrsaí leighis mar gheall ar an suntas atá leis an taighde atá déanta acu go dtí seo, mar shampla, leagan amach nua ar an tuiscint atá againn ar an gcóras imdhíonachta; an t-iliomad feiste leighis; modh nua maidir le hathghiniúint ar fhíochán agus ar orgáin; agus modhanna nuálacha maidir le leas a bhaint as innealtóireacht néaróga na hinchinne. I rith na gcúig bhliana tosaigh ag TBSI, rinneadh €83m de chistí taighde a cheadú do na príomhthaidheoirí; seacht gcinn de mhac-chuideachtaí a thionscnamh; níos mó ná 120 duine a aistriú go dtí poist le maoiniú príobháideach; 34 iarratas maidir le paitinní a chur isteach agus 12 paitinn a fháil.

Seoladh tionscadal sláinte le teicneolaíocht dhigiteach i mí Meitheamh 2016 trína féidir le daoine scothaosta a bhfuil galair ainsealacha éagsúla ag gabháil dóibh bainistíocht a dhéanamh ar a gcás féin ionas go dtugtar aire dóibh ina n-áit cónaithe féin. Lárionad Choláiste na Tríonóide don Nuálaíocht sa Chleachtas agus sa Chúram Sláinte atá i mbun na ceannródaíochta maidir le 'ProACT' a bhfuil cuibhreannas i gceist leis lena mbaineann forais taighde de chuid an AE, fiontair bheaga agus mheánmhéide, soláthraithe seirbhísí sláinte, líonraí de chuid an AE agus na cuideachtaí TEC ilnáisiúnta IBM agus Philips. Ar a thabhairt chun críche beidh an tionscadal a bhfuil maoiniú €4.87m á dhéanamh air faoi chlár Horizon 2020 ar an gcéad chóras digiteach dá leithéid in Éirinn agus san Eoraip a bheidh bunaithe ar an néalríomhaireacht.

Sheol AMBER, an lárionad maidir le heolaíocht ábhair, an micreascóp is láidre in Éirinn, an NION UltraSTEM 200, micreascóp leictreonach lena ndéantar anailís ar adaimh aonair agus ar nithe eile atá milliún uair níos lú ná gruaig an duine trí leas a bhaint as micreascópacht leictreonach maidir le scanáil agus tarchuradóireacht. Tá an micreascóp €5.7m seo, arna mhaoiniú ag SFI, ar cheann den 10 micreascóp is fearr ar domhan. Bainfidh an lucht eolaíochta leas as chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le heolaíocht ábhair, TEC, stóráil fuinnimh, cógaisíocht, feistí leighis, an diagnóisic ionas go dtarlaíonn nuálaíocht dá bharr a dhéanann sochar don phobal i gcoitinne.

Shínigh Intel agus Coláiste na Tríonóide an chéad chomhaontú comhpháirtíochta riamh chun borradh a chur faoin nuálaíocht ag tús na bliana acadúla 2015. Treiseofar faoin gcomhaontú comhpháirtíochta seo leis an gcaidreamh idir taighdeoirí de chuid Intel agus taighdeoirí agus mic léinn i gColáiste na Tríonóide ionas go gcuidítear le heacnamaíocht na nuálaíochta a bhrostú agus poist a chruthú in Éirinn. Beifear ag díriú ar thrí cinn de réimsí: ar dhaoine cumasacha, ar obair thaighde, agus ar an mbeartas náisiúnta maidir le cúrsaí taighde agus cúrsaí oideachais.

I rith chlár bliana d'imeachtaí faoin teideal *'The Library of the Future; the Future of the Library'* scrúdaigh an Leabharlann an dóigh ina bhfuil athrú á thabhairt ar leabharlanna mar gheall ar athruithe claochlaitheacha maidir le cúrsaí faisnéise, cúrsaí oideachais agus an tsochaí. Ar na himeachtaí a eagraíodh, bhí: siompóisiam faoin teideal 'Library Futures' le haoichainteoirí suntasacha ón British Library, Stanford University Library, Bodley Library Cambridge, agus Harvard University; fóram don phlé phoiblí maidir le *The Future of Monographs in a World of Open Access* mar cheiliúradh ar an tSeachtain Idirnáisiúnta maidir le Deis Oscailte; seimineár faoi chathaoirleacht Karlin Lillington an *Irish Times* faoin teideal *Memory in a Digital Age: Collecting, Accessing and Forgetting*; agus caint ón staraí Robert Darnton faoin teideal *Libraries, Books, and the Digital Future*.

Tháinig beagnach 900,000 cuairteoir go dtí an Seanleabharlann agus taispeántas Leabhar Cheannais i rith na bliana, an líon ba mhó riamh.

I mí Meán Fómhair 2015, chruinnigh na céadta sa Chearnóg Thosaigh chun páirt a ghlacadh sa slógadh roimh an gcluiche peile Meiriceánach Aer Lingus Classic idir Boston College agus Georgia Tech. Chuir an Leas-Uachtarán maidir leis an gCaidreamh Domhanda fáilte roimh an slua ina raibh an dá fhoireann, bannaí máirseála, an lucht leanta agus a gcuid teaghlach. I gColáiste na Tríonóide a bhí Baile Fáilte an lucht leanta le bia, oirfidíocht agus imeachtaí éagsúla.

Chruinnigh na céadta arís i gCearnóg Thosaigh Choláiste na Tríonóide i mí Bealtaine 2016 go bhfeicfidís aistriú Mhearcair tráth a raibh feiceáil ar an bpláinéad is lú i ngrianchóras an domhain seo ag dul trasna os comhair na gréine. Bhí deis ag an slua ar theileascópanna ardteicneolaíochta agus bhí an ócáid le feiceáil ar scáileán plasma arna shruthchraoladh ón *Solar Dynamics Observatory* de chuid NASA



Cascando – Amharclann Pan Pan, duine de bhuaiteoirí Dhúshlán Cruthaitheachta 2016 Choláiste na Tríonóide (Grianghraf le Ros Kavanagh)

Ba í an bhliain 2016 an bhliain tosaigh ag Cumann Walton Choláiste na Tríonóide – clár neamhbhrabúis maidir le hOideachas STEM a bhfuil cabhair airgid á thabhairt ina leith ag an Ollscoil agus ag urraitheoirí eile, Banc na hÉireann ina measc. Tugann Cumann Walton cuireadh do dhaltáí scoileanna dara leibhéal áiseanna foghlama STEM i saotharlanna Choláiste na Tríonóide a thaithí ar an Satharn. Bhí aon duine dhéag agus trí fichid de bhaill Chumann Walton a chuir torthaí saothair STEM agus seifteanna fréamhshamhla maidir le fadhbanna sa tsochaí i láthair ag taispeántas agus searmanas bronnta gradam i mí Bealtaine. .

Ag Fóram Eacnamaíochta Choláiste na Tríonóide (TEF) 2016, labhair Vernon Smith, ar bronnadh Gradam Nobel san Eacnamaíocht air sa bhliain 2002, leis na mic léinn, le daoine den lucht léinn agus le lucht ceaptha beartais in Éirinn agus i dtíortha thar lear. Bhí de shuntas leis an aitheasc ón Ollamh Smith, arna comhriar ag an *Student Economic Review*, gurbh í seo an chéad bhliain ar ghlac aon duine a bhuaigh Gradam Nobel páirt sa TEF

D'fhear an Student Economic Review agus Cumann Staire an Choláiste fáilte roimh Bhuaiteoir Ghradam Nobel 2015 san Eacnamaíocht, Angus Deaton. Líon mic léinn agus daoine den fhoireann acadúil araon an GMB go bhfeicfeadh an Bonn Óir maidir le Cion Tairbhe Suntasach don Chaidreamh á bhronnadh ar an Ollamh as Ollscoil Princeton agus go gcloisfeadh an t-aitheasc a thug sé uaidh.

Cheangail Coláiste na Tríonóide agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) comhaontú faoina mbunófar clár intéirneachta trína n-oibreoidh mic léinn de chuid an Choláiste san OECD ionas go gcuirtear lena ndeas ar fhostaíocht agus lena dtaithí ar chúrsaí an domhain. Is é seo an chéad mheamram tuisceana dá shórt a shínigh an OECD le haon eagraíocht in Éirinn.

Sheol an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan, Lárionad Léann na hÁise i gColáiste na Tríonóide i mí Deireadh Fómhair 2015. Tá d'aidhm leis an ionad nua teagaisc agus taighde Léann na Seapáine, na Cóiré agus na Síne a chur chun tosaigh agus Éire a chur chun cinn mar lárionad nua eolais maidir leis an léann comparáideach i ndáil le hOirthear na hÁise agus an Eoraip.

Seoladh an Lárionad nua maidir le Daonnachtaí Digiteacha d'fhonn cuidiú leis an athrú a thabhairt i bhfeidhm ar an anailís agus ar an gcur i láthair a dhéantar ar shonraí cultúrtha, sóisialta agus staire trí theicneolaíocht den chineál is nua a úsáid. Tá saineolaithe iomráiteacha Choláiste na Tríonóide i réimsí na ndán agus na ndaonnachtaí ag obair as lámh a chéile le ceannródaithe i réimse eolaíochta na ríomhaireachta agus na hinnealtóireachta sa Lárionad nua.

Is mó an líon cuideachtaí atá curtha ar bun ag céimithe de chuid Choláiste na Tríonóide le cúig bhliana anuas ná ag céimithe ollscoil ar bith eile san Eoraip, de réir mar is léir ó thaighde neamhspleách. Tá Coláiste na Tríonóide chun tosaigh ar a rangáirtear san *Universities Report* de chuid PitchBook ina gcuirtear forais oideachais na hEorpa in ord i ndáil le líon na gcéimithe a chuireann cuideachta ar bun a ghnóthaíonn an babhta tosaigh urraíochta ó chaipitilthe fiontair. Chuir Coláiste na Tríonóide 114 fiontraí den sórt sin amach idir na blianta 2010 agus 2015 a bhunaigh 106 cuideachta agus a ghnóthaigh tuairim is \$655m (USD) caipitil.

Toghadh na Seanadóirí Ivana Bacik, David Norris agus Lynn Ruane i dtoghcheantar Ollscoil Bhaile Átha Cliath i Seanad Éireann i mí Aibreán 2016.

Ceapadh an tOllamh Jane Grimson agus an tOllamh David McConnell ina Leas-Seansailéirí nua ag searmanas speisialta i dTeach an Phrofaist. Níl gradam is airde is féidir leis an Ollscoil a bhronnadh ná ceapachán i bpost Seansailéara nó Leas-Seansailéara.

Seoladh Cuairt Fón Cliste ar Ealaín an Champais, arna chur ar fáil i bhfoirm dhátheangach ag Caomhnóir Bhailiúcháin Ealaíne an Choláiste. Ar na himeachtaí tábhachtacha eile a bhain leis an nGaeilge, bhí céilí agus ceolchoirm a eagraíodh i rith Sheachtain na Gaeilge agus aistriúcháin ar Cré na Cille, mórshaothar iomráiteach Mháirtín Uí Chadhain, Ollamh le Gaeilge tráth i gColáiste na Tríonóide, a sheoladh (i gcomhar le Roinn na Gaeilge agus le Cló Iar-Chonnacht). D'aontaigh an Bord Polasaí Gaeilge nua go foirmeálta i mí Eanáir 2016 agus iarradh ar an Ollscoil dréacht a ullmhú den Tríú Scéim Gaeilge.

Ainmníodh Coláiste na Tríonóide ar an ngearriosta deireanach maidir le Gradam Gnó na Gaeilge mar chuid de na Gradaim Margaíochta a eagraíonn an tInstitiúid Margaíochta. Bhí an t-ainmniúchán bunaithe ar thrí cinn de thionscnaimh: Seimineár mór poiblí dhátheangach faoi 1916; an foilseachán *Trinity Tongues*; agus seoladh leabhair As Trunc Fernando Pessoa. Anuas ar an méid sin, bhuaigh an Cumann Gaelach gradam náisiúnta Ghlór na nGael don chumann Gaeilge is fearr do mhic léinn, den ceathrú huair le roinnt bheag blianta anuas, agus sheol an Lárionad Léann Teanga agus Cumarsáide leagan breise den sintéiseoir cainte ó théacs a bhaineann le canúint na Mumhan.

Cuireadh Limistéir Saor ó Thobac i bhfeidhm i gColáiste na Tríonóide ar an 1 Iúil 2016. Tá cosc ar thobac taobh istigh agus amuigh faoin aer sna limistéir sin. Tá trí limistéar i gceist, Limistéar Chearnóg na gComhaltaí, Limistéar na Naíolainne agus an Ionaid Sláinte agus Limistéar Lloyd agus an Ionaid Spóirt.

Bhronn Postal and Logistics Consulting World Wide Teastas maidir le Gradam Platanaim ar Sheomra an Phoist i gColáiste na Tríonóide mar gheall ar bhainistíocht seomra poist den éifeacht agus den éifeachtúlacht a chur ar fáil. Tá an tseirbhís poist i gColáiste na Tríonóide ar an aon seirbhís amháin in ollscoileanna uile na hÉireann a bhain an caighdeán sin amach.

Bronnadh Gradam Athena Swan ar an Ollscoil den chéad uair riamh maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn i gcúrsaí ardoideachais agus taighde. Bronnadh gradam cré-umha Athena SWAN ar Choláiste na Tríonóide mar institiúid agus bronnadh gradaim chré-umha ar thrí cinn de na Scoileanna chomh maith (Scoil na Fisice, Scoil na Ceimice agus Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha).

Fógraíodh ag Searmanas Ghradam GLEN 2016 maidir le hInnéacs Comhionannais sa Láthair Oibre go bhfuil Coláiste na Tríonóide ar an bhFostóir is Fearr san Eanáil Phoiblí in Éirinn maidir le Cuimsiú LGBT, agus sa chúigiú háit maidir le Comhionannas LGBT ar fud Láithreacha Oibre uile na hÉireann.



An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan TD in éineacht le Stiúrthóir Lárionad Léann na hÁise i gColáiste na Tríonóide, an tOllamh Lorna Carson agus an Propast an Dr Patrick Prendergast ag seoladh Lárionad Léann na hÁise i gColáiste na Tríonóide



8. An Clár Forbartha Caipitil

8.1 Forbraíocht Nua



Scoil Gnó Choláiste na Tríonóide – léiriú ealaíontóra

Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide

Déanfar leis an tionscadal seo Scoil Ghnó nua níos fairsinge a chur ar fáil chomh maith le Mol Fiontraíochta agus Nuálaíochta ar Shráid an Phiarsaigh a bhfuil suíomh Halla Luce (mar a mbíodh an seanionad spóirt) ina chuid de. Tiocfaidh i gceist leis an tionscadal, a bhfuil achar 11,000 méadar cearnach leagtha amach lena aghaidh, halla éisteachta 600 suíochán, spás bialainne do 200 duine, spás poiblí inar féidir le mic léinn bualadh le chéile agus smaointe a phlé, seomraí ranga 'cliste' leis an teicneolaíocht is nua, agus seomra comhdhála ar aon leibhéal leis an díon. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh leis an obair tógála agus meastar go dtabharfar an obair chun críche faoi dheireadh na bliana 2018.

E3 - Institiúid Innealtóireachta, Fuinnimh agus Comhshaoil na Tríonóide

Tá na pleananna maidir le spás nua ina lonnófar an Institiúid nua seo á dtabhairt chun cinn agus an próiseas soláthair maidir le comhairleoirí tógála ar bun faoi láthair chomh maith le hanailís ar spásanna agus roghnú an tsuímh. Tá cás gnó agus straitéis bailiú airgid maidir leis an tionscadal beartaithe faoin tráth seo agus leanfar leis an obair maidir le cúrsaí soláthair agus sonraíocht níos mine.

Cóiríocht Chónaithe

Táthar amach go maith san obair i ndáil le moltaí maidir le foirgneamh nua a fhorbairt ar láthair Theach Oisín ar Shráid an Phiarsaigh, áras atá faoi úinéireacht Choláiste na Tríonóide agus ina bhfuil oifigí ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus

Teaghlaigh faoi láthair. Beidh tuairim is 250 spás leapa breise i gceist leis an tionscadal seo chomh maith le spás ag seirbhísí don Mhac Léinn. Tá an Conradh maidir le hobair a fhágann gur féidir an suíomh a ghlanadh ar bun faoi láthair.

Tá fiosrú á dhéanamh maidir le tograí eile chun cur le líon na spásanna leapa in áitribh de chuid Choláiste na Tríonóide, seomraí a thógáil ar léas do mhic léinn an Choláiste go ceann trí nó cúig bhliana san áireamh, go dtí go mbeadh an fhorbraíocht bheartaithe ar árais cónaithe tugtha chun críche.

Eispéireas an Chuariteora ar Choláiste na Tríonóide

Táthar ag céim na faisnéise i ndáil le tionscadal mór chun feabhas a chur ar Eispéireas an Chuariteora ar Choláiste na Tríonóide, ó thagtar isteach ar an gcampas go bhfágтар an láthair, agus chun caidreamh níos gníomhaí agus níos leanúnaí le seoda na Tríonóide a chothú. Tagann fothionscadail éagsúla faoi scáth an tionscadail seo, obair fheabhsúcháin ar Gheata Shráid Nassau san áireamh agus áiseanna breise ag Teach Regent (an geata tosaigh). Tá fiosrú á dhéanamh faoi láthair faoin bhfeabhas a d'fhéadfaí a chur ar a dtaithíonn an cuairteoir, Leabhar Cheannannais agus spásanna eile taispeántais san áireamh chomh maith le córas na scuainí agus na dticéad. Tá cuid mhór de na tionscadail seo a dtabhairt i gcrích i dtimpeallachtaí atá íogair ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin de, mar gheall ar na bailiúcháin agus ar na foirgnimh oidhreacht atá i gceist

An tInfreastruchtúr Leictreachais agus tionscadail eile

Tá an obair maidir le gnóthaí soláthair ar bun faoi láthair i ndáil le tionscadal ar fiú na milliúin euro é chun cur le huasacmhainn iompórtála na hOllscoile maidir le leictreachas agus chun na modhanna éagsúla soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair a chónascadh in aon chóras amháin. Tá beartaithe an obair thochailte maidir le cáblaí nua a chur síos a chríochnú faoi mhí Lúnasa 2017 agus cuirfear tús le múchadh an leictreachais i bhfoirgnimh éagsúla ar fud an champais ionas gur féidir an trealamh nua a chur ag obair faoi dheireadh na bliana 2017.

Cúrsaí Spóirt

D'fhonn cur le líon agus le caighdeán na n-áiseanna spóirt i gColáiste na Tríonóide, agus freastal don mhéadú seasta ar an éileamh ina leith, tá áiseanna breise spóirt atá neamhspleách ar chúrsaí aimsire curtha ar fáil i Seantrabh agus forbairt bhreise á beartú ansin chomh maith. Tá an obair ar siúl chun feabhas a chur ar an Amharclann Aclaíochta agus í a fhairsingiú. Cuireadh feabhas ar na saoráidí do bháid sa Teach Báid i nDroichead na hInse agus beidh áiseanna spóirt á gcur ar fáil ar an gcampas leis an bhforbairt nua ar Theach Oisín.

Máistirphleanáil

Tá an Straitéis agus an Máistirphlean Eastáit beartaithe á n-ullmhú i gcomhar le comhairleoirí saineolais i Londain agus cuirfear faoi bhráid na gCoistí iad le hathbhreithniú a dhéanamh orthu. Déanfar ar an gcaoi seo creat don fhorbairt inbhuanaithe a leagan síos chomh maith le bonn treise a chur faoi ghnéithe den Phlean Straitéiseach 2014-19 a bhaineann leis an timpeallacht foirgníochta.

Tionscadail Meánmhéide Eile

Is suntasach an deontas cistíochta atá i gceist leis an Institiúid Dhomhanda maidir le Sláinte na hInchinn do Choláiste na Tríonóide. Beidh cóiríocht á cur ar fáil don institiúid nua in Institiúid Lloyd.

Tá beartaithe an teileascóp iLOFAR a chur isteach ar thailte Chaisleán Rosse i mBiorra, Co. Uíbh Fháil agus táthar i mbun cead pleanála a iarraidh faoi láthair ionas gur féidir dul ar aghaidh leis an ngné shuntasach seo den taighde idirnáisiúnta ar chúrsaí eolaíochta atá ar siúl.

Ceannaíodh 'Stack B', foirgneamh cóngarach do CHQ i nDuga Sheoirse, agus rinneadh athchóiriú air do Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí agus na hInnealtóireachta Leictrí agus do na meithle taighde GV2 agus SigMedia. Tugtar le chéile na meithle gaolmhara seo sa spás nua-aimseartha comharoibre seo chun tabhairt faoi obair taighde maidir le cúrsaí fuaime, an róbataic, amharcléiriú grafaice, innealtóireacht leictreonach agus innealtóireacht leictreach, i saotharlanna nua-aimseartha atá leagtha amach i stíl oscailte.

Leantar den obair ar thionscadail thábhachtacha maidir le hobair chothabhála agus bainistíocht fuinnimh ar fud an champais agus tá tionscadail eile á mbeartú (faoi réir ag airgead a bheith ar fáil). Déantar seo chun a chinntiú gur féidir leis an Ollscoil ionad slán sábháilte a chur ar fáil agus chun feabhas a chur ar ardchaighdeán timpeallacht foirgníochta an Choláiste.

Tá Coláiste na Tríonóide tugtha don chóiríocht is fearr is féidir a chur ar fáil do na mic léinn agus leantar den obair ar an gclár athchóiriúcháin. Rinneadh na hártais chónaithe i dTeach 28 a fhorfheabhsú i rith na bliana 2016 agus tá beartaithe, sa bhliain 2017, an dara céim den obair athchóiriúcháin sin a dhéanamh i ndáil le Teach 30 i rith an tsamhraidh.

Táthar i mbun na pleanála maidir le tograí eile a chuirfeadh feabhas ar a dtaitheann an mac léinn, an ball foirne agus an cuairteoir, mar shampla athchóiriú ó bhonn ar na leithris san ionad lónadóireachta.

8.2 Caomhnú Fuinnimh

36 milliún kWh leictreachais (laghdú 1% i gcomórtas leis an mbliain 2014/15) agus beagán le cois 43 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola (laghdú 4% i gcomórtas leis an mbliain 2014/15) a d'ídigh Coláiste na Tríonóide i rith na bliana 2015/16. D'éirigh arís leis an dícheall dea-bhainistíocht a oibriú maidir le cúrsaí leictreachais ar an bpríomhchampas i lár na cathrach agus tháinig íslí de bheagán ar an méid a ídíodh. Is toradh réasúnta an méid a baineadh amach maidir le cúrsaí leictreachais tríd is tríd ó tharla go bhfuil áitribh nua san áireamh anois, mar shampla Stack B i mBaile Átha Cliath 1, Institiúid Sláinte an Daonra (IPH) i dTamhlacht agus Teach Oisín atá ar ais anois faoi scáth na hOllscoile agus athfhorbairt le déanamh air. Áitriodh foirgnimh áirithe ar an bpríomhchampas in athuair, ina measc seanáras na hAnatamaíochta agus tithe athchóirithe idir 190 agus 194 Sráid an Phiarsaigh. Tá tosca éagsúla leis an laghdú ar a méid gáis agus an méid ola a ídíodh. Bhí an bhliain 2015/16 níos teo ná an bhliain roimhe sin agus maolaíodh dá réir ar an éileamh maidir le teas agus gás. Tá ualaigh eile i gceist nach mbaineann le teas, mar shampla uisce te, riachtanais teasa a ghabhann le próisis agus réimsí a thagann faoi rialáil maidir le cúrsaí timpeallachta, agus bíonn fuinneamh teasa á ídiú dá mbarr.

Tugadh tionscadail éagsúla d'fhonn feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh chun críche i rith na bliana. Cuireadh coirí gáis nádúrtha ardéifeachtúlachta in ionad na gcoirí teasa i Leabharlann Berkeley, 1 Faiche an Choláiste agus i Halla Mhic Conaill & i dTeach an Mhaoir i Halla na Tríonóide. Rinneadh, i gcás na dtionscadal sin, forfheabhsú freisin ar an gCóras Rialála maidir le Bainistíocht Foirgnimh i ndáil leis an trealamh teasa. Cuireadh córas ardéifeachtúlachta soilse LED atá éadrom ó thaobh fuinnimh de isteach i halla an linn snámha. Cuireadh soilse LED in ionad soilse hailíd mhiotail in Amharclann Lir. Ceannaíodh Stack B, ISFC, Baile Átha Cliath 1 agus rinneadh athchóiriú ar an bhfoirgneamh do Roinn na hEolaíochta Ríomhaireachta agus do Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí agus na hInnealtóireachta Leictrí. Mar chuid den athchóiriú, cuireadh soilse LED isteach in ionad soilse d'aon chineál eile chomh maith le córas rialála soilse. Is é seo an chéad fhoirgneamh de chuid na hOllscoile ar soilse LED amháin atá ann. Ar an bpríomhchampas, tá soilse LED á gcur isteach de réir a chéile in ionad na soilse seachtracha sráide. Leanfaidh Eastáit agus Áiseanna de thionscadail fuinnimh a shonrú agus a thabhairt chun cinn de réir mar a bhíonn deis ann sin a dhéanamh agus airgead ar fáil chuige.



Cuireadh tús i rith na bliana leis an obair thógála ar Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide (TBS). Cinntítear leis an dearadh atá tugtha ar an bhfoirgneamh go sásófar na caighdeáin nua maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a ghabhann le Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB) trí bliana chun cinn ar na rialacháin sin a theacht i bhfeidhm maidir le foirgnimh faoi úinéireacht phoiblí. Cuideoidh sásamh roimh ré an ardchaighdeáin seo maidir le héifeachtúlacht fuinnimh leis an gcostas fuinnimh a ghabhann leis an bhfoirgneamh a íslí. Tabharfar sin i gcrích le dearadh a bhfuil aerú nádúrtha go mór i gceist leis chomh maith le déanamh a ngabhann insliúchán tréan leis agus córas soilse atá bunaithe go hiomlán ar shoilse LED. Beidh córas fótavoltach (PV) ar an láthair sa Scoil Ghnó trína gcuirfear leictreachas ar fáil a ghintear ar an láthair. Cuideoidh an córas PV sin le leathnú a dhéanamh maidir leis na foinsí fuinnimh inathnuaite san Ollscoil. Tá bearta den chineál céanna ionas go mbaintear caighdeáin fuinnimh NZEB á n-éileamh maidir leis an bhforbraíocht ar Theach Oisín nach bhfuil an obair ina leith baileach chomh fada céanna chun cinn. Cuideoidh glacadh roimh ré leis an gcaighdeán sin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh leis an méid fuinnimh a ídítear a laghdú agus leis an gcostas maidir leis an bhforbraíocht sin a íslí.

Leanadh den fheachtas pólótach maidir le haird ar chúrsaí fuinnimh i Halla Goldsmith, foirgneamh a mbaintear meascán úsáide as le 200 áras cónaithe do mhic léinn, spásanna riaracháin agus spásanna teagaisc. Ritheadh an feachtas seo i gcomhar le hOifig na nOibreanna Poiblí (OPW) agus bhí glacadh breá ag na mic léinn leis. Cuireadh tús leis an bhfeachtas freisin in Institiúid Choláiste na Tríonóide maidir le Míochaine Aistritheach in Ospidéal San Séamus. Lean Coláiste na Tríonóide den obair ar E3, an tionscadal fuinnimh idir ollscoileanna éagsúla lena mbaineann Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Déantar monatóireacht faoin tionscadal sin ar ídiú fuinnimh sna foirgnimh mhóra d'fhonn díriú ar íslí trí chúrsaí oibriúcháin agus rialála a bheith ar an gcaoi is fearr a d'fhéadfadh. Rinneadh bearta cumarsáide ar fud na hollscoile ar fad i rith na bliana ar fad chun aird a dhíriú ar chúrsaí fuinnimh agus ar ócáidí ginearálta eile, mar shampla Earth Hour. Cuireadh cúnamh taca ar fáil do Choiste Champas Glas na hOllscoile agus maidir leis an athnuachan ar Bhratach Ghlas an Taisce i leith na hollscoile.

Baineann an sprioc reatha ó thaobh caomhnú fuinnimh leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2 (NEEAP 2). Tá leagtha amach leis an gclár náisiúnta don earnáil phoiblí laghdú 33% a thabhairt i gcrích maidir leis an ídiú ar fhuinneamh príomhúil faoin mbliain 2020, arna mheas i gcomórtas leis an mbonnbhliain 2006 - 2008. Dearbhaítear sa tuarascáil is deireanaí gur tháinig laghdú (feabhsú) 22.6% i gcomparáid le bliain na tagarmharcála ar an déine fuinnimh arna mheas maidir leis an Innéacs Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI). Is é an cuspóir atá leagtha amach feabhas tuairim is 3% a thabhairt i gcrích maidir leis an EnPI gach bliain ionas go mbaintear amach an sprioc 33% faoin mbliain 2020.

B'ionann glanchaiteachas na bliana 2015/16 i ndáil le costas fóntais agus €5.65m (€6.64m sa bhliain 2014/15). Bhí leibhéal iomaíochta níos géire i gceist leis na praghsanna leictreachais maidir le cuntais mhóra leictreachais na hOllscoile tar éis athnuachan a dhéanamh ar an bpríomhchonradh soláthair. Tháinig laghdú ar phraghsanna gáis, mar a tharla an bhliain roimhe seo, ach bhí de bhuntáiste breise ina leith sin go raibh an aimsir níos teo agus gur tháinig íslíú ar an ídiú gáis agus ar an gcostas móriomlán dá bharr. Tá na praghsanna gáis ar a mbraitheann na costais fuinnimh iarmhír íslithe chomh mór agus a tharlóidh agus is dócha go mbeidh ardú beag ar phraghas an aonaid fuinnimh san Ollscoil i rith na mblianta seo romhainn. Is trí chreat náisiúnta arna chur ar bun ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a rinneadh an leictreachas agus an gás ar fad a sholáthar. Baintear leas leis an tionscadal sin as comhchumhacht soláthair níos tréine a bheith ag comhlachtaí den chineál céanna in earnáil na n-ollscoileanna ionas gur féidir an praghas is ísle ar an aonad fuinnimh a bhaint amach ar an margadh.

9. Cúrsaí Daonchairdis

Tá campas Choláiste na Tríonóide faoi athrú seasta i lár chathair Bhaile Átha Cliath le ceithre chéad bliain anuas agus níos faide. De réir mar a tháinig forás maidir le hardaidhmeanna agus aisling Choláiste na Tríonóide, tháinig méadú dá réir ar an réimse talún atá faoin Ollscoil. Tá tábhacht níos mó ná mar a bhí riamh leis an daonchairdeas ó thaobh cuidiú le Coláiste na Tríonóide treisiú leis na réimsí barr feabhais agus deiseanna bunaithe ar an tuillteanas a chur ar fáil do mhic léinn.

I mí na Samhna 2015, bhronn The Atlantic Philanthropies €138.4 m ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ar an University of California, San Francisco (UCSF), chun an Institiúid Dhomhanda maidir le Sláinte na hInchinne (GBHI) a chur ar bun, tionscnamh ceannródaíochta a bhfuil d'aidhm leis feabhas a chur ar shláinte dhaoine agus ar an gcúram i gcás néaltraithe ar fud an domhain. Tá an deontas mórshuntasach sin ar an deontas daonchairdis is mó riamh i stair na hÉireann agus ar an deontas is mó riamh a fuair Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Glacadh le Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) mar mhúnla maidir le Bunchlár nua i gColáiste Ollscoile Oxford. Rinneadh an fód a bhaint maidir le Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide atá á forbairt le cúnamh taca ó líon is mó ná 30 pearsa i gcúrsaí gnó in Éirinn agus thar lear. D'fhógair Coláiste na Tríonóide pleananna i gcomhar le hOspidéal San Séamus maidir leis an gcéad Institiúid Náisiúnta Ailse in Éirinn ina leagfar síos caighdeán nua maidir le cúram ailse in Éirinn.

D'fhoill na tionscadail ardaidhmeacha seo a thabhairt i gcrích, déanann Forbairt & Alumni Choláiste na Tríonóide airgead a bhailiú ó alumni, ó lucht tacaíochta agus ó chairde na hOllscoile. I rith na bliana ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go 30 Meán Fómhair 2016, fuarthas gealltanais maidir le breis is €73m (€53.3m sa bhliain 2014/15). Is léir an tairbhe atá leis an gcúnamh príobháideach seo ar fud na hOllscoile. Bhí 2,552 alumnus a bhronn airgead ar Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2015/16 agus iad scaipthe ar fud 52 tír.





Aguisín I

Freastal ar Chruinnithe an Bhoird 2015-2016

13 cruinniú a tionóladh i rith na bliana (comhchruinniú den Bhord agus de Chomhairle na hOllscoile ar an 20 Eanáir 2016 san áireamh).

Comhaltaí Ex Officio

An Propast (An Dr Patrick Prendergast) (13), An Leas-Phropast/An Príomh-Oifigeach Acadúil (An tOllamh Linda Hogan) (13), An Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime (An tOllamh Gillian Martin) (12), An Cláraitheoir (An tOllamh Shane Allwright) (13), An Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí (An tOllamh Veronica Campbell) (12).

Comhaltaí Tofa

Comhaltaí agus Comhollúna

An tOllamh Peter Coxon (1)¹, An tOllamh Sylvia Draper (11), An tOllamh Eileen Drew (10), An tOllamh Robert Gilligan (12)², An tOllamh Brian Lucey (11), An tOllamh John McGilp (13), An tOllamh Cliona O'Farrelly (10), An tOllamh Micheál Ó Siochrú (12), An tOllamh Diarmuid Rossa Phelan (13)

Daoine den Fhoireann Acadúil nach Comhaltaí iad

An tOllamh William Dowling (10), Dermot Frost Uasal (11), An tOllamh Catherine McCabe (13), An tOllamh Desmond O'Neill (6), An tOllamh Aidan Seery (12)

Baill Foirne nach den Fhoireann Acadúil iad

Frederick Cowzer Uasal (13), Sheila Dunphy Uasal (11), Gerard Garrahan Uasal (9)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na Mac Léinn (Lynn Ruane Uasal) (12), Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn (Conor Clancy Uasal) (11), Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn (Molly Kenny Uasal) (11), Uachtarán Aontas na gCéimithe (Katie Crowther Uasal) (13)

Comhaltaí Seachtracha:

An Dr Olive Braiden (10), Tony Keohane Uasal (9)³.

Aguisín II

Costais an Bhoird 2015-16

Ní dhearnadh aon táillí a íoc le comhaltaí den Údarás Rialála. Níor éiligh comhaltaí an Bhoird costais ar bith i rith bhliain acadúil 2015-2016.

1 D'éirigh an tOllamh Peter Coxon as oifig le héifeacht ón 24 Meán Fómhair 2015.

2 Tháinig an tOllamh Robert Gilligan ina chomharba ar an Ollamh Peter Coxon mar chomhalta den Bhord ón 7 Deireadh Fómhair 2015.

3 Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna an tUasal Tony Keohane ina chomhalta den Bhord ón 7 Deireadh Fómhair 2015 go dtí deireadh bhliain acadúil 2018-2019.



Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath Ráitis Airgeadais

**NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN
30 MEÁN FÓMHAIR 2016**





Cuireadh na Ráitis Airgeadais seo a leanas faoi bhráid Bhord na hOllscoile ag an gcuirniú a bhí aige an 22 Márta 2017.

Réamhrá Míniúcháin

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2016

Tá an Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a ullmhaítear de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 – (FRS 102) agus an Ráitis Chleachtais Mholta (“SORP”) - Cuntasaíocht d’Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2007), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach agus, cosúil leis an gcuid eile den earnáil ardoideachais, is í seo an chéad bhliain a bhfuil tuairisciú den sórt sin ag teacht in áit GAAP na hÉireann. Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite gníomhaíochtaí na hOllscoile ar fad agus a cuid gnóthas fochuideachta sa ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach agus sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus a dtagann leis na ráitis a fhoilsíonn eintitis tráchtála. Tá sé de dhualgas ar gach Ollscoil ráitis airgeadais a ullmhú de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 – (FRS 102).

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2016 ar 22 Márta 2017.

Tá tuairim iniúchta cáilithe ó na hiniúcháirí a cheap an Bord, KPMG, ag gabháil le Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2016, a tháinig chun cinn ón neamhchomhlíonadh le riachtanais chuntasaíochta agus nochta FRS 102. Tá sócmhainn infhaighte shochair scoir san áireamh sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais cosúil le blianta roimhe seo maidir leis an Máistirscéim Pinsin, Scéim Pinsin Shamplach, Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus an Forlíonadh Pinsin chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le dliteanais shochair scoir a mhaoineáir anois ar bhonn “íoc mar a thuilltear”. Mar sin féin, is í tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2016 agus tá na cuntais cáilithe acu ar an mbonn sin. Is cáilíocht theicniúil í an cháilíocht seo a thagann chun cinn mar gheall go bhfuil easpa fianaise leordhóthanaí ann chun go mbeadh KPMG sásta go raibh na dliteanais shochair scoir ráthaithe ag an Stát ag an am sin. Tá soláthar na fianaise sin lasmuigh de smacht na hOllscoile. Dá réir sin, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach dtagann an cháilíocht seo chun cinn mar thoradh ar shaincheistanna a bhaineann le bainistiú airgeadais na hOllscoile.



Clár

Leathanach

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais	31 – 37
Ráiteas Freagrachtaí	38
Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach	39 – 45
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh chuig Bord Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	46 – 48
Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite:	
Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hIoncam Cuimsitheach	49
Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hAthruithe sa Chúlchiste	50
Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir leis an Staid Airgeadais	51
Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid	52
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	53 – 89

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

Cuirim Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath ("an Ollscoil"), arna gceadú ag an mBord an 22 Márta 2017, i láthair. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite freisin de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráitis Chleachtais Mholta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2015), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach. Sa chomhthéacs seo, rinne an Ollscoil athbhreithniú ar a chuid beartas cuntasaíochta agus rinne sé breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama chun léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na hOllscoile ag 30 Meán Fómhair 2016 a chinntiú.

Áirítear ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ollscoil agus a ghníomhaíochtaí foghnóthais Ghala Limited, Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide faoi Theorainn Ráthaíochta, Fondúireacht Choláiste na Tríonóide, Ciste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide, Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, agus Cumann Choláiste na Tríonóide Tá míniú níos mionsonraithe tugtha ar bhunús an ullmhaithe sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 53 go 57.

Coigeartú

Cosúil leis an gcuid eile den earnáil ardoideachais, tháinig athrú suntasach ar struchtúr, théarmaíocht agus fhormáid na ráiteas airgeadais chomhdhlúite nuair a tugadh isteach an caighdeán cuntasaíochta FRS 102. Tagann an caighdeán tuairiscithe aonair in ionad an Chleachtais a nGlactar Leis in Éirinn (Irish GAAP) a bhí ann roimhe seo. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na hOllscoile don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016 le comparáidí amháil an 30 Meán Fómhair 2015 de réir FRS 102. Tá Athlua i bhfeidhm ón 1ú Deireadh Fómhair 2014, a bhí ar an gcéad dáta den tréimhse chomparáideach i.e. dáta an trasdula chuig FRS 102. Ceann de na príomhathruithe sa chur chuige cuntasaíochta faoi FRS 102 is an critéar aitheantais ioncaim nuair a aithnítear gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus caithfidh an Ollscoil anois aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le luaineacht féideartha na dtorthaí airgeadais arna dtiomáint ag an gcaighdeán nua cuntasaíochta ina ndéantar luacháil ag deireadh na bliana ar líon mór sócmhainní agus dliteanas. Beidh sé seo thar a bheith dúshlánach don Ollscoil ina réamhaisnéis mar gheall nach féidir na gluaiseachtaí bliantúla maidir le hathluachálacha a thuar.

FE/HE SORP

Chomh maith cur i bhfeidhm FRS 102, d'eisigh an Bord FE/HE SORP san RA Ráiteas Cleachtais Mholta - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2015) (SORP) chun soiléiriú a thabhairt maidir le gnéithe de FRS 102, agus chun an caighdeán a chur i bhfeidhm ar bhealach atá ábhartha agus a sholáthraíonn eolas úsáideach d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais san earnáil FE/HE. Níl na moltaí sa SORP éigeantach i bPoblacht na hÉireann, áfach tá se roghnaithe ag an Ollscoil glacadh leis de réir an chleachtais is fearr.

Tá na príomhathruithe sa chur chuige cuntasaíochta arna dtionscnamh ag tabhairt isteach FRS 102 agus SORP leagtha amach thíos le nótaí mionsonraithe sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 21 go 25 de na ráitis airgeadais chomhdhlúite:

- Athruithe aitheantais ioncaim
- Cóireáil deontas caipitil iarchurtha
- Fabhrú sochair fostaithe
- Gníomhaíocht athluacháil talún



**Ioncam
lomlán
€339m**

**Ioncam
lomlán
+5%**

**Caiteachas
Oibríochta
€330.6m**

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

Tá an staid airgeadais go hachomair leagtha amach i dTábla 1 thíos agus tá na príomhghluaiseachtaí idir easnamh €9.4m na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite 2015/16 agus easnamh €14.0m na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite 2014/15 leagtha amach thall.

Tábla 1 – An Staid Airgeadais go hAchomair

	Línte Treochtar 5 bliana	FRS10		GAAP na hÉireann		
		2016 €m	2015* €m	2014 €m	2013 €m	2012 €m
Deontais Stáit		44.0	44.5	47.3	54.5	58.7
Táillí Acadúla		133.7	128.9	122.2	116.1	113.8
Deontais agus conarthaí taighde		92.2	85.2	78.0	74.7	75.9
Ioncam eile		50.6	44.5	51.2	50.5	49.5
Ioncam infheistíochta **		6.8	7.0	7.0	6.5	6.6
Tabhartais agus dearlaici***		11.7	12.9	-	-	-
Ioncam lomlán		339.0	323.0	305.7	302.3	304.5
Costais foirne		234.7	231.1	225.7	221.8	220.9
Costais oibríochta eile		95.9	94.5	89.4	85.0	84.9
Costais lomlán oibríochta		330.6	325.6	315.1	306.8	305.8
Tuillimh roimh ús, chain, dímhéas agus amúchadh (EBITDA)		8.4	(2.6)	(9.4)	(4.5)	(1.3)
Lúide:						
Dí mhéas (glan ar amúchadh)		(34.4)	(19.8)	(17.0)	(14.0)	(12.0)
Glan-ús iníochta		(4.6)	(3.6)	(3.4)	(1.4)	(0.3)
Easnamh roimh ghnóthachain agus cailleanais		(30.6)	(26.0)	(29.8)	(19.9)	(13.6)
Móide:						
Gnóthachan/(cailleanas) ar infheistíocht maoine a athluacháil		11.6	9.9	7.9	(2.6)	(7.5)
Gnóthachan ar infheistíochtaí		9.6	2.1	-	-	-
Easnamh don bhliain		(9.4)	(14.0)	(21.9)	(22.5)	(21.1)

* Athluadh na figiúirí le haghaidh 2015 de réir FRS 102

** Ní bhaineann ioncam úis le hioncam infheistíochta

*** Athrú ar chritéir aitheantais ioncam

Léiríonn an t-ioncam comhdhlúite (gan amúchadh agus ioncam úis san áireamh) de €339.0m do 2015/16 (2014/15: €323.0m) ardú 5.0% ar an mbliain roimhe sin. Baineann an ghluaiseacht €16.0m go príomha le méadú €4.8m ar ioncam ó tháillí acadúla, ioncam €7.0 ó thaighde agus €6.1m ó ioncam eile. Léiríonn feidhmíocht airgeadais don bhliain an tionchar a bhí ag an laghdú 0.6% sa bhliain féilire ar mhaoiniú


athfhillte an stáit in 2016 i gcomparáid le 2015 mar a chuir an HEA in iúl. Léiríonn an méadú ar tháillí acadúla agus ioncam eile in 2015/16 le hais 2014/15, infheistíocht na hOllscoile maidir le straitéisí giniúna ioncam neamh-Stáitchiste, (féach nótaí 2 go dtí 7 de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite chun miondealú breise ar ioncam a fháil).

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

B'ionann an caiteachas comhdhlúite (gan dímheas agus ús iníoctha san áireamh) an bhliain agus €330.6m (2014/15: €325.6m mar a athshonraíodh). Baineann an ghluaiseacht €5.0m go príomha le méadú €3.6m ar chostais foirne agus tagann ranníocaíocht €2.0m ó arduithe ar thuarastal. Tháinig méadú 1.5% ar chostais oibríochta eile bliain ar bhliain, a léiríonn go príomha an méadú ar ghníomhaíocht a bhaineann leis an bhfás maidir le taighde agus leis an ioncam tráchtála. Féach nótaí 8 go dtí 10 ar leathanaigh 28 go dtí 30 de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Statements chun miondealú breise ar chaiteachais a fháil).

Áirítear ar an easnamh tuairiscithe roimh ghnóthachain agus chaillteanais eile de €30.6m soláthar maidir le dímheas (glan ar amúchadh) de €17.8m agus muirear lagaithe de €16.7m a bhaineann le leagan Luce Hall (lena n-áirítear roinnt foirgneamh mórtimpeall ar Shráid an Phiarsaigh) agus fágáil Theach Oisín chun an bealach a fhágáil d'fhorbairt na Scoile Gnó agus do chóiríocht mac léinn nua faoi seach.

B'ionann leibhéal na ngníomhaíochtaí taighde do 2015/16 a taifeadadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (tomhaiste ar bhonn na gníomhaíochta caiteachais i rith na bliana agus ní an t-ioncam a fuarthas) agus €92.2m (2014/15: €85.2m). Is í seo an tríú bliain as a chéile a thaifead an Ollscoil méadú ar ioncam taighde leis an mbliain reatha 23.5% chun tosaigh ar an méid a taifeadadh in 2012/13. Bhí luach €164m ar na gradaim nua a síníodh sa bhliain, sin ardú thart ar 56% ar luach na bliana roimhe sin (2014/15: €105m). Áirítear air sin €68m ó Atlantic Philanthropies chun an Institiúid Sláinte Inchinne Domhanda a mhaoiniú. Tá an gradam suntasach sin ar an ngradam daonnachtúla is mó i stair na hÉireann agus ar an ngradam aonair is mó a gealladh riamh don Ollscoil. Lean an rath sin maidir le mealladh mhaoiniú AE ar aghaidh in 2015/16 le luach na ngradam arna maoiniú faoin gclár Horizon 2020 ag tuairisciú méadú 13% (€ 2.9m) ar luach na bliana roimhe sin. Coláiste na Tríonóide rangaithe anois sa 19ú áit as 1337 HEI san Eoraip maidir le maoiniú Horizon 2020. In 2015/16 ba é an cóimheas ioncaim taighde Státchiste/neamh-Státchiste ná 64:36 (2014/15: 65:35).



Cé go bhfuil an-iomaíocht i réimse an taighde i gcónaí, tá na réamh-mheastacháin reatha ioncaim taighde níos mó na €90m in aghaidh na bliana sna 5 bliana amach romhainn. Baineann an Ollscoil tairbhe i gcónaí as rath na Straitéise Éagsúlachta Taighde, a dhíríonn ar mhaoiniú AE, tionscail agus maoiniú eile a thagann as foinsí eile seachas an Státchiste). Tá ráta aisghabhála íseal na gcostas indíreacha i gcomparáid leis an Costas Iomlán Eacnamaíochta (FEC) fós ina ábhar imní leis an ráta costas indíreach a aisghabhadh ar chaiteachas díreach ag laghdú go 18% (2014/15: 20%). Caithfear dul i ngleic leis an dul chun cinn maidir leis an mbearna maoinithe sin a chaolú má tá an Ollscoil chun leanúint ar aghaidh ag fás agus ag tacú le taighde go héifeachtach.

Caiteachas Oibríochta
+1.5%

Gníomhaíochtaí Taighde
+8.2%

Ráta Aisghabhála Costais Indírich
18%

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

Soláthar

Tá an Straitéis Soláthair, a seoladh in 2014/15, ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar bhainistiú a dhéanamh ar chaiteachas neamh-phá ar fud na hOllscoile le béim ar bhainistiú soláthróirí agus catagóirí. Leanann rannpháirtíocht leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an tSeirbhís Soláthair Oideachais ag méadú agus an dóchúlacht ann, amach anseo, go mbeidh an soláthar ar fad á reáchtáil ag na heagraíochtaí sin i bhfoirm tairiscintí iomlána nó mionchomórtais.

Tá tionchar ag an gCóras Faisnéis Airgeadais nua ar an tsamhail fhoinsithe agus cheannach le coigilteas de thart ar €2m a baineadh amach in 2015/16 amach ar fud na seacht gcatagóir caiteachas (Saotharlann & Taighde, TFC, Saoráidí, Taisteal, Acmhainní Daonna, Margaíocht, Seirbhísí Gairmiúla). Ceadóidh cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise Soláthair cuir chuig nua chun foinsí islithe costas a aithint, riosca agus luach ag tacú a thacaíonn le haidhm na hOllscoile luach mhéadaithe ar airgead a bhaint amach.

Ciste Dearlaice Choláiste na Tríonóide

Is éard atá i gCistí Dearlaice Choláiste na Tríonóide, cistí buana a chuireann tacaíocht airgid ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí áirithe Ollscoile feasta, lena n-áirítear cathaoireacha, scoláireachtaí agus comhaltachtaí a bhronntar ar dhaoine, taighde, tionscadail chaipitil agus lear mór spriocanna eile acadúla. B'ionann iomlán na gcistí arna gcoinneáil ag an gCiste Dearlaice agus €181m amhail an 30 Meán Fómhair 2016, atá anois ag sárú na spriocluacha de €180m arna leagan amach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2014-2019. Bhain an Ciste amach glan-aischur de 10% amach agus fuair an Ollscoil ranníocaíocht oll-ioncaim €6.5m dá bharr. Léiríonn Tábla 2 thíos feidhmíocht iarbhrí an Chiste Dearlaice i gcomparáid le tuairisceán comhiomlán tagarmhairc de réir bliana ó 2012-2016.


I rith na bliana chuir an Ollscoil le hathbhreithniú Straitéis Infheistíochta an Chiste Dearlaice i gcomhthéacs na timpeallachta reatha a bhfuil toradh íseal ag baint léi. Lena chois sin, tar éis rannpháirtíocht fairsing le hionadaithe mac léinn agus le heagraíochtaí seachtracha, tá an Ollscoil tiomanta i mí na Samhna 2016 dídhílsiú ó chuideachtaí arb é eastóscadh breosla iontaise a mbunghnó.

Tábla 2 – Aischur Infheistíochta

	Aischur Iarbhrí*	Tagarmharc**
FY2015/16	10.0%	9.8%
FY2014/15	5.1%	6.2%
FY2013/14	15.3%	15.2%
FY2012/13	11.5%	8.7%
FY2011/12	12.6%	12.9%

* Tuairisceán Bhliantúlaithe (glan ar tháillí bainistíochta)

** Tuairisceán Thagarmhairc Chomhiomlána



Ráitis
Glan-
Sócmhainní
€805m

Athluacháil
Talún
+€180m

Caipitil
Caiteachas
€25.6m

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Tábla 3 – Fiachas mar % de Ghlan-Sócmhainní

	FRS102		GAAP na hÉireann		
	2016	2015	2014	2013	2012
Fiachas mar de ghlan-sócmhainní	25%	17%	16%	15%	14%

B'ionann na glan-sócmhainní comhdhlúite agus €805.1m amhail an 30 Meán Fómhair 2016, laghdú €9.5m ar 2014/15 (mar a athshonraíodh). Fágann an cur chuige nua faoi FRS 102 go bhfuil coigeartú ábhartha anuas ag tarlú i ndáil le glan-sócmhainní mar gheall ar athrangú na ndeontas caipitil iarchurtha go dtí ioncam iarchurtha i gcreidiúnaithe níos mó ná bliain amháin de €267.7m le héifeacht ó dháta trasdula an FRS 102, an 1ú Deireadh Fómhair 2014. Chomh maith leis sin, mar chuid den trasdul chuig FRS 102 rinne an Ollscoil athluacháil ghairmiúil sheachtrach ar a cuid talún a rinne cúiteamh i bpáirt ar na coigeartuithe sin trí luach ár sócmhainní talún a ardú €180.6m.

B'ionann na breiseanna caipitil sócmhainní seasta le linn na bliana, a léirigh infheistíocht leanúnach in eastát na hOllscoile, agus €25.6m (2014/15: €17.4m mar a athshonraíodh). Tógáil agus breiseanna daingneán agus feisteas is cúis le € 15.5m a bhaineann go príomha leis an Scoil Ghnó nua, foirgneamh na Institiúide um Shláinte an Daonra (IPH) i dTamhlacht, Teach Oisín, Tionscadal Meánvoltais an Champais agus Ionad Choláiste na Tríonóide um Theicneolaíochtaí Cruthaitheacha agus Innealtóireacht na Meán. Is ionann breiseanna Ríomhaire agus Trealamh agus €10.1m (2014/15: €5.8m mar a athshonraíodh), lena n-áirítear micreascóp nua suntasach le costas €4.2m a cheannach Tá roinnt príomhthionscadal caipitil á gcur chun cinn ag an Ollscoil chun teagasc, taighde agus fás ioncaim tráchtála a fheabhsú.

B'ionann iarmhéideanna airgid tirim agus €95.1m amhail an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: €73.0m mar a athshonraíodh) agus b'ionann infheistíochtaí, atá comhdhéanta go príomha de thaisc gearrthéarmaigh, agus €149.1m amhail an 30 Meán Fómhair 2016 (2015: €108.8m mar a athshonraíodh). Tá saoráid iasachta €145.0m ag an Ollscoil leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, ar tarraingíodh anuas amhail an 30 Meán Fómhair 2016. Thiomsaigh an Ollscoil a chúnaint bhainc go léir ag deireadh na bliana. Leagtar amach sa tábla thíos fiachas na hOllscoile (iasachtaí agus léasanna airgeadais) mar chéatadán de na glan-sócmhainní.

Cáilíocht an Iniúchta

Cosúil le blianta roimhe seo, ba mhaith liom d'aird a tharraingt ar an tuairim iniúchta cáilithe a d'eisigh KPMG, na hiniúcháirí a cheap an Bord, a tháinig chun cinn ón neamhchomhlíonadh le riachtanais chuntasaíochta agus nochta FRS 102. Tá sócmhainn infhaighte shochair scoir san áireamh i gcónaí sa ráiteas maidir le staid airgeadais i ndáil leis an Máistirsceim Pinsin, Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, Scéim Pinsin Shamplach agus an Forlíonadh Pinsin (ag teacht le hollscoileanna eile in Éirinn) chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le gach dliteanas sochair scoir a mhaoinítear anois ar bhonn "íoc mar a thuilltear". Mar sin féin, is í tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus an Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2016 agus tá na cuntais cáilithe acu ar an mbonn sin. Tuigtear don Ollscoil go ndearnadh plé maidir leis sin idir an HEA, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Murab ionann agus na hiniúcháirí a cheap an Bord, níor eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ("C&AG") cáiliú maidir leis seo, mar go léiríonn aithint na sócmhainne i ndáil le maoiniú pinsin maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus an Forlíonadh Pinsin go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanas shochair scoir de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo costas reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní chun dliteanas shochair scoir a mhaoiniú amach anseo.

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

Conclúid

Tábla 5 - Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna)

KPlanna	Sprioc 2019	Stádas RAG	FRS102		GAAP na hÉireann		
			2016	2015 (athshonraithe)	2014	2013	2012
EBITDA ¹ % d'ioncam ²	6%	A	2.5%	-0.8%	-3.1%	-1.5%	-0.4%
(Easnamh)/Barrachas lomlán % d'ioncam ²	3%	A	-2.8%	-4.3%	-7.1%	-7.4%	-6.9%
Ioncam Státchiste/Neamh-Státchiste ³	40:60	A	43:57	44:56	45:55	48:52	49:51
Cóimheas Pá/Neamh-phá**	65:35	A	71:29	71:29	72:28	72:28	72:28
Pá mar % d'ioncam Oibríochta	65%	A	69%	72%	74%	73%	73%
Glan-Sócmhainní	€800m	G	€805m	€815m	€909m	€916m	€938m
Luach an Chúlchiste Dearlaice	€180m	G	€181m	€169m	€165m	€147m	€140m

¹ Tuilleamh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh


² Ioncam roimh ghnóthachain/chailiteanais neamhréadaithe agus amúchadh

³ Gan maoiniú Stáit maidir le pinsin, focaíochtaí SUSI agus amúchadh deontas caipitil san áireamh (arna gcomhaontú san earnáil)

⁴ Gan costais dhímheasa, lagaithe agus úis san áireamh

I bhfianaise na ndúshlán airgeadais atá feicthe ag an Ollscoil le roinnt blianta anuas leanann sí le dul chun maith a dhéanamh d'fhonn a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Is údar misnigh é a fheiceáil go bhfuil gluaiseacht dhearfach na KPlanna thuas mar thoradh ar na straitéisí giniúna ioncaim neamh-Státchiste lena n-áirítear feabhas EBITDA 3.3% ar 2014/2015.

Consolidated Income




Cé go bhfuil an chosúlacht air go bhfuil maoiniú foriomlán do phríomhghníomhaíochtaí ó fhoinsí Státchiste cobhsaithe, tharla sé seo i gcomhthéacs na laghdaithe croídheontas carnach suntasach (tá laghdú c.20% ar mhaoiniú Stáit foriomlán in aghaidh an mhic léinn idir na blianta 2008 agus 2016) agus méaduithe bliain ar bhliain i líon na mac léinn a fhágann go bhfuil athrú tagtha ar an gcóimheas idir maoiniú poiblí agus príobháideach. I gcomhthéacs an mhaoinithe phoiblí laghdaithe, leanann an Ollscoil ag díriú ar phríomhbhealaí le hioncam neamh-Státchiste a ghiniúint (mic léinn iarchéime agus idirnáisiúnta, tráchtálú, daonchairdeas, taighde agus rannpháirtíocht sa tionscal) chun sruthanna ioncaim éagsúla a chruthú agus a fhás don Ollscoil, brabúsacht a fheabhsú agus, trí sin a dhéanamh, ár n-inbhuanaitheacht airgeadais a dhaingniú. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh i dtaca leis na bunstraitéisí fáis seo, straitéisí a bhfuil infheistíocht déanta ag an Ollscoil iontu le roinnt bheag blianta agus is ionann cóimheas ioncaim Státchiste/neamh-Státchiste na hOllscoile don bhliain faoi athbhreithniú agus 43:57 i gcomparáid le 49:51 in 2011/12 (70:30 in 2007/08).

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

Thar na blianta, bhí tionchar tromchúiseach ag na laghduithe maoinithe poiblí ar staid airgeadais na hOllscoile agus rud a fhágann gur tuairiscíodh easnamh comhdhlúite agus ídiú cúlchistí airgeadais gach bliain le 5 bliana anuas. Mar thoradh ar sin, rinneadh cinneadh díriú ar fhás ioncaim neamh-Stáitchiste chomh maith le coigiltis gearrthéarmacha a sheachadadh d'fhonn an t-easnamh a íoslaghdú. Ach tá tionchar fadtéarmach aige sin mar shampla infheistíocht chaipitil a iarchur. Leagann sé béim láidir chomh maith ar na fadhbanna inbhuanaitheachta atá os comhair na hOllscoile nuair a chuirtear iad i gcomparáid le moladh an OECD go mbeadh barrachas bliantúil 3% mar leibhéal riachtanach i gcomhthéacs Ard-Oideachas na hÉireann (HE) chun inbhuanaitheacht airgeadais a chothabháil. Aithnítear go forleathan go bhfuil an maoiniú don earnáil ardoideachais na hÉireann ag pointe géarchéime agus tá an t-ábhar a bhreithníú go dian ag Tuarascáil Cassells. Tacaíonn an Ollscoil go hiomlán le torthaí agus le moltaí na Tuarascála seo. Ní mór plean maoinithe fadtéarmach a bhunú anois ag leibhéal leordhóthanach chun inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú lena n-áirítear athnuachan, forbairt agus cothabháil infreastruchtúir chaipitiúil. Caithfidh an Ollscoil aghaidh a thabhairt ar thodhchaí neamhchinnte áfach i dtaobh thiomantas an Rialtais do Cassells agus an tionchar a bheith ag torthaí féideartha Imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach.

Mar a luadh níos luaithe, tá saincheist phráinneach eile ann maidir leis an leibhéal íseal ranníocaíochtaí taighde i láthair na huair maidir le costais indíreacha ó thaighde conartha. Titeann an ráta éifeachtúil ranníocaíochta a bhíonn ag an Ollscoil go mór faoi bhun an ráta iomlán aisghabhála costas eacnamaíoch agus in 2015/16 cailleadh c€9m ioncam fiú i gcomparáid leis an ráta 30% arna gcomhaontú ag na gníomhaireachtaí maoiniúcháin náisiúnta.

Maidir leis an tsaincheist i ndáil le hinbhuanaitheacht airgeadais foriomlán agus an bhearna inbhuanaitheachta a leagtar béim air i bhFíor 2 thuas, ba chóir go mbeadh an Ollscoil ag tuairisciú barrachas bliantúil de 3% d'ioncam ar a laghad roimh ghnóthachain / chailiteanais neamhréadaithe agus lagú aon uaire (moladh an OECD). Chun an sprioc sin a bhaint amach sa mheántearma, ní mór don Ollscoil a ioncam a mhéadú tuilleadh anois agus an toradh ar ghníomhaíochtaí reatha a fheabhsú. Ní mór a thabhairt ar aird go bhféadfadh laghduithe costais bhreise tionchar suntasach diúltach a bheith aige ar chaighdeán an teagaisc, ar rátálacha agus ar eispéireas foriomlán na mac léinn.



* Easnamh iomlán roimh ghnóthachain agus chailiteanais eile agus laguithé aon uaire

** 3% den bhuiséad iomlán roimh ghnóthachain agus chailiteanais eile

Tá bainistíocht chúramach ag teastáil go fóill ó thaobh staid airgeadais na hOllscoile de agus sa chomhthéacs sin reáchtáladh roinnt cruinnithe leis an HEA in 2016 chun gcúrsaí buiséadacha a bhreithniú. Tá an Ollscoil tiomanta aghaidh a thabhairt ar a staid dúshlánach airgeadais mar ábhar tosaíochta le formhór na n-easnamh tuairiscithe nasctha le hathnuachan infreastruchtúir nach bhfuil á mhaoiniú ag foinsí maoiniú poiblí go dtí seo. Le linn na bliana, bhreithnigh an Ollscoil coincheap ardleibhéil tobhach mac léinn a thabhairt isteach chun freastal ar an gcostas sin agus beidh tuilleadh plé á dhéanamh aici le príomhpháirtithe leasmhara in 2016/17.

I mo thuairim, ní féidir cuspóir na hOllscoile maidir leis an taithí teagaisc, taighde agus mac léinn is fearr a sheachadadh tríd an lucht acadúil, infreastruchtúr agus riarachán is fearr a bhaint amach ach trí ioncam méadaithe ó mheascán d'fhoinsí Stáitchiste agus neamh-Stáitchiste agus trí thoradh méadaithe na ngníomhaíochtaí atá ann cheana. Cé go bhfuil deiseanna suntasacha ar fáil don Ollscoil chun níos mó ioncaim a ghiniúint ó fhoinsí neamh-stáitchiste le cois an mhéid atá curtha ar fáil go dtí seo, tá maoiniú suntasach breise ag teastáil ón Stát mar phríomhpháirtí leasmhar san ardoideachas i dtéarmaí athfhillteach agus caipitil araon chun freastal ar fhás réamh-mheasta i rátaí déimeagrafacha agus rannpháirtíochta agus chun cáilíocht eispéireas na mac léinn a chothabháil.

Ian Mathews
Príomhoifigigh Airgeadais



Ráiteas Freagrachtaí

Éilítear ar Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath, (“an Ollscoil”) cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas ceart agus gnáth a choimeád i bhfoirm a fhéadfaidh An tÚdarás um Ard-Oideachas a cheadú maidir le hairgead a fhaightear agus a chaitear. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an Ollscoil:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- aon imeacht ábharthach ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a fhaisnéisiú agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Ollscoil lena gnó.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na hOllscoile agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Acht na nOllscoileanna, 1997 agus go n-ullmhaítear iad de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Tá an Ollscoil freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gnó na hOllscoile ar shlí cheart agus rialta agus as na sócmhainní uile faoina rialú oibríochta agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

AN DR. PATRICK PRENDERGAST
PROFAST

An 22 Márta 2017

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH

Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, admhaímid go bhfuil freagracht iomlán air as córais rialaithe inmheánaigh na hOllscoile; a chlúdaíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta chomh maith le córais bhainistithe riosca a thacaíonn le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile agus maoinithe agus sócmhainní poiblí agus eile a bhfuilimid freagrach astu á gcósaínt ag an am céanna.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le go dteipfeadh orainn beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach nó gnóthaí a dhéanamh ar bhealach eagraithe agus dlísteanaigh seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis ach dearbhú éifeachtachta réasúnach a chur ar fáil agus ní dearbhú éifeachtachta iomlán.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá leagtha amach chun na príomhrioscaí a bhaineann le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a aithint; chun nádúr agus méid na rioscaí sin a mheas; agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach, go héifeachtúil agus go heacnamaíoch. Bhí bainistiú riosca mar chuid lárnach de bhainistiú na hOllscoile i gcónaí. Tá creat bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ó 2006 agus leanfar ar aghaidh á athbhreithniú agus á mheas ar bhonn leanúnach.

Go sonrach:

(i) Cinntíonn na nithe seo a leanas go mbeidh timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm san Ollscoil:

- Tuairisciú rialta chuig na Coistí Boird ábhartha agus chuig an mBord ar na gnéithe airgeadais agus dlí a bhaineann le mórthionscadail agus a chinntiú go bhfuil clocha míle tábhachtacha á gcur i gcrích;
- Áirítear ar théarmaí tagartha Phríomhchoistí an Bhoird maoirsiú a dhéanamh ar thionscnaimh mhóra laistigh dá réimse freagrachta agus faigheann an Bord miontuairiscí óna gcruinnithe;
- Déanann an Coiste Iniúchta, a fhaigheann tacaíocht ón bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, athbhreithniú ar scóp agus ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha na hOllscoile, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus tuairiscíonn sé go rialta chuig an mBord;
- Déanann an Bord, an Coiste Airgeadais agus Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin na hOllscoile, grúpaí Stiúrtha agus coistí ábhartha eile athbhreithniú ar phróifíl riosca na dtionscnamh móra roimh agus i rith chur i bhfeidhm na mórthionscadal;

- Feidhmíonn Déin Dáimhe agus Cinn Scoile, réimsí Riaracháin agus Seirbhíse agus iad ag comhlíonadh feidhmeanna, de réir beartas ar Róil agus ar Fhreagrachtaí maidir le cúrsaí airgeadais a cheadaíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord;
- Cuireann Oifig an Chisteora Tuarascálacha Eisceachtaí Rialaithe le chéile agus déanann an Coiste Airgeadais breithniú orthu ar bhonn débhlantúil. Déantar gníomhartha a aithint chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh;
- Déanann Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin agus Bord na hOllscoile breithniú ar Chlár Riosca Ardleibhéil na hOllscoile agus tá sé á athbhreithniú agus á nuashonrú i láthair na huaire;
- Tugadh isteach beartas chun calaois airgeadais líomhnaithe a aimsiú agus chun freagairt di i Nollaig 2001; áirítear ar an mbeartas seo freisin soláthairtí maidir le calaois a thuairisciú do na húdaráis chuí. Tá athbhreithniú ar an bPolasaí Calaoise ar bun agus tabharfar chun críche é sa bhliain Acadúil 16/17;
- Tá lámhleabhair nósanna imeachta agus treoirlínte ar bhainistiú airgeadais, taighde agus acmhainní daonna ar fáil do gach comhalta foirne.

(ii) Baintear úsáid as na próisis seo a leanas chun rioscaí eagrúcháin a aithint agus chun na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo a mheas::

- Ghlac an Bord le Beartas Bainistithe Riosca i Meitheamh 2015. Tá an beartas seo á chur i bhfeidhm trí phróiseas bainistithe riosca foirmiúil a bhaineann le gach réimse den Ollscoil, ó réimsí acadúla go réimsí riaracháin, ó thaobh na rioscaí a mheas agus a bhainistiú lena n-áirítear impleachtaí airgeadais ar bhealach struchtúrtha;
- Cuirtear an Bord ar an eolas faoi Rioscaí Ardleibhéil agus úinéirí riosca na hOllscoile agus faoi na céimeanna atá á nglacadh chun iad a bhainistiú. Tá cur i bhfeidhm an Bheartais Riosca agus lánpháirtí na bainistíochta riosca isteach in oibríocht na hOllscoile á fhorbairt i gcónaí agus á neadú i gcónaí i struchtúir bhainistíochta na hOllscoile;

Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

- Áirítear ar gach togra mór a chuirtear faoi bhráid an Bhoird measúnú riosca foirmiúil, lena n-áirítear rioscaí airgeadais. Cheadaigh an Bord polasaí forlíontach an 23 Márta 2016 maidir le ‘Treoirlínte ar thionscadail mhóra taighde a thabhairt ar aird ag an mBord’, atá infheidhme le deontais mhóra taighde a thagann ón Déan Taighde.
 - Comhaontaíodh tionscnamh earnálach a chuir an Ollscoil tús leis lena chinntiú go bhfaigheann an Bord tuairiscí rialta ar an bpróifíl riosca agus ar chomhlíonadh le Plean Straitéiseach na hOllscoile ó chomhlachtaí idir-institiúide a bhfuil an Ollscoil mar bhall dóibh. Chomh maith leis sin, cuireann Stiúrthóirí Choláiste na Tríonóide tuarascálacha ar fáil don Bhord gach sé mhí anois faoi na ceannteidil seo a leanas:
 - Ainm;
 - Institiúidí Rannpháirtíochta;
 - Cuspóirí;
 - Mórghníomhaíochtaí Leanúnacha;
 - Pleananna Amach Anseo;
 - Diallas (más ann) ó bhunchuspóirí;
 - Nádúr agus tábhacht na rioscaí maidir
 - Mionsonraí faoi na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm, mar shampla buiséid, agus an modh chun comparáid a dhéanamh idir torthaí iarbhire agus buiséid i rith na bliana;
 - Bhunaigh an Ollscoil córas leithroinnte acmhainní agus buiséid agus d’fhorbair sí samhail réamhaisnéise airgeadais 5 bliana. Déanann sé próiseas buiséadaithe bliantúil agus ceadáíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord na meastacháin bhliantúla. Déantar buiséid a athbhreithniú in aghaidh feidhmíochta iarbhire agus ath-réamhaisnéisí ráithiúla i rith na bliana. Tá tuarascálacha míosúla ar fáil agus tá oiliúint agus tacaíocht á gcur ar fáil do shealbhóirí buiséad ar a n-iarratas agus déanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar phacáiste airgeadais chomhdhlúite go ráithiúil.
- (iii) Leantar nósanna imeachta sárchleachtais:
- Tá próiseas údaráithe struchtúrtha ag an Ollscoil a mheaitseálann leis na teorainneacha airgeadaíochta a theastaíonn don údarás sínithe ar idirbhearta airgeadais, laistigh de chuntais shonracha chuig an ngrád cuí laistigh de gach réimse; tá freagracht foriomlán ag an gCeann Scoile/Feidhme as an údarás sínithe a tharmligean laistigh dá réimse féin. Faoi struchtúr airgeadais déabhlóidithe, tá an Déan Dáimhe/Ceann na Rannóige cuntasach don Bhord tríd an gCoiste Airgeadais as gach cúrsa airgeadais a bhaineann lena D(h)ámh féin. Cuireann Oifig an Rúnaí oiliúint ar fáil agus tugann sí comhairle ar gach réimse den Ollscoil maidir le hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus maidir le ceanglais eile ar an Ollscoil;
 - Foilsíonn an Rannóg Seirbhísí Airgeadais nósanna imeachta mionsonraithe maidir le hidirbhearta airgeadais a láimhseáil ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Cuireann an Oifig sin oiliúint ar fáil don fhoireann ar bhonn rialta freisin. Déantar beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí;
 - Tá gairmithe airgeadais ina gcomhaltaí de na Coistí seo a leanas:
 - An Coiste Iniúchta
 - An Coiste Airgeadais
 - An Coiste Acmhainní Daonna
 - Coiste Beartais na nEastát
 - An Coiste um Shaol na Mac Léinn;
 - Cuireann Comhpháirtithe Airgeadais comhairle agus tacaíocht dhíreach ar fáil don phobal Acadúil agus do Rannóga maidir le cúrsaí airgeadais.

Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

(iv) Nósanna Imeachta maidir le Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha::

- An t-athbhreithniú rialta a dhéanann Bainisteoirí na réimsí riaracháin agus tacaíochta, na Cinn Scoile agus na Déin Dáimhe agus ráiteas dearbhaithe a chur ar fáil ar bhonn bliantúil;
- An mhaoirseacht a dhéanann Príomhchoistí an Bhoird le tuairisciú rialta ar shaincheistean ar chóir a aird a dhíriú orthu trí mhiontuairiscí na gcoistí seo agus trí thuairiscí ó Chathaoirleacha na gCoistí atá ina mbaill tofa ar an mBord, seachas an Coiste Airgeadais arna stiúradh ag an bPropast agus an Coiste Iniúchta arna stiúradh ag ball seachtrach neamhspleách.
- An Coiste Iniúchta bunaithe ar thuarascálacha ón Iniúcháir Inmheánach ar stádas na rialuithe inmheánacha; déantar na tuarascálacha seo de réir chlár oibre a leag Coiste Iniúchta na hOllscoile síos. Rialuithe ar athbhreithnithe iniúchta inmheánacha ar fud feidhmeanna éagsúla na hOllscoile bunaithe ar athbhreithniú ar riosca. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta chuig an mBord ar bhonn bliantúil agus eisíonn sé ráiteas bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánach; cuirtear freagra ar an tuairisc sin ón nGrúpa Oifigeach Feidhmiúcháin faoi bhráid an Bhoird lena mheas chomh maith;
- Tuairiscí ó iniúcháirí seachtracha na hOllscoile agus ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste arna meas ag an gCoiste Iniúchta;
- Clár d'athbhreithnithe ardchaighdeáin seachtracha ar réimsí acadúla as a dtéann na torthaí isteach i gcláir rioscaí na réimsí aonair. Athbhreithnithe ardchaighdeáin ar Scoileanna, ar chláir agus ar Sheirbhísí Tacaíochta á treorú ag riachtanais an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta 2012. Comhlíonann an Ollscoil riachtanais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Leasuithe Inimisce agus an Chláir Eatramhaigh um Oideachais Idirnáisiúnta (ILEP), a bhaineann lenár gcumas cláir oideachais a thairiscint do mhic léinn a mbíonn víosa iontrála ag teastáil uathu;
- Athbhreithniú Bliantúil an Phropaist;
- Tuarascálacha an Phropaist a chuirtear i láthair ag gach cruinniú den Bhord;

- Mar fhreagra ar cheistean a aithníodh in athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh ar 'Sheirbhísí Conraithe go Seachtrach', ceadáíodh polasaí nua ag an mBord in Eanáir 2017 le rialú a chur ar fáil i dtaca le foinsí agus rialachas an chéanna.

(v) Deimhníú maidir le hAthbhreithniú ar Éifeacht an Chórais um Rialú Inmheánach:

- Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go bhfuil na próisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe thuasluaite (Alt (iv)) i bhfeidhm i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016 agus nach bhfuil aon saincheistean a bhaineann le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh sainaitheanta a éilíonn nochtadh sa ráiteas seo.

Bunaithe ar athbhreithniú inmheánach ar chaiteachas os cionn €25,000 i rith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016, tá os cionn 98% de chaiteachas iomlán na hOllscoile fós ag cloí go iomlán le treoirlinnte soláthair náisiúnta agus AE. Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag obair i dtreo comhlíonadh iomlán leis na treoirlinnte ábhartha go léir.

I gcásanna inar aithin iniúchadh inmheánach mainneachtana sa rialú inmheánach, tá obair ar bun chun na moltaí ábhartha a chur i bhfeidhm. Níor aithníodh aon laigeachtaí sa rialú inmheánach a raibh caillteanais ábhair, teagmhais nó neamhchinnteachtaí mar thoradh orthu agus a theastódh iad a nochtadh sna ráitis airgeadais nó i dtuarascáil an iniúcháir ar na ráitis airgeadais.

Déantar an córas bainistithe riosca a athbhreithniú agus a scagadh ar bhonn leanúnach. Tugadh faoi Chéim 1 de Chlár Riosca na hOllscoile ina leagtar amach na rioscaí ardleibhéil agus tá athbhreithniú á dhéanamh air agus tá obair ar siúl ar Chéim 2, le cláir phíolótacha tugtha chun críche i ngach aonad de na trí Rannán agus na trí Scoileanna sa Dámh. Beidh an Post mar Phríomhoifigeach Riosca, post sinsearach i gColáiste na Tríonóide a bheidh freagrach as an gcur chuige foriomlán maidir le Bainistíocht Riosca agus oibleagáidí comhlíonta ó thaobh Bainistíú Riosca laistigh dá théarmaí tagartha, fógartha.

De réir alt 2.11 dár gCód Rialachais a chloíonn go hiomlán leis an gcód a d'eisigh an HEA, is mian linn an méid seo a leanas a chur in iúl:

Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

- i) **Ceanglais Reachtúla:** Aithníonn an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh gach ceanglas reachtúil atá infheidhme leis an Ollscoil mar atá leagtha amach in Acht na nOllscoileanna 1997 agus i reachtaíocht ábhartha eile.

Lena chinntiú gur féidir le dlí bunúsach an Choláiste agus na hOllscoile tacaíocht cheart agus chuí a thabhairt don Ollscoil agus í a eagrú i gceart agus go cuí, leas agus ord a Pobal a chosaint, agus a misean agus cuspóirí a chur chun cinn, ceadaíodh leasuithe ar na Caibidlí agus athbhreithnithe ar na Sceidil a ghabhann le Reachtanna 2010 ag Comhchruinniú an Bhoird agus na Comhairle an 20 Eanáir, 2016 a bhaineann le:

- Aonaid acadúla agus riaracháin, le Coistí (lena n-áirítear an Coiste Airgeadais), agus le hathbhreithnithe iarmhartacha a bhaineann le Oifigigh;
- Toghcháin;
- Teidil Acadúla;
- Buan-orduithe an Bhoird agus na Comhairle;
- Iompar foirne.

I ndiaidh Aontú na Comhaltaí, cheadaigh na Cuairteoirí na leasuithe arna moladh agus tháinig siad i bhfeidhm ar 3 Márta 2016.

- ii) **Cód Rialachais agus Cóid Iompair:** Ag cruinniú an 19 Meitheamh 2013, ghlac an Bord le Cód Rialachais Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath maidir le Rialachas na hOllscoile, agus le cód iompair do chomhaltaí Boird agus do bhaill foirne na hOllscoile.

- iii) **Forbairtí lena mBaineann Suntas Airgeadais:** Féach Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais ar leathanaigh 2 agus 8 le haghaidh mionsonraí faoi fhorbairtí lena mbaineann suntas airgeadais. Tá an Ollscoil fós thar a bheith díograiseach agus forghníomhach sa tslí ina mbainistíonn sé a chuid airgid mar gheall ar bhearta a dhéanann an Board chomh maith leis an tsolúbthacht agus an dea-thoil a léiríonn na mic léinn agus na baill foirne i gcónaí. Mar a cuireadh in iúl don HEA roimhe seo, tá croímhaoiniú na hOllscoile ón Stát ag laghdú i gcónaí agus tá srianta airgeadais uirthi de bharr easpa bhunmhaoinithe agus maoiniú ilbhliantúil, rud a tábhachtacha chun bunús a chur ar fáil do phleanáil airgeadais straitéiseach éifeachtach. I gcomhthéacs na timpeallachta airgeadais reatha, tá an Bord tiomanta do

straitéis airgeadais d'oibriú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil; cruthú ioncaim státchiste agus neamh-státchiste a chur chun cinn, tosaíocht a thabhairt do bhainistiú costais, do thionscnaimh fála agus éifeachtúlachta agus d'infheistíocht a dhéanamh don todhchaí nuair is iomchuí. Déantar measúnú leanúnach ar rioscaí airgeadais de réir

- iv) **Beartas an Rialtais maidir le Pá:** Tá an Ollscoil tiomanta an Beartas Pá Poiblí agus na creataí ábhartha faoi Acht na nOllscoileanna 1997 a chomhlíonadh. In aon chás ina dtarlaíonn neamhchomhlíonadh, leanann an Ollscoil le idirchaidreamh a dhéanamh leis an HEA agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an cheist a réiteach.

Tá gach ball foirne eile ar nó laistigh de scálaí pá atá ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa chás go bhfuil fócaíocht de bhreis ar bharr an scála, baintear úsáid as an gCreat Imeachta agus tugtar fógra don HEA agus leantar le pléití de réir mar is gá. Maidir le cásanna nach dtagann faoin gCreat Imeachta, tá plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna á leanúint, mar is cuí. Cloímid le téarmaí Chomhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdún agus leis an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) 2015 maidir le pá agus incrimintí.

- v) **Tuairisciú Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach, Fáil agus Diúscairt Sócmhainní:** Maidir le tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara, dearbhaítear an méid seo a leanas:
- a. Tá na nósanna imeachta iomchuí go léir i bhfeidhm chun ráitis airgeadais bhliantúla a thairgeadh.
 - b. Tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm ó 1998 agus faoi láthair tá Cathaoirleach seachtarach, neamhspleách agus beirt chomhaltaí seachtaracha neamhspleacha agus tuairiscíonn sé don Bhord ar bhonn bliantúil. Tacaíonn feidhm iniúchta inmheánach le hobair an Choiste.
 - c. Tá triúr ball seachtarach a bhfuil taithí airgeadais acu ar an gCoiste Airgeadais chomh maith.

Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

- d. Soláthar: Tá polasaithe agus nósanna imeachta soláthair curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil agus ceanglaítear gach caiteachas neamhphá a fháil i gcomhréir leis na polasaithe agus nósanna imeachta sin. Tá an Ollscoil ag obair go gníomhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) lena chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí soláthair i gcomhréir leis an múnla oibríochta atá curtha i bhfeidhm ag an OGP. Tá cur i bhfeidhm an mhúnla sin fós ar siúl. Tá meamram tuisceana idir an OGP agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ina leagtar amach gnéithe bunúsacha an mhúnla sin le tabhairt chun críche go luath. Mar gheall ar chúrsaí acmhainní agus tráthúlachta ní bhíonn sé indéanta i gcónaí soláthar faoin múnla seo a chur i bhfeidhm mar a bhí beartaithe. Tá an baol ann go rachaidh conarthaí in éag sula ndéantar ath-thairiscint nó go ndéanfar conarthaí a shíneadh go sealadach thar a ré bunaidh gan dul tríd an bpróiseas soláthair chuí mar gheall ar seo. De bharr srianta airgeadais agus foirne, níl an Ollscoil in ann faoi láthair an acmhainn is fearr maidir lena feidhm soláthair a úsáid agus ina theannta sin tá roinnt post foirne caillte de bharr bheartas an OGP. Mar sin féin, aithníonn an Ollscoil luach an tsoláthair agus an gá atá le comhlíonadh i omlán agus leanann sí leis na rioscaí ábhartha a íoslaghdú.
- e. Nósanna imeachta seanbhunaithe na hOllscoile a rialaíonn diúscairt sócmhainní. A mhéid is fearr is eol dúinn agus a chreidimid tá an Ollscoil ag cloí leo go hiomlán.
- vi) **Treoirínte chun Tionscadail Chaipitil a Mheas agus a Bhainistiú** Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag an Ollscoil chun comhlíonadh na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Oideachais in 2005 a éascú, maidir le Tionscadail Chaipitil a mheas agus a bhainistiú. Lena chois sin, tá nósanna imeachta ar leith curtha i bhfeidhm ag Coláiste na Tríonóide chun tionscadail chaipitil a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu faoi Ghrúpa Athbhreithnithe Caipitil, arb iad atá ina mbail ann, an Sparánaí/Stiúrthóir Tionscnamh Straitéiseach, an Príomh-Oifigeach Oibríochta agus an Príomh-Oifigeach Airgeadais. Déantar tionscadail mhóra a bhainistiú in Oifig Bainistíochta Tionscadal trí shraith céimeanna ceadaithe d'fhonn a chinntiú go gceadaítear tionscadail dá leithéid mar is ceart agus go ndéantar dianmhonatóireacht orthu.
- vii) **Beartas Taistil:** Tá beartas taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag an Ollscoil. Tá an beartas agus na nósanna imeachta ar fáil do gach ball foirne ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Tá forbairt déanta ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta ag féachaint do riachtanais na Roinne Airgeadais maidir le ciorcláin taistil, agus do riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le costais na bhfostaithe. Tuairiscítear aon eisceachtaí chuig an gCoiste Airgeadais ar bhonn rialta agus déantar gníomh cuí. Cheadaigh an Bord athbhreithniú ar an bPolasaí Taistil ag cruinniú an 23 Márta 2016. Lena chois sin, cheadaigh an Bord Polasaí athbhreithnithe Fáilteachais agus Siamsaíochta ar an dáta sin.
- viii) **Luach ar Airgead:** Lean an Ollscoil na treoirínte ar luach ar airgead a bhaint amach i gCaiteachas Poiblí mar atá leagtha amach san óráid a thug an tAire Airgeadais an 20 Deireadh Fómhair 2005..
- ix) **Dlíthe Cánach a Chomhlíonadh:** Tá an Ollscoil tiomanta dlíthe cánachais a chomhlíonadh. Déantar saincheisteanna ar bith a aithnítear i rith na bliana a fhiosrú agus a réiteach. Tá an Ollscoil lán-tiomanta a chinntiú go n-íoctar dlíteanais chánach ar na dátaí a mbíonn siad dlíte.
- x) **Cosaint Leanaí:** Cheadaigh an Bord Beartas Leanaí an 29 Feabhra 2012. Tá an Ollscoil ag féachaint le hOifigeach Cosanta Leanaí a earcú i láthair na huaire. Cuirfear Oiliúint agus riachtanais ar fáil don Ollscoil i réimse na Cosanta Leanaí freisin, de réir mar is gá.
- xi) **Táillí agus Costais an Údaráis Rialachais:** Ní íoctar aon táillí le comhaltaí an Údaráis Rialachais. Tá baill sheachtracha an Bhoird i dteideal táillí ballraíochta €279 don Seomra Coiteann Sinsearach. Níor éiligh baill an Bhoird aon chostais eile sa bhliain acadúil 2015-2016.
- Íocadh tuarastal €186,693 leis an bPropast sa tréimhse an 1 Deireadh Fómhair 2015 go 30 Meán Fómhair 2016. De bhun Reacht na hOllscoile, tá d'obleagáid ar an bPropast cónaí i dTeach an Phropaist. Dá bharr sin, ba é iomlán an tsochair comhchineála a íocadh i ndáil le costais tí sa bhliain reatha ná €2,760.

Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

xii) **Fochuideachtaí:** Deimhnímid go bhfuil Oifigigh Shinsearacha Choláiste i measc fochuideachtaí trádála Bhoird na Stiúrthóirí agus go gcuirtear ráitis bhliantúla ar fáil don Bhord lena mbreithniú. Cheadaigh an Bord an Bunreacht agus na Comhaontuithe Dlí chun fochuideachta trachtála a chorprú agus rinneadh an méid sin ag cruinniú an 15 Meitheamh 2016.

xiii) **Tuairisciú de Mheon Macánta - An tAcht um Fhaisnéisiú Cosanta 2014:** Cheadaigh an Bord Beartas Faisnéisiú Cosanta don Ollscoil an 22 Meitheamh 2016, agus tá an Beartas sin foilsithe ar leathanach gréasáin Beartas na hOllscoile. Cuirfear oiliúint ar fáil don Ghrúpa Faisnéisiú Cosanta sa Bhliain Acadúil 2016/17.

xiv) **Cruinnithe den Choiste Iniúchta:** Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Bhord (Údarás Rialachais) a bhí ann le linn 2015-16 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu.

Bhí 13 chruinniú den Bhord ann in 2015-16 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu thíos.

Comhaltaí Ex-Officio:

An Propast (An Dr P Prendergast) (13), an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil (An tOllamh L Hogan) (13), Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéimithe (An tOllamh GS Martin) (12), An Clárathóir (An tOllamh SPA Allwright) (13), An Sparánaí (An tOllamh V Campbell) (13).

Comhaltaí tofa:

An tUasal F Cowzer (13), An tOllamh P Coxon* (1), An tOllamh WJ Dowling (10), An tOllamh SM Draper (11), An tOllamh E Drew (10), S Dunphy Uasal (11), An tUasal D Frost (11), An tUasal GJ Garrahan (9), An tOllamh R Gilligan** (12), An tOllamh BM Lucey (12), An tOllamh C McCabe (13), An tOllamh JF McGilp (13), An tOllamh C O'Farrelly (11), An tOllamh D O'Neill (9), An tOllamh M Ó Siochrú (13), An tOllamh DR Phelan (13), An tOllamh A Seery (12)

Comhaltaí seachtracha:

Dr Olive Braiden (10), Mr T Keohane*** (10)

Comhaltaí mac léinn:

Mr C Clancy (11), Ms K Crowther (13), Ms M Kenny (11), Ms L Ruane (12)

*i dteideal freastal ar 1 chruinniú, ** i dteideal freastal ar 12 chruinniú, ***i dteideal freastal ar 11 chruinniú

I measc beartas eile, agus le cois na mbeartas atá luaite thuas, cheadaigh an Bord na beartais seo a leanas le linn 2015-2016: Rialacháin maidir le Tuilleamh ón Taobh Amuigh, Beartas Urraíochta Spóirt agus Togra Crea Rialachais, Beartas Athbhreithnithe Fáilteachais agus Siamsaíochta; Beartas maidir le Dearbháin Bhronntanais, Athbhreithniú Beartais Bainistíochta Ciste, Beartas Bainistíochta Taifead.

xv) **Cruinnithe den Choiste Iniúchta:** Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Choiste Iniúchta a bhí ann le linn 2015/-16 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu.

Bhí 5 chruinniú den Choiste Iniúchta ann in 2015-16 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu thíos.

Tinreamh na mBall:

Julie O'Neill (Cathaoirleach) (5), An tOllamh Joe Barry (3), An tOllamh Ruth Byrne (4), Ann Duffy (5), Oliver Cussen (4), An tOllamh John McGilp (5)



Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

- xvi) **Cruinnithe den Choiste Airgeadais:** Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Choiste Airgeadais a bhí ann le linn 2015/-16 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu.

Bhí 10 chruinniú den Choiste Airgeadais ann in 2015-16 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu thíos.

Tinreamh na mBall:

An Propast (an Dr P Prendergast) (Cathaoirleach) (8), An Leas-Phropast/Príomh-Oifigeach Acadúil (An tOllamh L Hogan) (9), An Príomh-Oifigeach Airgeadais (An tUasal I Mathews) (10), An Príomh-Oifigeach Oibríochta (G Ruane Uasal) (10), Sparánaí/Stiúrthóir na Bainistíochta Straitéisí (An tOllamh V Campbell) (10), An Clárathóir (An tOllamh SPA Allwright) (9), An tOllamh R Gilligan*** (7), Uachtarán Aontas na Mac Léinn (6), Déan na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (An tOllamh D Jones) (7).

Comhaltaí seachtracha:

Caroline Curtis, Uasal* (8), An tUas. Jon Gorringer** (10).

*1 chruinniú ar an bhfón, ** 2 chruinniú ar an bhfón, *** i dteideal freastal ar 9 gcruinniú

I Láthair:

An Leas-Phríomh-Oifigeach Airgeadais (L Ryan Uasal) (9), Uachtarán Aontas na gCéimithe (6).

- xvii) **Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis**

Rialachais: RialachaisTugadh próiseaféinmheastóireachta an Údaráis Rialachais i gcríoch in 2015.

Thar ceann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

AN DR. PATRICK PRENDERGAST
PROCAST

An 22 Márta 2017

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGACH AIRGEADAIS

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh chuig Bord Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis chomhdhlúite agus ar ráitis airgeadais Ollscoile (“ráitis airgeadais”) Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (“an Ollscoil”) don bhliain an 30 Meán Fómhair 2016 ar leathanach 49 go 88 atá comhdhéanta de ráitis chomhdhlúite agus Ollscoile ar ioncam cuimsitheach, athruithe sa chúlchiste, an staid airgeadais, sreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm lena n-ullmhú ná DLí na hÉireann agus FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn”. Rinneadh an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine i Nóta 29 leis na ráitis airgeadais, aithníodh sócmhainn a léiríonn infháltas ón Stát, arbh ionann í agus luach oibleagáid sochair scoir na hOllscoile maidir lena scéimeanna sochair scoir shainithe, agus aithníodh an méid sin i ráitis airgeadais na hOllscoile (agus aithníodh méid comhionann sna cúlchistí ioncaim agus caiteachais) ar an mbonn go mbreithneoidh an Bord go raibh dliteanais sochair scoir na hOllscoile ráthaithe ag an Stát. Chomh maith leis sin, taifeadh gnóthachain nó caillteanais a mheaitseálann gluaiseachtaí sna dliteanais sochair scoir seo i rith na bliana sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach don bhliain.

Is é ár dtuairim, cé gur thug achtú an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i Meitheamh 2009 agus an t-Ordú Aistrithe a bhí mar thoradh air dar dháta 31 Nollaig 2009, Achtú an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, ar an Stát freagracht a ghlacadh as aon easnamh sa mhaoiniú a thiocfaidh chun cinn sa Mháistirscéim Pinsin arna feidhmiú ag an Ollscoil agus i Scéim Aonair um Phinsean na Seirbhíse Poiblí, níor chlúdaigh reachtaíocht den sórt sin scéimeanna sochair scoir shainithe Eiseamláireach agus Forlíonadh arna bhfeidhmiú ag an Ollscoil. In éagmais glacadh foirmiúil ón Stát maidir leis an oibleagáid easnaimh i scéimeanna pinsin

shochair sainmhínithe Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin na hOllscoile a mhaoiniú, níl sé oiriúnach an pinsean infhaighte a bhaineann le heasnaimh na scéimeanna sin a aithint ar chlár comhardaithe na hOllscoile amhail 30 Meán Fómhair 2016 agus 30 Meán Fómhair 2015.

Is é ár dtuairim nach bhfuil an chóireáil a glacadh ag teacht le riachtanais an FR S102 Alt 21 “Soláthair agus Teagmhais” mar gheall go bhfanann an t-infháltas teagmhásach ó thaobh nádúir de (Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin) go dtí go nglacann an Stát leis an oibleagáid go foirmiúil.

Dá réir sin, (i) ní mór laghdú €590,805,000 a dhéanamh ar an tsócmhainn pinsin infhaighte, na glan-sócmhainní agus cúlchistí ioncaim ar an gclár comhardaithe Comhdhlúite agus ar chlár comhardaithe an Choláiste don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016 agus (ii) ba chóir easnamh €147,143,000 tar éis cánach a athshonrú leis an toradh don bhliain dár críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Lena chois sin, i ndáil leis an mbliain roimhe, (i) ní mór laghdú €459,406,000 a dhéanamh ar an tsócmhainn pinsin infhaighte, na glan-sócmhainní agus cúlchistí ioncaim ar an gclár comhardaithe Comhdhlúite agus ar chlár comhardaithe an Choláiste don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 agus (ii) ba chóir easnamh €3,299,000 tar éis cánach a athshonrú leis an toradh don bhliain dár críoch an 30 Meán Fómhair 2015.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh chuig Bord Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

Tuairimí agus conclúidí a eascraíonn ónár n-iniúchadh

1. Tuairim cháilithe atá againn ar na ráitis airgeadais:

Inár dtuairimne, cé is moite den tionchar airgeadais a bhaineann leis an infháltas ón Stát a ndéantar tagairt dó sna hait ar thuairim cháilithe, tugann na ráitis airgeadais ar leathanach 49 go 88:

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na hOllscoile, faoi mar atá siad ar an 30 September 2016, agus ar easnamh nó ar bharrachas an Ghrúpa agus na hOllscoile faoi dheireadh na bliana céanna sin; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

2. Leagtar síos thíos ár gcuid conclúidí ar cheisteanna eile, ceisteanna a bhfuil sé de dhualgas orainn tuairisciú orthu de réir théarmaí ár bhfostaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críoche ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairimne go raibh taifid chuntasaíochta na hOllscoile leordhóthanach chun cead a thabhairt na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta. Is é ár dtuairimne go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais.

3. Níl aon rud le tuairisciú againn i leith nithe a bhfuil dualgas orainn tuairisciú orthu trí eisceacht.

Éilíonn ISAanna (An Ríochta Aontaithe & Éire) go dtuairiscimid duit má ráinníonn, de réir an eolais a fuaireamar le linn ár n-iniúchta, go dtagaimid ar fhaisnéis sa tuarascáil bhliantúil ina bhfuil ábhar a thagann salach ar an eolas úd nó ar na ráitis airgeadais, nó ina bhfuil ráiteas neamhchruinn, nó atá míthreorach ar aon bhealach eile.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais d'Ollscoileanna na hÉireann, tá dualgas orainn tuairisciú duit mura bhfuil an ráiteas maidir le rialachas agus córas an smachtaithe airgeadais inmheánaigh, faoi mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas Rialachais agus Smachtú Inmheánach ar leathanach 10 go 14, ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimidne ar an eolas faoi de bharr ár gcuid obair iniúchta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscimid duit mura bhfuil.

Bunús na tuarascála, ár bhfreagrachtaí agus srianta ar a húsáid

Faoi mar a míníodh níos iomláine sa Ráiteas Freagrachtaí atá leagtha amach ar leathanach 9, tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus ní foláir dó a bheith sásta go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom.

Is í an fhreagracht atá orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir dlí na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

I rith iniúchta arna déanamh de réir ISAanna (An Ríocht Aontaithe agus Éire) ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis mhaoiniúcháin atá leordhóthanach chun a dheimhniú go réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear leis sin measúnú: ar cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na hOllscoile, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad; réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne an Bord; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais chun neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha maidir leis na ráitis airgeadais a aithint agus chun faisnéis atá mícheart ó thaobh ábhair de a aithint bunaithe ar, nó atá ag teacht salach ar, an eolas arna fháil againne le linn an iniúchta seo. Breithneoidimid na himpleachtaí má thugaimid faoi deara aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha do mo thuarascáil.



Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh chuig Bord Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

Cé go bhfuil iniúchadh arna dhéanamh de réir ISAanna (An Ríocht Aontaithe agus Éire) deartha chun dearbhú réasúnach a chur ar fáil chun míráitis nó easnaimh ábhartha a aithint, níl aon ráthaíocht ann go dtarlóidh sé sin. Déanann an t-iniúcháir an t-iniúchadh a phleanáil chun an méid tástála a bheidh ag teastáil chun an dóchúlacht a laghdú chuig leibhéal íseal oiriúnach nach sáróidh comhiomlán na míráiteas neamhcheartaithe agus neamh-inbhraite ábharthacht na ráiteas airgeadais ina iomláine. Ceanglaíonn an tástáil orainn obair shuntasach iniúchta a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costais chomh maith le roinnt mhaith ama na gcomhaltaí is oilte den fhoireann iniúchta, go háirithe an páirtí teagmhála atá freagrach as an iniúchadh, a chaitheamh ar réimsí suibíachtúla cuntasáochta agus tuairiscithe.

Rinneadh an tuarascáil seo don Bhord, mar chomhlacht, agus dó sin amháin de réir reachta na hOllscoile. Tugadh faoinár obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua leis an mBord na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leis i dtuarascáil na n-iniúcháirí agus chun na críche sin amháin. Chomh fada is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith aon duine eile ach amháin an Ollscoil agus an Bord, as an obair iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí a chruthaíomar.

Sean O'Keefe
Do KPMG agus thar a cheann
KPMG
Gnólacht Chúntóirí Cairte agus Iniúchta Reachtúla
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

22 Márta 2017



Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hIoncam Cuimsitheach

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach		Bliain dar críoch 30 M. F.		Bliain dar críoch 30 M. F. Athshonraithe	
	Nótaí	Ráitis €'000	Ollscoil €'000	Ráitis €'000	Ollscoil €'000
Ioncam					
Deontais Stáit	2	44,045	44,045	44,512	44,512
Táillí Acadúla	3	133,698	133,698	128,872	128,872
Deontais taighde agus conarthaí	4	92,246	92,246	85,223	85,223
Ioncam eile	5	50,579	56,146	44,517	47,438
Ioncam infheistíochta	6	7,447	7,410	7,391	7,275
Amúchadh	21	10,276	10,276	6,827	6,827
Ioncam iomlán roimh dheonacháin agus Deonacháin agus dearlaicí	7	338,291 11,667	343,821 13,857	317,342 12,895	320,147 3,456
Ioncam iomlán		349,958	357,678	330,237	323,603
Caiteachas					
Costais foirne	8	234,713	231,804	231,118	229,019
Costais oibríochta eile	9	95,932	96,907	94,468	92,343
Ús agus costais airgeadais eile	10	5,221	5,221	4,059	4,059
Dímheas	12	28,016	27,993	25,957	25,924
Lagú Maoine	12	16,657	16,657	653	653
Caiteachas iomlán		380,539	378,582	356,255	351,998
Easnamh roimh ghnóthachain agus chailteanais eile		(30,581)	(20,904)	(26,018)	(28,395)
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	14	11,590	11,590	9,886	9,886
Gnóthachan ar infheistíochtaí	17/22	9,570	9,447	2,145	2,145
Easnamh)/barrachas roimh cháin		(9,421)	133	(13,987)	(16,364)
Cánachas	11	-	-	-	-
Easnamh) / barrachas don bhliain		(9,421)	133	(13,987)	(16,364)
Gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna	29	29,630	29,630	27,126	27,126
Gluaiseacht ar sócmhainn infhaighte shochair	29	(29,630)	(29,630)	(27,126)	(27,126)
(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán		(9,421)	133	(13,987)	(16,364)
Arna léiriú ag:					
Ioncam cuimsitheach dearlaice iomlán don	22	12,572	12,572	3,624	3,624
Caillteanas)/ioncam cuimsitheach srianta	23	(9,081)	2,985	4,441	-
(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach		(12,912)	(15,424)	(22,052)	(19,988)
(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán		(9,421)	133	(13,987)	(16,364)

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.



Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hloncam Cuimsitheach

Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hathruithe sa chúlchiste

	An Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais			Cúlchiste	Iomlán líude	Neamh- urlámhais	Iomlán
	Dearlaic	Srianta	Neamhsrianta	Cúlchiste	NCI	Ús	
Ráitis	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	165,113	19,141	126,309	517,993	828,556	-	828,556
Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais	3,624	12,366	(29,977)	-	(13,987)	-	(13,987)
Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain	-	(7,925)	7,925	-	-	-	-
(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach) iomlán don bhliain	3,624	4,441	(22,052)	-	(13,987)		(13,987)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2015	168,737	23,582	104,257	517,993	814,569	-	814,569
Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais	12,572	8,358	(30,351)	-	(9,421)	-	(9,421)
Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain	-	(17,439)	17,439	-	-	-	-
(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	12,572	(9,081)	(12,912)	-	(9,421)	-	(9,421)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	181,309	14,501	91,345	517,993	805,148	-	805,148
	An Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais			Cúlchiste	Iomlán líude	Neamh- urlámhais	Iomlán
	Dearlaic	Srianta	Neamhsrianta	Cúlchiste	NCI	Ús	
Ollscoil	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	165,113	-	121,874	517,993	804,980	-	804,980
Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais	3,624	-	(19,988)	-	(16,364)	-	(16,364)
Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain	-	-	-	-	-	-	-
(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	3,624	-	(19,988)	-	(16,364)	-	(16,364)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2015	168,737	-	101,886	517,993	788,616	-	788,616
Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais	12,572	2,985	(15,424)	-	133	-	133
Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain	-	-	-	-	-	-	-
(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	12,572	2,985	(15,424)	-	133	-	133
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	181,309	2,985	86,462	517,993	788,749	-	788,749



Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hloncam Cuimsitheach

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	Nótaí	Bliain dar críoch 30 M.F		Bliain dar críoch 30 Athshonraithe	
		Ráitis €'000	Ollscoil €'000	Ráitis €'000	Ollscoil €'000
Sócmhainní Neamhatarlaithe					
Sócmhainní seasta inláimhsithe	12	933,736	933,694	933,058	933,024
Sócmhainní dearlaice agus infheistíochta	13	176,368	176,368	165,586	165,586
Maoín Infheistíochta	14	50,020	50,020	56,255	56,255
		1,160,124	1,160,082	1,154,899	1,154,865
Sócmhainní reatha					
Trádáil agus infháltais eile	15	67,317	67,440	51,990	51,750
Fardail	16	588	588	492	492
Infheistíochtaí	17	149,090	135,000	108,845	101,000
Airgead tirim nó a choibhéis	25	95,148	92,365	72,993	54,399
		312,143	295,393	234,320	207,641
Lúide: Suimeanna iníoctha – méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	18	(204,056)	(203,663)	(169,078)	(168,318)
Glan sócmhainní reatha		108,087	91,730	65,242	39,323
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais		1,268,211	1,251,812	1,220,141	1,194,188
Suimeanna iníoctha – méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin	19	(463,063)	(463,063)	(405,572)	(405,572)
Forálacha					
Dlíteanais shochair scoir	29	(1,743,816)	(1,743,816)	(1,395,218)	(1,395,218)
Sócmhainn infhaighte shochair scoir	29	1,743,816	1,743,816	1,395,218	1,395,218
Glan-sócmhainní iomlána		805,148	788,749	814,569	788,616
Cúlchistí neamhshrianta					
Ioncam & caiteachas - dearlaic Bhuan	22	181,309	181,309	168,737	168,737
Ioncam & caiteachas - srianta	23	14,501	2,985	23,582	-
Unrestricted Reserves					
Ioncam & caiteachas - neamhshrianta		91,345	86,462	104,257	101,886
Cúlchiste athluachála	24	517,993	517,993	517,993	517,993
Cúlchistí iomlána		805,148	788,749	814,569	788,616

Cheadaigh Bord na hOllscoile na ráitis airgeadais ó leathanaigh 17 go 58 an 22 Márta 2017 agus tá siad sínithe thar ceann an Bhoird ag:

AN DR PATRICK PRENDERGAST
PROPAST

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGACH AIRGEADAIS

An 22 Márta 2017



Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hloncam Cuimsitheach

Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreafaí Airgid

	Nóta	2016 €'000	Athshonraithe 2015 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta			
Easnamh don bhliain		(9,421)	(13,987)
Coigeartú i leith míreanna neamhairgid			
Dímheas	12	28,016	25,957
Lagú Maoine	12	16,657	653
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	21	(10,276)	(6,827)
Gnóthachan ar infheistíochtaí maoin infheistíochta	14	(11,590)	(9,886)
Gnóthachan ar infheistíochtaí	13	(7,830)	(3,415)
Coigeartú i leith míreanna caipitil oibre			
Ardú ar fhardail	16	(96)	(172)
Ardú ar infháiltais thrádála	15	(17,370)	(4,990)
Ardú ar shuimeanna iníochta thrádála	18	32,686	37,440
Coigeartú i leith gníomhaíochtaí infheistíochta nó airgeadais			
Ioncam infheistíochta	6	(7,447)	(7,391)
Ús iníochta	10	5,221	4,059
Dearlaicí nua a fuarthas	22	(2,767)	(209)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta		15,783	21,232
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta			
Deontais chaipitil faighte		2,221	2,968
Ioncam infheistíochta	6	7,447	7,391
Íocaíochtaí chun infheistíochtaí sócmhainní neamh-reatha a fháil	13/14	(4,914)	
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil	12	(25,564)	(17,394)
Taiscí nua	17	(40,245)	(32,400)
Airgead tirim dearlaice nua a fuarthas	22	2,767	209
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(58,288)	(39,435)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Ús íochta	10	(1,711)	(549)
Gné chaipitil d'íocaíochtaí cíosa leas airgeadais		(119)	20
Gné úis d'íocaíochtaí cíosa leas airgeadais	10	(3,510)	(3,510)
Íasachtaí nua gan urrús a tarraingíodh anuas	20	70,000	-
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais		64,660	(4,039)
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus a choibhéis sa bhliain		22,155	(22,242)
Airgead tirim agus a choibhéis ag tús na bliana	25	72,993	95,235
Airgead tirim agus a choibhéis ag deireadh na bliana	25	95,148	72,993

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais freisin de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráitis Chleachtais Mholta (“SORP”) - Cuntasaíocht d’Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2015), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach. Is eintiteas sochair phoiblí í an Ollscoil agus, dá bhrí sin, tá riachtanas ábhartha sochair phoiblí na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme curtha i bhfeidhm aici.

Trasdul chuig FRS 102 agus FE HE SORP 2015

Tá a ráitis airgeadais á n-ullmhú ag an Ollscoil de réir FRS 102 agus FE HE SORP 2015 den chéad uair agus tá na riachtanais ghlactha chéaduaire curtha i bhfeidhm aici dá mbarr. An 1 Deireadh Fómhair 2014 an dáta trasdula chuig FRS 102. Tá míniú tugtha i nóta 30 ar conas a chuir an trasdul chuig na caighdeáin nua chuntasaíochta seo isteach ar an staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais thorthaí chomhdhlúite na hOllscoile.

Deonaítear díolúintí áirithe ó riachtanais iomlán FRS 102 agus FE HE SORP 2015 nuair a chuirtear glacadh céaduaire i bhfeidhm sa tréimhse trasdula. Tugadh na díolúintí seo a leanas isteach sna ráitis airgeadais seo: Luach cothrom nó athluacháil mar chostas measta – amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014. Tá úsáid bainte as luach cothrom mar an costas measta ar thalamh agus ar fhoirgnimh áirithe. Lena chois sin, tá glactha ag an Ollscoil leis an díolúine faoi 1.12 (b) de FRS 102 gan ráiteas sreabhadh airgid a sholáthar don Ollscoil óir is í an máthaireintiteas deiridh í.

Coinbhinsiún cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil talún agus foirgneamh áirithe agus sócmhainní dearlacie a dtuairiscítear ag a luach cóir.

Bunús comhdhlúite

Áirítear ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa an Ollscoil agus a ghníomhaíochtaí foghnóthais (mar a shainmhínítear iad ag an SORP) Ghala Limited, Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide Teoranta, Fondúireacht Choláiste na Tríonóide agus Ciste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide, Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, agus Cumann Choláiste na Tríonóide. Déantar cuntas do Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide laistigh de ráitis airgeadais ar leithligh na hOllscoile de réir an SORP. Ní dhearnadh gnóthais eile a bhfuil suim ag an Ollscoil iontu, mar atá léirithe i Nóta 28, a chomhdhlúthú de bhonn neamhábharthachta nó nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile. Faightear réidh le hioncam agus le caiteachas ion-Ghrúpa go hiomlán arna gcomhdhlúthú.

Ní dhearnadh ráitis airgeadais na gCistí Pinsin agus na gComhlachtaí Caipitíochta a chomhdhlúthú ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile.

Aitheantas Ioncaim

Aithnítear deontais atarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déileáiltear le deontais neamhatarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile a fhaightear i ndáil le fáil nó le tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus amúchtar iad ag teacht le dímheas thar shaol na sócmhainní.

Tá ioncam ó dheontais thaighde, ó chonarthaí agus ó sheirbhísí soláthraithe eile san áireamh go dtí deireadh an chonartha nó na seirbhíse atá i gceist. Is ionann sin go ginearálta agus suim den chaiteachas cuí a tabhaíodh le linn na bliana agus aon ranníoca i dtreo forchostas.

Caitear le hioncam ó chomhaontaithe lámhaltais mar ioncam tarchurtha agus cuirtear chun sochar ráiteas an chuntais ioncaim agus caiteachais chuimsithigh é de réir an chirt chun comaoine a thuilltear de réir na dtéarmaí conarthacha.



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Deonacháin agus dearlaicí

Déantar ioncam infheistíochta agus luachmhéadú dearlaice a thaifeadh san ioncam sa bhliain a dtagann siad i gceist, aghs mar ioncam srianta nó neamhsrianta, de réir na dtéarmaí a bhaineann leis an gCiste Dearlaice. Tá ceithre phríomhchineál deonacháin agus sócmhainne taobh istigh de chúlchistí.

1. Deonacháin shrianta

Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an deonachán a úsáid do chuspóir ar leith.

2. Dearlaicí buana neamhsrianta

Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an maoiniú le hinfheistiú feasta chun sreabhadh ioncaim a ghiniúint do leas na hOllscoile go ginearálta

3. Dearlaicí inídithe srianta

Tá cuspóir ar leith sonraithe ag an deontóir seachas sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach nó a thógáil, agus tá de chumhacht ag an Ollscoil an caipiteal a úsáid.

4. Dearlaicí buana srianta

Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an maoiniú le hinfheistiú feasta chun sreabhadh ioncaim a ghiniúint ar mhaithe le cuspóir ar leith. Is deonacháin agus dearlaicí idirbhearta nach bhfuil coinníollacha feidhmíochta ag baint leo. Aithnítear deonacháin agus dearlaicí atá curtha i bhfeidhm ag an deontóir taobh istigh den ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach nuair a bheidh an Ollscoil i dteideal na gcistí. Coinnítear ioncam taobh istigh den chúlchiste srianta nó go mbaintear leas as de réir na srianta sin. Is ag an bpointe sin a scaoiltear leis an ioncam chuig cúlchistí neamhsrianta trí aistriú cúlchiste. Taifeadtar deonacháin nach bhfuil aon srianta orthu taobh istigh de ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsitheach nuair a fhaightear iad nó nuair is féidir iad a fháil.

Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinneadh go leor meastachán, breithiúnais agus boinn tuisceana a bhfuil tionchar acu ar mhéideanna a thuairiscítear mar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas. Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana a úsáidtear ar bhonn leanúnach.

Tá na príomh-mheastacháin, breithiúnais agus boinn tuisceana a úsáideadh sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016, mar a leanas

1. Maoin, Fearas agus Trealamh

Ríomhtar dímhéas de réir meastachán agus boinn tuisceana ar shaol eacnamaíoch úsáideach agus luach iarmharach measta na sócmhainne.

2. Maoin Infheistíochta

Tomhaistear maoin infheistíochta ag luach cothrom. Déanann luachálaí neamhspleách proifisiúnta athluacháil ar mhaoín infheistíochta gach bliain.

3. Laguithe

Baintear úsáid as breithiúnas chun a chinneadh cé acu an dtugtar le tuiscint nó nach dtugtar le tuiscint go bhfuil lagú déanta ar shócmhainní na hOllscoile.

4. In-aisghabhálacht Drochfhiach

Ríomhtar an soláthar do dhrochfhiach de réir ionchas an lucht bainistíochta maidir le hin-aisghabhálacht fiach. Agus an soláthar do dhrochfhiacha á ríomh, cuirtear na fachtóirí seo a leanas san áireamh: an t-achar atá na fiacha amuigh, an stair a bhaineann le coinníollacha iasachtaí a chomhlíonadh roimhe seo, scéal an fhéichiúnaí faoi láthair agus cúinsí reatha margaidh.

5. Sochair fhostaithe

Tá an fabhrú le haghaidh laethanta saoire a tuilleadh ach nár glacadh bunaithe ar mheastacháin an phá iomlán saoire lúide laethanta saoire a glacadh.

6. Soláthair Phinsin

Ríomhtar an soláthar pinsin bunaithe ar thoimhdí achtúireachta a chuireann achtúire ar fáil gach bliain. Tá san áireamh leis na toimhdí achtúireachta, rátaí lascaine, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin agus rátaí boilscithe.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Sócmhainní seasta inláimhsithe

1. Talamh agus Foirgnimhs

Tá athluacháil déanta ag an Ollscoil ar a cuid talún ar bhonn luach cothrom amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 agus úsáidtear na luachanna athbhreithnithe anois mar chostas measta na talún. Ní dhímheastar talamh ruílse.

Rinne Bord na hOllscoile foirgnimh na hOllscoile a luacháil i 1998 ar chostas caighdeánach €2,413 an méadar cearnaithe. Cuirtear san áireamh foirgnimh a fuarthas ó rinneadh luacháil orthu sa ráiteas staid airgeadais ag costas. Dímheastar foirgnimh stairiúla thar a saol eacnamaíoch úsáideach measta don Ollscoil in imeacht 80 bliain; dímheastar foirgnimh eile thar 50 bliain, ach amháin sa chás go gcoinnítear iad faoi léasanna airgeadais ina ndéantar iad a dímheas thar théarma an léasa.

Nuair a fhaightear foirgnimh le cabhair ó dheontais shainiúla rialtais déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair cuntas ioncaim iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach thar saol eacnamaíoch úsáideach measta na sócmhainne gaolmhaire ar bhonn comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasta.

Déantar costais airgeadais, a bhíonn inchurtha go díreach le tógáil talún agus foirgneamh, a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin.

2. Feistiú agus trealamh

Díscríobhtar trealamh le costas níos lú ná €10,000 in aghaidh gach earra ar leith go dtí an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach sa bhliain ina bhfaightear é.

Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a saol eacnamaíoch úsáideach mar seo a leanas:

Sócmhainní Léasaithe	20 bliain nó príomhthréimhse léasa, más níos giorra
Daingneáin agus Feistí	10 bliana
Trealamh Eile	5 bliana
Bogearraí Ríomhaireachta	5 bliana
Trealamh ríomhaireachta	3 bliana

Nuair a fhaightear trealamh le cabhair ó dheontais shainiúla rialtais, déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuas, leis an deontas gaolmhar curtha chun sochair cuntas deontais chaipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an ráiteas ioncaim chuimsithigh thar shaol eacnamaíoch úsáideach measta an trealamh ghaolmhair sin.

Muirearítear costas na gnáthchothabhála ceartaithí chuig an ráiteas ioncaim chuimsithigh sa tréimhse ar tabhaíodh é.

Sócmhainní Oidhreacht

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreacht ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal.

Ní dhéantar sócmhainní oidhreacht a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain len iad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad.

Maidir le breiseanna sócmhainní Oidhreacht a fuarthas tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2006, nach bhfuil á gcoinneáil chun críocha teagaisc agus taighde, déanann an Ollscoil iad seo a chaipitliú de réir a gcostas i gcás éadálacha de chuid na hOllscoile, nó de réir a luacha cothrom i gcás deonachán. Ní dhéantar sócmhainní oidhreacht a bhfuil luach níos lú ná €150,000 acu a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

Maoine infheistíochta

Déantar maoine infheistíochta a thomhas ar dtús ag costas agus ina dhiaidh sin ar luach cothrom, agus gluaiseachtaí aitheanta sa ráiteas ioncaim chuimsithigh. Déanann luachálaithe gairmiúla neamhspleácha tríú páirtí athluacháil ar mhaoine infheistíochta gach bliain agus ní dhéantar í a dhímheas nó a amúchadh

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí ag na luachálacha seo a leanas: Luaitear infheistíochtaí luaite ag luach an mhargaidh bunaithe ar phraghsanna a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an ráitis maidir leis an staid airgeadais. Luaitear iontaobhais aonaid ag an glanluach sócmhainní arna lua ag na bainisteoirí infheistíochta ag dáta dheireadh na bliana. Luaitear infheistíochtaí arna gcoinneáil i gcistí bainistithe agus i gcistí aonadnasctha ag praghsanna tairgthe amhail dáta an ráitis maidir leis an staid airgeadais. Déantar luachanna margaidh infheistíochtaí a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú chuig euro trí na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag deireadh na bliana a úsáid.

Tuairiscítear athruithe ar luach margaidh infheistíochtaí dearlaice sa ráiteas ioncaim chuimsithigh mar ghnóthachain nó mar chaillteanais ar infheistíochtaí.

Infheistíochtaí Eile

Luaitear infheistíochtaí airgeadais eile ag luach an mhargaidh agus déantar iad a nochtheadh faoi shócmhainní seasta nó sócmhainní reatha ag brath ar leachtacht punainne.

Fardail

Luaitear fardail ag a gcostas nó ag a nglan-luach inréadaithe, cibé acu is lú ar bhonn an ceann is túisce isteach, is túisce amach. Nuair is gá leis, déantar soláthar d'fhardal críon, a bhíonn ag gluaiseacht go mall nó a bhíonn lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil ar leabhair agus ar fhardail inchaite ó dheontais atarlaithe chuig an ráiteas ioncaim chuimsithigh.

Cánachas

Ó tharla go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil, ní bhíonn sé faoi dhliteanas Cháin Chorporáide nó Cháin Ioncaim ar aon cheann dá chuid gníomhaíochtaí carthanachta

Forálacha

Aithnítear forálacha nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó tógála ar an Ollscoil mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh aistriú sochair eacnamaíoch riachtanach chun an oibleagáid a shocrú agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh.

Léasanna Airgeadais

Déantar léasanna ina nglacann an Ollscoil rioscaí agus luach saothair uile úinéireacht na sócmhainne léasaithe a chatagóiriú mar léasanna airgeadais. Bíonn na sócmhainní san áireamh i sócmhainní seasta agus léirítear an ghné chaipitil de na tiomantais ar léas mar oibleagáidí faoi léas airgeadais. Dímheastar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais a dhímheas thar an téarma ar léas nó thar shaol úsáideach eacnamaíoch shócmhainní comhionanna, cibé acu is lú.

Ar dtús, nuair a bhíonn íocaíochtaí sceidealta níos lú ná an muirear úis don bhliain, cuirtear an ghné úis nár íocadh leis an oibleagáid cíosa atá fós gan íoc. Seachas sin caitear le cíosanna léasaithe mar chíosanna a bhfuil gnéithe caipitil agus úis san áireamh leo. Feidhmítear an ghné chaipitil chun na hoibleagáidí neamhíochta a laghdú agus gearrtar an ghné úis ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach gcomhréir leis an ghné chaipitil neamhíochta atá ag laghdú.

Léasanna Oibríochta

Gearrtar costais chíosa agus ioncam i leith léasanna oibríochta d'ioncam agus do chaiteachas i méideanna comhionann bliantúla thar thréimhse an léasa.

Ionstraimí airgeadais

Airgead ar láimh, taiscí atá inaisíochta ar éileamh agus rótharraingtí atá san airgead tirim.

Infheistíochtaí gearrthéarmacha, fíorleachtacha is ea coibhéisí airgid atá in-chomhshóite go héasca go méideanna airgid atá ar eolas agus gan mórán baoil go dtiocfaidh athrú ar a luach. Cáilíonn infheistíocht mar choibhéis airgid nuair atá aibíocht 3 mhí aige nó níos lú ó dháta na fála.

Tá iasachtaí lámhaltais faighte ag an Ollscoil ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun a clár leanúnach infheistíochta caipitil a mhaoiniú. Is éard is iasachtaí lámhaltais ann ná iasachtaí a thugtar nó a fhaightear idir Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) agus tríú páirtí ar ráta níos ísle ná ráta úis an mhargaidh nach bhfuil inaisíochta ar éileamh. De réir alt FRS 102, alt 34, tomhaistear na hiasachtaí ar dtús de réir an méid atá i gceist leo agus déantar iad a choigeartú chun aon ús fabhráithe agus/nó aiséadachtaí caipitil a léiriú.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Sochair Scoir

Tá socruithe sochair scoir shainithe áirithe ag an Ollscoil atá mionsonraithe i Nóta 29.

Feidhmíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide scéim ranníocaíochtaí shainithe. Léiríonn an méid a gearradh chuig an ráiteas ioncaim chuimsithigh an ranníocaíocht atá iníoctha leis an scéim maidir leis an tréimhse cuntasáochta.

Costais shochair scoir

Maidir le scéimeanna shochair scoir shainithe, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime (más ann dóibh) agus luach reatha dliteanas na scéime a measadh go hachtúireach, agus a ríomhtar trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe a nochtadh ar an ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Is ionann an méid a ghearrtar ar an ráiteas ioncaim chuimsitheach agus costas na sochar scoir a gealladh do na fostaithe agus a thuill siad i rith na bliana agus a cinneadh go hachtúireach móide aon fheabhsúcháin shochair a bronnadh ar chomhaltaí i rith na bliana.

Léirítear an t-aischur ionchais ar shócmhainní na scéime shochair scoir (más ann dóibh) i rith na bliana agus an t-ardú ar dhliteanais na scéime mar gheall ar dhíchornadh na lascaine i rith na bliana mar chostais airgeadais nó mar ioncam infheistíochta sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach.

Aithnítear aon difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní (más ann) agus an toradh a baineadh amach i ndáiríre agus aon athrú ar dhliteanais mar gheall ar athruithe ar bhoinn tuisceana nó mar gheall go raibh an taithí iarbhir i rith na bliana éagsúil ón taithí measta, mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach.

Sócmhainn infhaighte shochair scoir

Cé go mbaineann an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, agus go mbaineann an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go sonrach leis an Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, mar a dhéantar cur

síos breise uirthi i Nóta 29, cuireadh comhairle ar an Ollscoil go mbeadh an Stát ag freastal ar dhliteanais shochair scoir amach anseo don Scéim Shamplach agus don Forlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Faoi FRS 102, má tá aon eintiteas cinnte, geall leis, go gcúiteoidh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas go léir a theastaíonn chun oibleagáid shochair shainithe a shocrú, aithneoidh an t-eintiteas a cheart féin chun cúitimh mar shócmhainn. Caithfidh eintiteas leis na sócmhainní sin ar an gcaoi chéanna agus a chaitear le sócmhainní plean. Mar thoradh air sin, léiríonn na ráitis airgeadais sócmhainn infhaighte a dhéanann fritháireamh iomlán ar an dliteanas shochair scoir. Déantar gluaiseachtaí sa sochar scoir infhaighte seo a chur san áireamh sa ráiteas ioncaim chuimsithigh chun go mbeidh siad ar aon dul leis an ngluaiseacht sa dliteanas shochair scoir.

Cúlchistí

Rangaítear cúlchistí mar chúlchistí srianta nó cúlchistí neamhshrianta. Tá iarmhéideanna san áireamh le cúlchistí dearlaice srianta agus, trí airgead a thabhairt don Ollscoil, coimeádtar iad mar chiste atá srianta go buan mar ní foláir don Ollscoil an ciste a choinneáil go brách. Ar na cúlchistí srianta eile atá ann, tá iarmhéideanna a bhfuil cuspóir ar leith ainmnithe ag an deontóir nó an maoinitheoir ina leith agus dá bhrí sin, tá srian ar an Ollscoil maidir le húsáid na gcistí seo.



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

2. Deontas Stáit

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Deontas Atarlaithe				
Deontas Stáit	44,045	44,045	44,512	44,512
Fuarthas an deontas thuas ó na foinsí seo a leanas:				
HEA	40,896	40,896	41,413	41,413
An Roinn Sláinte	3,149	3,149	3,099	3,099
	44,045	44,045	44,512	44,512
Réiteach deontais a fuarthas chuig ioncam aitheanta				
A fuarthas i leith na bliana reatha	42,747	42,747	43,411	43,411
larchurtha ón mbliain cuntasáochta roimhe seo	2,715	2,715	3,816	3,816
larchurtha chuig blianta cuntasáochta ina dhiaidh sin	(1,417)	(1,417)	(2,715)	(2,715)
Iomlán	44,045	44,045	44,512	44,512

3. Táillí Acadúla

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Ioncam ó tháillí acadúla	128,943	128,943	124,502	124,502
Ioncam ó tháillí acadúla eile	2,935	2,935	2,301	2,301
Ioncam Ilghéitheach ó tháillí	1,820	1,820	2,069	2,069
Iomlán	133,698	133,698	128,872	128,872
Déantar anailís ar an ioncam ó tháillí acadúla mar seo a leanas:				
Lánaimseartha AE	85,907	85,907	86,231	86,231
Lánaimseartha neamh-AE	33,706	33,706	29,837	29,837
Páirtaimseartha AE	8,892	8,892	8,160	8,160
Páirtaimseartha neamh-AE	438	438	274	274
Iomlán	128,943	128,943	124,502	124,502

Íocadh iomlán de €37,312,563 (2015: €39,511,725) a áiríodh san ioncam ó tháillí acadúla go díreach ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA). Áirítear air sin táillí altranaís de €3,841,913 (2015: €3,966,138).



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

4. Deontais agus conarthaí taighde Athshonraithe

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Stát agus leathstáit	57,217	57,217	51,438	51,438
An tAontas Eorpach	16,503	16,503	17,382	17,382
Tionscal	2,747	2,747	2,137	2,137
Forchostais SFI	7,398	7,398	6,696	6,696
Eile	8,381	8,381	7,570	7,570
Iomlán I	92,246	92,246	85,223	85,223

5. Ioncam eile Athshonraithe

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Ioncam ó scoileanna acadúla agus oifigí dáimhe	5,369	6,181	3,273	3,562
Limistéir Seirbhíse	3,155	3,155	3,321	4,473
Lónadóireacht	3,198	3,198	2,916	2,923
Ioncam ó Áiteanna Cónaithe	10,677	10,677	11,336	11,341
Seirbhísí coimhdeacha eile	1,074	1,074	1,114	1,114
Ioncam ó chíos	8,264	8,264	8,199	8,199
Ioncam Leabharlainne	11,998	12,000	9,990	9,686
Ioncam lámhaltais	4,250	4,250	1,682	1,682
Gníomhaíochtaí eile neamh-acadúla	525	3,333	333	2,439
Gailearaí Eolaíochta	1,545	1,521	1,583	1,609
Ioncam eile	524	2,493	770	410
Iomlán	50,579	56,146	44,517	47,438

6. Ioncam infheistíochta

	Note	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Ioncam úis		443	406	487	371
Ioncam ó dhearlaicí buana	22	6,205	6,205	6,286	6,286
Ioncam ó dhearlaicí inídithe	22	245	245	270	270
Ús ó infheistíochtaí gearrthéarmacha		185	185	-	-
Glan-aischur ar an scéim sochair scoir	29	369	369	348	348
Iomlán		7,447	7,410	7,391	7,275

7. Deonacháin & dearlaicí Athshonraithe

	Note	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Deonacháin neamhshrianta		542	8,105	320	3,247
Deonacháin le srianta	23	8,358	2,985	12,366	-
Dearlaicí nua	22	2,767	2,767	209	209
Iomlán		11,667	13,857	12,895	3,456

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

8. Costais foirne Athshonraithe

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Pá agus tuarastail	193,149	190,639	190,914	189,131
Costais shlándála shóisialaigh	15,620	15,371	14,904	14,738
Costais shochair scoir	25,944	25,794	25,300	25,150
Iomlán	234,713	231,804	231,118	229,019

Cúiteamh na bpríomhbhall bainistíochta

Is iad príomhbhaill na bainistíochta ná na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a smachtú. Is iad "príomhbhaill na hOllscoile" baill na foirne sinsearaí arb ionann iad agus Grúpa na nOifigeach Feidhmiúcháin. Is é an luach saothair iomlán na bpríomhbhall bainistíochta don bhliain 2016 ná €2.0m (2015: €1.9m).

Baill foirne atá ag fáil pá níos airde

Tá bunluach €60,000 glactha ag an Ollscoil chun baill foirne a fhaigheann pá níos airde a aithint. Mar seo a leanas a bhí luach saothair ball foirne (lena n-áirítear íocaíochtaí ríchiosa ó fhoinsí seachas an Stáitchiste), i mbandaí tuarastail €10,000:

	Ráitis 2016	Ollscoil 2016	Ráitis 2015	Ollscoil 2015
Bandaí Tuarastail	Líon na bhfostaithe	Líon na bhfostaithe	Líon na bhfostaithe	Líon na bhfostaithe
€60,000 – €69,999	284	284	246	246
€70,000 – €79,999	240	238	245	244
€80,000 – €89,999	188	187	177	176
€90,000 – €99,999	87	84	82	79
€100,000 – €109,999	49	47	52	51
€110,000 – €119,999	13	13	13	12
€120,000 – €129,999	33	31	39	38
€130,000 – €139,999	29	29	30	30
€140,000 – €149,999	2	2	1	1
€150,000 – €159,999	2	2	2	2
€160,000 – €169,999	6	6	1	1
€170,000 – €179,999	4	4	5	5
€180,000 – €189,999	4	4	4	4
€190,000 – €199,999	6	6	6	6
€200,000 – €210,000	3	3	3	3
€210,000 – €220,000	4	4	3	3
€220,000 – €230,000	8	8	6	6
€230,000 – €240,000	1	1	1	1
€240,000 – €250,000	1	1	2	2
€270,000 – €280,000	1	1	-	-
€360,000 – €370,000	1	1	-	-
Iomlán	966	956	918	910

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

8. Costais Foirne (ar lean)

Is mar seo a leanas a bhí an meánlíon daoine in aghaidh na seachtaine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearach) a bhí fostaithe sa Choláiste i rith na bliana, léirithe mar shealbhóirí comhionann lánaimseartha:

	Ráitis 2016 FTE	Ollscoil 2016 FTE	Ráitis 2015 FTE	Ollscoil 2015 FTE
Teagasc agus Taighde	2,119	2,119	2,173	2,173
Teicniúí	138	138	142	142
Seirbhísí tacaíochta	1,019	1,019	1,002	1,002
Eile	801	763	754	727
Iomlán	4,077	4,039	4,071	4,044

9. Costais oibríochta eile

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Muirir theileafóin agus cumarsáid ghaolmhar	655	655	689	689
Earraí inchaite	11,530	11,537	11,355	11,355
Costas earraí díolta	3,837	3,837	3,400	3,400
Ríomhairí agus trealamh eile	8,639	8,639	7,302	7,302
Teas, solas, uisce agus cumhacht	7,116	7,116	8,206	8,206
Leabhair agus tréimhseacháin, priontáil & páipéarachas	4,927	4,926	4,882	4,882
Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta	3,731	3,731	5,142	5,142
Árachas	1,289	1,289	1,058	1,058
Seirbhísí gairmiúla	9,881	9,881	7,463	7,463
Cíos, rátaí & cáin mhaoine	2,924	2,924	2,683	2,683
Taisteal agus cothabháil	5,754	5,754	5,561	5,561
Fáilteachas agus siamsaíocht	802	802	760	760
Earcú	886	886	776	776
Caipitlíocht	1,147	1,147	1,027	1,027
Costais maidir le scoláirí agus Comhaltaí	1,369	1,369	1,358	1,358
Costais & dámhachtainí a bhaineann le Mic Léinn	9,840	9,840	9,666	9,671
Costais a bhaineann le fostaithe	1,794	1,794	1,805	1,805
Fógraíocht & Costais Chaidrimh Phoiblí	1,674	1,674	1,228	1,228
Muirir bhainc	640	640	437	437
Measúnú Cáilíochta & Riosca	442	442	437	437
Conarthaí Seirbhíse	7,968	7,968	6,308	6,308
Suibscríbhinní & Táillí Ballraíochta	1,592	1,592	1,301	1,301
Caiteachas díreach Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide	2,150	-	2,771	-
Caiteachas díreach chiste dearlaice	1,332	1,332	1,199	1,199
Costais eile	4,013	7,132	7,654	8,295
Iomlán	95,932	96,907	94,468	92,343

Táillí saor in aisce (tarscaoileadh táillí agus táillí scoláirí) €3.1m (2015: €3.3m) in ioncam táillí agus taispeántar an caiteachas measta gaolmhar eile i gcostais eile. Tá sin ag teacht le hearnáil na hOllscoile.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

9. Costais oibríochtaí eile (ar lean)

Áirítear ar chostais oibríochta eile:

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Luach saothair na n-iniúcháirí (CBL san áireamh)	187	187	152	152
Táille Iniúchára Reachtúil	35	35	35	35
Iomlán	222	222	187	187

Fostaíonn Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath iniúcháir inmheánach agus cuireadh na costais sin san áireamh mar chuid de chostais foirne na bliana.

10. Ús & costais airgeadais eile

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Ús ó lasachtaí	1,711	1,711	549	549
Ús ó ghnéithe léasa	3,510	3,510	3,510	3,510
Iomlán	5,221	5,221	4,059	4,059

11. Cánachas

Níl ann do mhuipear cánach corparáidigh don Ollscoil ná dá fhochuideachta sa bhliain reatha mar gheall go bhfuil stádas díolúinte cánach acu.



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

12 Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Talamh agus Foirgnimh	Daingneáin agus Feistí	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Eile	Iomlán
Ráitis	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas nó luacháil					
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2015 (athluaite)	1,138,861	-	20,263	177,786	1,336,910
Breiseanna	6,265	9,200	493	9,606	25,564
Athrangú ó mhaoine infheistíochta	20,800	-	-	-	20,800
Athrangú go Maoine Infheistíochta	(1,497)	-	-	-	(1,497)
Diúscairtí	(10,194)	-	-	(857)	(11,051)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	1,154,235	9,200	20,756	186,535	1,370,726
Dímheas					
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2015	229,484	-	17,310	157,058	403,852
Dímheas don bhliain	16,622	355	1,294	9,745	28,016
Muirir lagaithe	16,657	-	-	-	16,657
Athrangú go Maoine Infheistíochta	(484)	-	-	-	(484)
Diúscairtí	(10,194)	-	-	(857)	(11,051)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	252,085	355	18,604	165,946	436,990
Glan-luach leabhair					
Ag 30 Meán Fómhair 2015	909,377	-	2,953	20,728	933,058
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	902,150	8,845	2,152	20,589	933,736
Ollscoil	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas nó luacháil					
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2015 (athluaite)	1,136,997	1,864	19,757	177,786	1,336,404
Breiseanna	6,265	9,200	462	9,606	25,533
Athrangú ó mhaoine infheistíochta	20,800	-	-	-	20,800
Athrangú go Maoine Infheistíochta	(1,497)	-	-	-	(1,497)
Diúscairtí	(10,194)	-	-	(857)	(11,051)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	1,152,371	11,064	20,219	186,535	1,370,189
Dímheas					
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2015	229,484	-	16,838	157,058	403,380
Dímheas don bhliain	16,622	355	1,271	9,745	27,993
Muirir lagaithe	16,657	-	-	-	16,657
Athrangú go Maoine Infheistíochta	(484)	-	-	-	(484)
Diúscairtí	(10,194)	-	-	(857)	(11,051)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	252,085	355	18,109	165,946	436,495
Glan-luach leabhair					
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2015 (athluaite)	907,513	1,864	2,919	20,728	933,024
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	900,286	10,709	2,110	20,589	933,694

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

12. Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)

Tá athluacháil déanta ag an Ollscoil ar a cuid talún ar bhonn luach cothrom amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014, ag baint leasa as forálacha trasdula FRS 102. Cheap an Ollscoil GVA Donal Ó Buachalla, luachálaí seachtrach neamhspleách, arna rialú ag Suirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga. Rinneadh an luacháil de réir Luacháil RICS - Caighdeán Ghairimiúla Aibreán 2015. Tá méadú €180.6m tagtha ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus ar an gcúlcaste athluachála mar gheall ar an luacháil talún athbhreithnithe ar dháta an trasdula an 01ú Deireadh Fómhair 2014. Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, d'áirigh talamh agus foirgnimh €202m (30 Meán Fómhair 2015: €192.7m) maidir le talamh nach bhfuil dímheasta.

Áirítear ar thalamh agus foirgnimh na foirgnimh sin a ndearna Bord na hOllscoile luacháil orthu i 1998 ar chostas caighdeánach €2,413 an méadar cearnaithe arb ionann agus €330m.

Áirítear le Talamh agus Foirgnimh sócmhainní atá á bhfoirgníú amhail an 30 Meán Fómhair 2016 de €17.9m (ag 30 Meán Fómhair 2015: €13.8m).

Tá foirgneamh Talún agus Foirgneamh lena bhfuil dliteanais ghaolmhara de €59.1m (ag 30 Meán Fómhair 2015: €59.3m) curtha san áireamh i suimeanna iníoctha (féach nóta 18/19). B'ionann glan-luach leabhair an fhoirgnimh sin agus €53.3m ag 30 Meán Fómhair 2015 (an 30 Meán Fómhair 2015: €54.7m).

Déantar athbhreithniú lagaithe bliantúil ar shócmhainní foirgneamh le hEastáit agus Saoráidí chun sócmhainní a léiríonn lagú déanta orthu a aithint. Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, tá lagú sócmhainne €16.7 milliún á léiriú sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach:

- Teach Oisín, aistríodh iar-mhaoin infheistíochta de luach €14.5m chuig sócmhainní seasta inláimhsithe i mí Feabhra 2016. Cuireadh luach ar leithligh €9.3m ar an ngné talún agus tá sé aistrithe go dtí talamh. Cuireadh luach €5.2m ar an bhfoirgneamh agus toisc nach bhfuil an foirgneamh in úsáid a thuilleadh agus go bhfuil sé le scartáil chun bealach a dhéanamh d'áiteanna cónaithe nua mac léinn, ta lagú don luach iomlán €5.2m léirithe sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair, 2016.

- Áirítear ar na laguithe eile de €11.5 milliún Luce Hall € 5.4m, 182-189 síntí ar Shráid an Phiarsaigh €1.4m, 206 Sráid an Phiarsaigh €2.2m, aonaid TTEC €0.2m, Saotharlann Roberts €0.8m agus síneadh Theach na Clódoireachta agus na Stórais Teaghlachais €1.5m. Dheimhnigh Eastáit agus Saoráidí go bhfuil na foirgnimh sin tréigthe agus mí-oiriúnach don úsáid a

bhí leis, agus dá réir sin tá coigeartú lagaithe á léiriú sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016.

Sócmhainní Oidhreacht

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreacht ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal. Ní dhéantar sócmhainní oidhreacht a fhagtear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain len iad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad. Téann príomh-shócmhainní oidhreacht a choinníonn an Ollscoil sna catagóirí thíos.

Leabharlann:

Tá níos mó ná 5 mhilliún imleabhar clóite i Leabharlann Choláiste na Tríonóide ina measc bailiúcháin mhóra irisleabhar, lámhscríbhinní, léarscáileanna agus ceoil, a léiríonn breis agus 400 bliain d'fhorbairt acadúil. Tá bailiúchán neamhchoitianta ar taispeánt sa Leabharlann ina bhfuil leabhair agus lámhscríbhinní ársa an Leabhar Ceanannais ina measc atá ar taispeánt sa tSean-Leabharlann i gColáiste na Tríonóide ó lár an 19ú haois. Tá láithreán gréasáin ag an Leabharlann ag www.tcd.ie/Library. Tá naisc ann chuig caomhnú agus buanchoimeád, eolas catalóige agus taispeántais agus imeachtaí.

Músaeim:

I mbailiúcháin na roinne tá níos mó ná 200,000 samplaí carraigeacha, mianraí, iontaisí, dreigítí agus múnlaí mar aon le hábhair ghrianghrafach agus cartlanna chomh maith le samplaí de speicis atá i mbaoil agus de bhailiúcháin feithidí agus eiseamail a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint le go leor díobh.

Tá déantáin i Músaeim Weingreen lárnach do theagasc fochéime faoi stair agus cultúir an Neasoirthir ársa, agus baintear úsáid astu freisin i dteagasc an mhodha seandálaíochta sna modúil i Stair Ársa agus i Seandálaíocht. Tá go leor diosctha stairiúla breátha sa Músaeim Anatamaíochta ar féidir le na mic léinn a úsáid chun cur lena dtuiscint ar nádúr 3-thoiseach na colainne.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

12. Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)

Bailiúchán Ealaíne:

Tá bailiúchán ealaíne mór ag an Ollscoil a bhailigh sí thar thréimhse trí chéad bliain ina bhfuil bailiúchán stairiúil portráidí agus dealbh mór le rá de chuid ealaíontóirí as Éirinn agus idirnáisiúnta agus atá le feiceáil ag an bpobal ar fud na hOllscoile.

Airgead:

Luaitear dáta siar chomh fada leis an seachtú aois déag le Bailiúchán Airgid Choláiste na Tríonóide agus sa bhailiúchán tá míreanna searmanais, oifigiúla, eaglasta agus plátaí baile, mar aon le míreanna Sheffield agus leictreaphlátála, rogha boscaí snaoisín agus luaithreadán mar aon le cás óir toitíní. Baintear úsáid as Más na hOllscoile agus as Pláta na hOllscoile chun críocha searmanais agus maisiúla ag Searmanais Tionscnaimh agus dinnéir speisialta de chuid na hOllscoile. Baintear úsáid as an mbailiúchán faoi láthair chun críocha oideachais agus taighde agus táthar i mbun breithnithe faoi láthair ar chóir an bailiúchán a chur ar taispeáint amach anseo nó nár chóir.

Rinneadh sócmhainní oidhreachtacha €1.1m a dheonú ar Choláiste na Tríonóide idir 1 Deireadh Fómhair 2012 agus 30 Meán Fómhair 2016 agus tugtar achoimre orthu thíos. Ní dearnadh na sócmhainní seo a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go ndéantar gach mír aonair a luacháil ag luach níos lú ná an tairseach €0.15m. Ní raibh aon sócmhainní oidhreachtacha a dhiúscairt le linn na tréimhse sin.

	2012	2013	2014	2015	2016
Luach na nDámhachtainí de réir deonacháin	€0.8m	€0.07m	€0.12m	€0.06m	€0.05m

13. Infheistíochtaí neamh-reatha

Dearlaic

Comhdhlúite agus Ollscoil	Sócmhainní €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Ag tús na bliana	165,586	-	165,586
Breiseanna	2,767	185	2,952
Glan-luachmhéadú ar phunann	7,830	-	7,830
Iomlán	176,183	185	176,368

Eile

An 7 Márta 2016 ghlac Spark Therapeutics seilbh ar Genable Technologies Ltd, cuideachta champais a raibh scairsheilbh 5% de ag an Ollscoil. Fuair an Ollscoil 3,554 scair i Spark Therapeutics dar luach €0.2m an 30 Meán Fómhair 2016.

Sócmhainní Dearlaice

Arna léiriú ag:	2016 €'000	2015 €'000
Bannaí	55,005	54,231
Gnáthscaireanna	79,217	72,816
Maoín	25,074	22,595
Roghanna eile éagsúlaithe	8,941	8,964
Eile	7,946	6,980
Sócmhainní dearlaice iomlána	176,183	165,586

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

14. Maoine infheistíochta

Comhdhlúite & Ollscoil	2016 €'000	2015 €'000
Ag tús na bliana	56,255	46,369
Breiseanna	1,962	-
Net appreciation of investment properties	11,590	9,886
Net transfer to fixed assets	(19,787)	-
Iomlán	50,020	56,255

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Rinne GVA Dónal O Buachalla, Suirbhéirí Cairte, luacháil neamhspleách ar gach maoín infheistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2016 ag luach oscailte an mhargaidh de réir chaighdeáin luachála Suirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga.

Tugadh luachálacha Teach Lincoln agus 3&4 Sráid Laighean Theas/18-19 Plás Lincoln cothrom le dáta an 30 Meán Fómhair 2015 agus bhí gnóthachain athluachála de €0.8m agus €0.3m in 2016 faoi seach mar thoradh air. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015 cuireadh luach €34.9m ar Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (gné tráchtála) ach a raibh gnóthachan athluachála de €6.6m in 2016 mar thoradh air.

Rinneadh athrangú ar TTEC mar mhaoín infheistíochta in 2016 tar éis athbhreithnithe mionsonraithe ar phunann na maoine infheistíochta agus cuireadh luach €1.0m i sócmhainní seasta inláimhsithe air. Cuireadh luach €3.6m ar TTEC ar bhonn margadh oscailte amhail an 30 Meán Fómhair 2016. Bhí gnóthachán athluachála €2.6m mar thoradh air sin maidir le luach iompair na maoine.

Ceannaíodh 37 Sráid na bhFíiníní le linn 2016 ag costas €1.96m agus cuireadh luach €2.0m air an 20 Meán Fómhair 2016 a raibh gnóthachan athluachála de €0.04m mar thoradh air.

Cuireadh luach €14.5m ar Theach Oisín le linn 2016 a raibh gnóthachan athluachála de €1.3m mar thoradh air. I rith na bliana, rinneadh athrangú ar Theach Oisín (€14.5m) agus ar an dara urlár d'Fhoirgneamh Bitheolaíochtaí na Tríonóide (€6.3m) go dtí sócmhainní seasta tar éis athbhreithnithe ar an úsáid atá beartaithe don mhaoín seo sa toadhcháil.

15. Trádáil agus infháltais eile Athshonraithe

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Infháltais Trádála	4,474	4,700	2,564	2,321
Deontais agus conarthaí taighde infhaighte	39,653	39,653	24,413	24,413
Deontais chaipitil Stáit infhaighte	9,026	9,026	11,820	11,820
Maoiniú caipitil infhaighte nach maoiniú Stáit é	1,555	1,555	804	804
Réamhiocaíochtaí agus infháltais eile	12,609	12,506	12,389	12,302
Méideanna dlite ó fhoghnothais	-	-	-	90
Iomlán	67,317	67,440	51,990	51,750



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

16. Fardai

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Amhábhair agus earraí inchaite	179	179	102	102
Earraí críochnaithe le hathdhíol	409	409	390	390
Iomlán	588	588	492	492

17. Infheistíochtaí reatha

	Consolidated 2016 €'000	University 2016 €'000	Consolidated 2015 €'000	University 2015 €'000
Taiscí gearrthéarmacha	147,647	135,000	107,525	101,000
Infheistíochtaí gearrthéarmacha	1,443	-	1,320	-
Iomlán	149,090	135,000	108,845	101,000

Infheistíochtaí gearrthéarmacha	2016 €'000	2015 €'000
ag 1 Deireadh Fómhair	1,320	-
Breiseanna	-	1,320
Glan-luachmhéadú infheistíochtaí	123	-
ag 30 Meán Fómhair	1,443	1,320

Is ionann na hinfeistíochtaí gearrthéarmacha agus punann gnáthscaireanna arna choinneáil i gCiste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide.

18. Suimeanna iníochta – méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin Athluaite

	Comhdhlúite 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Comhdhlúite 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Suimeanna iníochta trádála	3,351	2,423	4,019	3,455
Deontais thaighde conartha agus tionscadail nár caitheadh iad	77,756	77,756	53,775	53,775
Táillí acadúla faighte roimh ré	52,798	52,798	46,825	46,825
Deontas stáit atarlaithe faighte roimh ré	1,417	1,417	2,715	2,715
Maoiniú caipitil faighte roimh ré	488	488	454	454
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	37,740	37,596	36,192	36,192
Oibleagáidí faoi léas airgeadais	274	274	120	120
Iasachtaí bainc neamhurráithe	379	379	113	113
ÍMAT/ÁSPC	5,198	5,198	5,114	5,114
Suimeanna iníochta eile	24,655	24,821	19,751	19,554
Méideanna dlite don fhoghnóthais	-	513	-	1
Iomlán	204,056	203,663	169,078	168,318



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Fabhruithe agus ioncam iarchurtha

	Comhdhlúite 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Comhdhlúite 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Fabhruithe	15,156	15,012	13,974	13,974
Ioncam lámhaltais baincéireachta iarchurtha	4,553	4,553	4,678	4,678
Ioncam iarchurtha - deontais chaipitil rialtais	10,276	10,276	10,571	10,571
Ioncam eile iarchurtha	7,755	7,755	6,969	6,969
Iomlán	37,740	37,596	36,192	36,192

19. Suimeanna iníoctha – méideanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin Athluaite

	Comhdhlúite 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Comhdhlúite 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Iasachtaí bainc neamhurraithe	145,000	145,000	75,000	75,000
Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais	58,907	58,907	59,180	59,180
Ioncam iarchurtha - deontais chaipitil rialtais	247,461	247,461	257,298	257,298
Ioncam iarchurtha eile	11,695	11,695	14,094	14,094
Iomlán	463,063	463,063	405,572	405,572

20. Iasachtaí

	Comhdhlúite 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Comhdhlúite 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Iasachtaí bainc neamhurraithe				
Tá iasachtaí bainc neamhurraithe				
Méideanna dlíte laistigh de bhliain	379	379	113	113
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	9,942	9,942	4,321	4,321
Dlíte tar éis níos mó ná cúig bliana	135,058	135,058	70,679	70,679
Iomlán	145,379	145,379	75,113	75,113

Áirítear ar iasachtaí bainc neamhurraithe €0.4m d'ús arna fhabhrú an 30 Meán Fómhair 2016 (30 Meán Fómhair 2015: €0.1m).

Léasanna airgeadais

Glan-oibleagáidí léasaithe airgeadais				
Méideanna dlíte laistigh de bhliain	274	274	120	120
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	2,960	2,960	2,180	2,180
Dlíte tar éis níos mó ná cúig bliana	55,947	55,947	57,000	57,000
Iomlán	59,181	59,181	59,300	59,300

Baineann an oibleagáid leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Mar seo a leanas a bhí iasachtaí bainc neamhurraithe gan íoc an 30 Meán Fómhair:

Iasachtóir	Méid €'000	Inaisíochta	Ráta Úis %	Iasachtaí
An Banc Eorpach Infheistíochta	20,000	2009 - 2029	0.7% above base	University
An Banc Eorpach Infheistíochta	20,000	2010 - 2040	0.6% above base	University
An Banc Eorpach Infheistíochta	20,000	2010 - 2040	0.6% above base	University
An Banc Eorpach Infheistíochta	15,000	2011 - 2041	0.8% above base	University
An Banc Eorpach Infheistíochta	70,000	2016 - 2046	1.904%	University
	145,000			

Is ionann na hiasachtaí bainc neamhurraithe agus iasachtaí lámhaltais le hús níos ísle ná ráta an mhargaidh atá ann faoi láthair. Tá siad inaisíochta idir 2029 agus 2046 trí thráthchuid ráithiúil. Níl aon saoráid iasachta bainc neamhtharraingthe ar fáil amhail an 30 Meán Fómhair 2016.

21. Deontais Chaipitil Iarchurtha

Comhdhlúite agus Ollscoil	Foirgnimh €'000	Trealamh €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2015 (athluaite)	258,834	9,035	267,869
Deontais chaipitil faighte/infhaighte	144	-	144
Scaoilte chuig an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach	(6,916)	(3,360)	(10,276)
Amhail an 30 Meán Fómhair 2016	252,062	5,675	257,737

22. Cistí Dearlaice - Comhdhlúite agus Ollscoile

Is éard atá i gCiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide ná bailiúchán cistí ar leithligh ar deonachán don Ollscoil gach ceann díobh. Is cistí dearlaice buana agus inídithe iad a thugann tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí sainiúla na hOllscoile. Is ionann cistí dearlaice buana agus iad sin ina gcaitear an caipiteal a chothú go buan. Déantar na cistí ar leithligh a infheistiú trí aonaid i gcomhscéim infheistíochta atá faomhaithe ag an Údarás Rialála Carthanas (Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn roimhe seo) faoi Alt 46 den Acht Carthanas 1961. Nuair a cuireadh na Coimisinéirí ar lánscoir aistríodh a gcuid feidhmeanna chuig an Údarás Rialála Carthanas faoin Acht Carthanas 2009. Is iad an Propast, na Comhaltaí agus Scoláirí Choláiste na Tríonóide lontaobhaithe na gCistí Dearlaice. De ghnáth ainmnítear daoine faoi hiontaobhais sonraithe a bhíonn freagrach as dul ar thóir cuspóirí sonraithe na gcistí ar leithligh.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

22. Cistí Dearlaice Comhdhlúite agus Ollscoil (ar lean)

	Srianta Buan €'000	Srianta Inídithe €'000	2016 Iomlán €'000	2015 Iomlán €'000
Caipitil	149,231	7,872	157,103	154,749
Ioncam Carntha	11,116	518	11,634	10,364
Ag tús na bliana	160,347	8,390	168,737	165,113
Dearlaicí nua	2,767	-	2,767	209
Glan-luachmhéadú infheistíochtaí dearlaice	10,313	(867)	9,446	2,145
Ioncam infheistíochta don bhliain	6,206	245	6,451	6,556
Caiteachas don bhliain	(5,686)	(406)	(6,092)	(5,286)
Ioncam cuimsitheach dearlaice iomlán don bhliain	13,600	(1,028)	12,572	3,624
Ag deireadh na bliana	173,947	7,362	181,309	168,737
Arna léiriú ag:				
Caipitil	162,311	7,005	169,316	157,104
Ioncam Carntha	11,636	357	11,993	11,633
Iomlán	173,947	7,362	181,309	168,737

Tá mionsonraí thíos faoi na cistí ábhartha atá mar chuid de Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide agus ar ionann iad agus os cionn 1% de luach iomlán na gcistí dearlaice.

	Luach Caipitil at 30 Sept 2016 €'000	Ioncam Carntha				Ioncam aistrigh chuig Caipiteal €'000	larmhéid Deiridh €'000	Dáta a fuarthas
		Oscailte Deiridh €'000	Ioncam €'000	Caiteachas €'000				
Taighde (na hEalaíona, Staidéar Eacnamaíochta & Sóisialta)	1,695	160	52	48	-	164	1979	
Hitachi	1,891	15	58	51	-	22	1991	
Chetwood-Aiken	1,900	20	56	-	48	28	1969	
Brown Animal	2,108	4	64	64	-	4	1973	
Lámhscríbhinní Uí Shúilleabháin	2,255	119	69	-	-	188	2002	
Léann na Luath-Ghaeilge	2,555	-	78	78	-	-	1996	
Smurfit	2,633	-	80	80	-	-	1989	
Ciste Forbartha Acadúla an Phropaist	3,425	430	105	534	-	1	1992	
Nunn	3,538	950	108	202	-	856	1994	
Coca Cola	3,640	36	111	138	-	9	1993	
Loyola	3,871	106	118	136	-	88	2013	
Taispeántais Iontrála Reid	4,246	145	130	87	-	188	1888	
Taighde ar an Luath-Óige	4,491	310	137	197	-	250	2005	
Cistí Dáimhe	7,006	518	245	406	-	357	2009	
Iona Technologies	8,192	213	250	233	-	230	1997	
Ciste Forbartha Caipitil Dearlaice	48,233	566	1,474	1,520	-	520	1995	
	101,679	3,592	3,135	3,774	48	2,905		



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

22. Cistí Dearlaice Comhdhlúite agus Ollscoil (ar lean)

Taighde (na hEalaíona, Staidéar Eacnamaíochta & Sóisialta)

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1979 chun tionscadail taighde de chuid baill foirne Dhámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus Dhámh na nEolaíochtaí Sóisialta agus Daonna, a mhaoiniú.

Hitachi

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1991 chun Léachtóireacht in ainm Hitachi a bhunú le cur i bhfeidhm sa réimse eolaíocht ríomhaireachta.

Chetwood-Aiken

Bunaíodh an dearlaic bhun shrianta seo i 1969 in uacht Bhean Uí Chetwood-Aiken chun tacú le taighde ar ailse.

Ainmhí Brown

Bunaíodh an dearlaic bhun shrianta seo i 1973 chun tacú le Léachtóir a choimeád san Ollscoil faoi Léachtóireacht Thomas Brown.

Lámhscríbhinní Uí Shúilleabháin

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2002 in uacht an Uasail William Uí Shúilleabháin. Tá an t-ioncam seo le húsáid chun lámhscríbhinní a cheannach do Leabharlann na hOllscoile agus sin amháin.

Léann na Luath-Ghaeilge

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1996 chun Ollúnacht i Léann na Luath-Ghaeilge a mhaoiniú.

Smurfit

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1989 chun tacú le hOllúnacht sa Ghéineolaíocht.

Ciste Forbartha Acadúla an Phropaist

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1992 chun tacaíocht acadúil a chur ar fáil de réir mar a cheadaíonn an Propast.

Nunn

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1994 in uacht Angela Lilian Nunn, chun críocha Taighde Liachta.

Coca Cola

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1993 chun Ollúnacht i Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta.

Loyola

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2012 chun tacaíocht acadúil a chur ar fáil de réir mar a cheadaíonn an Propast.

Taispeántais Iontrála Reid

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1888 in uacht Richard Touhill Reid, chun sadhsóireachtaí breise a mhaoiniú. Tá na dámhachtainí, nach mó ná cúig iad, ar fáil do mhic léinn ar acmhainní teoranta ar as Contae Chiarraí iad, agus iad sin amháin. Deonaítear iad ar iarrthóirí cáilithe ar bhonn thorthaí a scrúdaithe poiblí agus maireann siad dhá bhliain.

Taighde ar an Luath-Óige

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2005 chun tacú le croí-mhaoiniú a chur ar fáil agus chun Ollamh le Léann na Luath-Óige a cheapadh san Ionad Taighde ar an Luath-Óige.

Iona Technologies

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1997 chun leithdháileadh bliantúil a chur ar fáil don Choiste Taighde chun tacú le gníomhaíocht taighde.

Cistí Dáimhe

Bunaíodh an dearlaic inídithe shrianta seo in 2009, chun tacú le croí-mhúinteoireacht agus taighde neamh-mhaoinithe a sholáthar.

Ciste Forbartha Caipitil Dearlaice

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1995 chun sruth ioncaim bliantúil rialta a sholáthar a mbeadh ar fáil don Bhord chun mórforbairtí caipitil san Ollscoil a éascú.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

23. Cúlchistí srianta

Mar seo a leanas atá cúlchistí le srianta:

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
ag 1 Deireadh Fómhair	23,582	-	19,141	-
Deonacháin nua	8,358	2,985	12,366	-
Caiteachas	(17,439)	-	(7,925)	-
Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair	14,501	2,985	23,582	-
Tá cúlchistí deiridh comhdhéanta de na cistí seo a leanas:				
Cistí arna gcoinneáil le Fondúireacht Choláiste na Tríonóide	12,287	-	21,571	-
Cistí arna gcoinneáil le hlontaobhas Dearlaice Oideachais				
Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	2,214	-	2,011	-
Cistí arna gcoinneáil le Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	-	2,985	-	-
	14,501	2,985	23,582	-

24. Cúlchiste athluachála Athluaite

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
ag 1 Deireadh Fómhair	517,993	517,993	517,993	517,993
Athluacháil sa bhliain	-	-	-	-
Iarmhéideanna ag 30 Meán Fómhair	517,993	517,993	517,993	517,993

25. Airgead tirim nó a choibhéis

Ráitis	1 DF 2015 €'000	Sreafaí Airgid €'000	ag 30 MF €'000
Airgead tirim nó a choibhéis	72,993	22,155	95,148
Ollscoil	1 Oct 2015 €'000	Cash flows €'000	30 Sept 2016 €'000
Airgead tirim nó a choibhéis	54,399	37,966	92,365

26. Tiomantais

	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Conradh déanta ach gan curtha ar fáil fós	4,025	4,025	7,089	7,089
Údaraithe ach gan a bheith curtha amach ar conradh	928	928	8,447	8,447
Iomlán	4,953	4,953	15,536	15,536

Tiomantais Eile

Maidir le hÁiteanna Cónaithe Mac Léinn Halla na Tríonóide, tá Coláiste na Tríonóide tiomanta d'íocaíocht airgeadais bhliantúil €2.22m in aghaidh na bliana a mhéadóidh ag 4% in aghaidh na bliana don tréimhse go dtí 2036.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

27. Oibleagáidí léasa

Iomlán cíosa iníoctha faoi léasanna oibríochta	Ráitis 2016 €'000	Ollscoil 2016 €'000	Ráitis 2015 €'000	Ollscoil 2015 €'000
Meáníocaíochtaí léasa amach anseo dlite				
Nach déanaí ná bliain amháin	735	735	-	-
Níos déanaí ná bliain amháin agus nach déanaí ná cúig bliana	2,572	2,572	-	-
Iomlán	3,307	3,307	-	-
Iomlán ioncam ó cíosa dlite faoi léasanna oibríochta				
Meáníocaíochtaí léasa amach anseo dlite				
Nach déanaí ná bliain amháin	3,564	3,564	4,220	4,220
Níos déanaí ná bliain amháin agus nach déanaí ná cúig bliana	11,811	11,811	12,526	12,526
Níos déanaí ná cúig bliana	15,113	15,113	17,962	17,962
Iomlán	30,488	30,488	34,708	34,708

An 29 Márta 2015 ghlac an Ollscoil, mar léasaí, léas cúig bliana nárbh fhéidir a chealú ar fhoirgneamh sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais atá á úsáid chun críocha acadúla. Sholáthar an léasóir a bhí ann roimhe seo ciste trochlaith € 1.7m chun an mhaoin a athchóiriú go dtí an leagan amach agus riocht bhunaidh ag deireadh an léasa. Tá an ciste sin san áireamh in suimeanna iníoctha atá dlite tar éis bliana amháin.

28. Páirtithe Gaolmhara

Foghnóthais

Ghala Limited: Tógáil agus athchóiriú maoine na hOllscoile a príomhghníomhaíocht. Is leis an Ollscoil 100% de scairchaipiteal na cuideachta seo.

Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide Teoranta faoi Theorainn Ráthaíochta: Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta ná oideachas a chur chun cinn trí raon cúrsaí oideachais ar líne a fhorbairt agus a sholáthar le haghaidh Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Seirbhísí Áise Choláiste na Tríonóide Teoranta Is í an phríomhghníomhaíocht ná teagasc na mac léinn Ollscoile i Singeapór. Ní raibh aon idirbheart sa chuideachta i rith na bliana.

Meastar gur gnóthais fochuideachta den Ollscoil iad an trí eintiteas seo a leanas de réir shainmhíniú an SORP ar rialú. Is chun leasa na hOllscoile agus sin amháin a gcuid gníomhaíochtaí. Cuireadh deireadh le hidirbhearta le fochuideachtaí na hOllscoile ar chomhdhlúthú.

Fondúireacht Choláiste na Tríonóide: Iontaobhas Carthanachta a bunaíodh leis an gcuspóir cistí a bhailiú chun tacú le Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a fhorbairt.

Ciste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath: Bunaíodh Iontaobhas Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath i 1955 chun obair Chiste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a mhéadú agus leanúint léi. Is é aidhm an Iontaobhais seo dearlaicí na hOllscoile a mhéadú agus deontais a dhéanamh leis an Ollscoil chun taighde nó oideachas a chur chun cinn sa chiall is leithne.

Cumann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath: Is ann don Chumann chun teagmhálacha a chothú idir a chomhaltaí agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus chun tacú leis an Ollscoil inter alia trí chuspóirí Iontaobhas Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a chur chun cinn.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

28. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

Idirbhearta le páirtithe gaolmhara eile

Is cuideachta ghaolmhar teoranta í Institiúid Haughton. I rith na tréimhse, leag Bord Institiúid Haughton amach togra ag moladh dhúnadh na hinstitiúide. Tá ráitis airgeadais bhliantúla 2015, lena n-áirítear na nochtuithe iomchuí a bhaineann leis an bpróiseas scriosta, le tabhairt chun críche agus déanfar dréacht-shraith deiridh a ullmhú ag an bpointe sin. Tá leas 33.3% ag Coláiste na Tríonóide i scairchaipiteal Institiúid Haughton. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €88,635 (2014/15: €106,569) le hInstitiúid Haughton agus fuair sé €120,157 (2014/15: €53,358) do sheirbhísí a cuireadh ar fáil d'Institiúid Haughton. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, bhí méid de €100 (2014/15: €7,835) dlite d'Institiúid Haughton ó Choláiste na Tríonóide agus suim de €8,415 (2014/15: €13,284) dlite ó hInstitiúid Haughton. B'ionann glan-sócmhainní Institiúid Haughton de réir na Ráiteas Airgeadais iniúchta amhail an 31 Nollaig 2015 agus €2,643 (2014: €60,264) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €57,622 (2014: €253,159).

Is cuideachta ghaolmhar faoi theorainn ráthaíochta, nach bhfuil scairchaipiteal aici agus atá cláraithe gan an focal "Teoranta" ina hainm é Molecular Medicine Ireland (MMI). Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná taighde ar bhunúis mhóilíneacha do ghalair, oideachas d'iarchéimithe, oiliúint, taighde agus obair chomhairleach sna bitheolaíochtaí. Tá cúig príomh-scairshealbhóir (institiúid chomhpháirtíochta) NUIG, RCSI, UCC, UCD agus TCD. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí de €49,008 (2014/15: €202,855) le MMI agus fuair sé €nialas (2014/15: €nialas). Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, bhí méid de €nialas (2014/15: €nil) dlite do MMI agus méid de €nialas (2014/15: €nialas) dlite ón MMI. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. B'ionann glan-sócmhainní MMI de réir a Ráiteas Airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2016 agus €nialas (2015: €nialas) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €nialas (2015: €nialas).

Tá an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) Teoranta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Is comhalta de NDRC Teoranta é Coláiste na Tríonóide. I rith na tréimhse, fuair Coláiste na Tríonóide €nialas (2014/15: €nialas). Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, bhí méid de €nialas (2014/15: €nialas) dlite ó NDRC Teoranta. B'ionann na glan-sócmhainní de réir a Ráiteas Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2015 agus €1,530,365 (2014: €730,895) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €799,470 (2014: €nialas).

Tá an Institiúid Náisiúnta um Thaighde & Oiliúint Bithphróiseála (NDRC) Teoranta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Is comhalta de NIBRT Teoranta é Coláiste na Tríonóide. Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, bhí méid de €nialas (2014/15: €nialas) dlite ó NIBRT Teoranta. B'ionann na glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015 agus €nialas (2014: €nialas) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €nialas (2014: €nialas).

Níl scairchaipiteal ag an Academy of Dramatic Art Limited (ar a dtugtar 'The Lir' freisin) de chuid Coláiste na Tríonóide agus tá sé teoranta trí ráthaíocht. Is páirtí gaolmhar é The Lir mar go bhfuil dhá ionadaí Ollscoile ann as deich gcomhalta iomlán an Bhoird. Is iad a phríomhghníomhaíochtaí Acadamh a bhunú agus a fheidhmiú do sholáthar seirbhísí oideachais, oiliúna agus taighde maidir le drámaíocht. Tá maoín (2,202 méadar cearnach) ar léas The Lir ón Ollscoil ar feadh 30 bliana ó 2021 ar aghaidh, ar cíós ainmniúil €10 in aghaidh na bliana. Tugadh maoine bhreise (636 méadar cearnach) ar léas do The Lir i nDeireadh Fómhair 2014 ar feadh 8 mbliana ag cíós bliantúil de €10. Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, bhí méid de €447,677 (2014/15: €464,837) dlite ó The Lir. Ba iad glan-dhliteanais The Lir de réir a gcuntas bainistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2016 ná €262,109 (2015: €289,259) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €27,150 (2015: €852).

Níl scairchaipiteal ag an nGailearaí Idirnáisiúnta Eolaíochta (ar a dtugtar an 'SGI' freisin) agus tá sé teoranta trí ráthaíocht. Is páirtí leasmhar é SGI mar go bhfuil dhá ionadaí Ollscoile ann as seacht gcomhalta iomlán an Bhoird. Is é an príomhchuspóir lenar bunaíodh an Chuideachta ná oideachas a chur chun cinn trí chruthaitheacht agus fionnachtain a spreagadh tráth a dtagann ealaíon agus eolaíocht le chéile trí líonra idirnáisiúnta de ghníomhaíochtaí eolaíochta a fhorbairt lena n-áirítear taispeántais cuairte, ceardlanna oideachais, cláir agus imeachtaí oiliúna. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €131,173 (2014/15: €96,563) le SGI agus fuair sé €265,308 (2014/15: €304,449) do sheirbhísí a cuireadh ar fáil do SGI. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. Amhail an 30 Meán Fómhair 2016, bhí méid de €138,536 (2015: €81,562) dlite ón SGI agus suim de €nialas (2015: €69,673) dlite don SGI. Ba iad glan-dhliteanais SGI de réir a gcuntas bainistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2016 ná €160,904 (2015: €164,294) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €3,661 (2015: barrachas de €91,791).

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Is cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta í Gailearaí Dhubhghlas de hÍde agus níl scairchaipiteal aici. Is iad príomh-chuspóirí na cuideachta ná staidéar ar na mínealaíona a chur chun cinn agus tuiscint orthu a chothú, ionad buan do thaispeántais saothar ealaíne a chothabháil agus taighde, imscrúdú agus saothair thurgnamhacha a dhéanamh sna healaíona. Is páirtí gaolmhar é Gailearaí Dhubhghlas de hÍde toisc ceathrar as ochtar de chomhaltaí an bhoird a bheith ceaptha ag Coláiste na Tríonóide. I rith na bliana airgeadais go dtí an 31 Nollaig, 2015, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €50,004 (2014: €46,815) do Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde agus fuair íocaíochta €41,048 (2014: €38,870) i leith cíosa agus costas eile a bhaineann le spás oifige agus taispeántas a sholáthar san Ollscoil. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí méid de €nialas (2014: €nialas) dlite ó Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde. B'ionann glan-sócmhainní Ghailearaí Dhubhghlas De hÍde amhail an 31 Nollaig 2015 agus €72,664 (2014: €85,145) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €12,481 (2014: €34,430).

29. Sochair Scoir

a) Scéim ranníocaíochtaí shainithe agus Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA)na

Oibríonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide scéim ranníocaíochta shainithe de réir na brí in Acht na bPinsean 1990. Plean Réitigh Scoir Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a thugtar uirthi. Thosaigh an scéim an 1 Feabhra 1999. Is ionann an muirear sochair scoir don tréimhse agus ranníocaíochtaí atá le híoc ag Fondúireacht Choláiste na Tríonóide leis an scéim agus b'ionann sin agus €0.09m (2015: €0.15m).

Ina theannta sin agus de réir chomhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean 1990 (arna leasú), tá soláthróirí Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (PRSA) ceaptha ag Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide ag tosú an 1 Deireadh Fómhair 2015. Is ionann an muirear sochair scoir don tréimhse agus ranníocaíochtaí atá le híoc ag Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide thar ceann a fostaithe b'ionann é agus €0.06m.

b) Scéimeanna shochair scoir shainithe

Bhí na socrúithe sochair scoir shainithe seo a leanas ar bun ag an Ollscoil i rith na bliana:

- Máistirsceim Pinsin
- An Scéim Shamplach
- Forlíonadh Pinsin
- Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

Máistirscei

Sular tharla na hathruithe thíosluaite, rinne an Ollscoil maoiniú ar Mháistirsceim Pinsin, a bhí comhdhéanta de scéim sochair scoir agus de scéim ioncaim míchumais fadtréimhseach, ag feidhmiú faoi Ghníomhas Iontaobhais. Soláthraíonn an Mháistirsceim Pinsin teidlíochtaí sochair scoir d'fhostaithe áirithe, atá bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a chinntítear ag ranníocaíochtaí ón Ollscoil agus ó na fostaithe. Bíonn an Mháistirsceim Pinsin seo i bhfeidhm le fostaithe inphinsin a ceapadh roimh 31 Eanáir 2005 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua a chuaigh i mbun fostaíochta leis an Ollscoil an 1 Feabhra 2005 nó ina dhiaidh sin. In 2009, achtaíodh reachtaíocht áirithe (féach tuilleadh mionsonraí thíos) le soláthar a dhéanamh do shócmhainní na scéime seo a aistriú chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsin an Stáit, agus le go dtabharfadh an Stát ráthaíocht go n-íocfadh sé teidlíochtaí sochair scoir le comhaltaí ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Cuireadh teorainn de 15% den tuarastal inphinsin ar ranníocaíocht na hOllscoile de bharr srianadh ar leibhéal ráta ranníocaíochta na hOllscoile a chuir an HEA i bhfeidhm. versy's contribution rate.

An Scéim Shamplach

Bunaíodh an Scéim Eiseamláireach in 2005, tar éis faomhadh a fháil ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Cé go bhfeidhmíonn an scéim faoi shraith rialacha aontaithe, níor cuireadh bunú na scéime ar bhonn foirmiúil faoi reacht nó faoi théarmaí Ghníomhais Iontaobhais. Tá d'obleagáid ar an Ollscoil, áfach, ag an HEA sochair scoir a sholáthar faoi rialacha na scéime do dhaoine nua ar an bhfoireann a cheaptar ó 1 Feabhra 2005. Is socrú sochair scoir shainithe neamh-mhaoinithe é seo a fheidhmíonn ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú na hOllscoile.

Forlíonadh Pinsin

Baineann seo le méaduithe sochair iarscoir do gach ball foirne nach maoinítear iad agus a íoctar ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-dheontas atarlaithe na hOllscoile ón HEA.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

Bíonn Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm le gach ball foirne nua a théann isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim shochair scoir shainithe í agus tá cuntas déanta ag an Ollscoil dá sciar measta d'oibleagáidí shochair shainithe na scéime seo de réir FRS 102. Íoctar gach ranníocaíocht shochair scoir fostaithe don Scéim Aonair le cuntas pinsin stáit. Oibríonn an scéim seo ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú na hOllscoile.

Athruithe bunúsacha ar shocrúithe sochair scoir

Tugadh cainteanna leantacha thar roinnt blianta idir na hOllscoileanna, an HEA agus an Rialtas i ndáil le socruithe sochair scoir athbhreithnithe san fhadtéarma a eascraíonn as an staid easnaimh i roinnt scéimeanna sochair scoir de chuid na hOllscoile chun críche in 2009 agus tugadh athruithe reachtúla móra isteach i bhfoirm an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

Achtaíodh an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 an 26 Meitheamh 2009 agus áiríodh ann, i ndáil le Máistirscéim Pinsin ana hOllscoile, soláthairtí áirithe, tar éis Ordú Aistrithe ón Aire Airgeadais agus ón Aire Oideachais, le haghaidh sócmhainní na Máistirscéime Pinsin a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin agus le haghaidh íocaíocht leanúnach sochar a bhí le hÍoc cheana ón Máistirscéim Pinsin.

Cuireadh an t-ordú aistrithe don Mháistirscéim Pinsin i gcrích an 31 Nollaig 2009 agus mar a foráladh sa reachtaíocht:

- cuireadh deireadh leis an iontaobhas a bhí ann agus tháinig deireadh le héifeacht an ghníomhais iontaobhais;
- aistríodh na sócmhainní sochair scoir go léir go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin;
- Leanann an Ollscoil agus gach ball ag íoc an ráta céanna a íocadh roimhe seo, agus íoctar na ranníocaíochtaí seo chun sochair an Stáitchiste nó iad a dhiúscairt chun sochair an Stáitchiste;
- tá an oibleagáid maidir le sochair a íoc de réir na scéime sochair scoir fós mar oibleagáid ar an Ollscoil maidir leis an scéim seo;
- má bhíonn na ranníocaíochtaí comhiomlána a d'íoc baill agus fostaithe nó atá á gcoinneáil thuas neamhleordhóthanach chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir leis na sochair sin a íoc de réir na Scéime, cúiteoidh an tAire Airgeadais an t-easnamh trí

íocaíochtaí a dhéanamh leis an Ollscoil ó chiste arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Mar sin, tugann an Stát ráthaíocht go ndéanfar oibleagáidí sochair scoir na Máistirscéime Pinsin a íoc agus go n-íocfar iad ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Is é tuairim na hOllscoile gurbh ionann cainteanna a tionóladh idir an earnáil, an HEA agus an rialtas sular tugadh an reachtaíocht chumasúcháin isteach agus dearbhuithe go dtabharfadh an Stát ráthaíocht faoi gach dliteanas shochair scoir de chuid na hOllscoile, i.e. na dliteanas sin a bhaineann leis an Máistirscéim Pinsin agus le socruithe sochair scoir shainithe eile atá ar bun ag an Ollscoil.

Cé go mbaineann an reachtaíocht thuas a achtaíodh i rith 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, cuireadh comhairle ar an Ollscoil go mbeadh an Stát ag freastal ar dhliteanas shochair scoir amach anseo don Scéim Shamplach agus don Forlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Tugann an Stát ráthaíocht go n-íocfar dliteanas na hOllscoile faoi Acht Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ag an Stát faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Mar thoradh air sin rinne an Ollscoil an glan-easnamh sna scéimeanna shochair scoir shainithe a fhritháireamh go hiomlán, le sócmhainn infhaighte pinsin dlite ón Stát á haithint sa ráiteas staid airgeadais ar atá comhionann leis an nglan-dliteanas sochair scoir.



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

29. Sochair Scoir (ar lean) Athshonraith

Comhdhlúite agus Ollscoil	2016 €'000	2015 €'000
Luach reatha dhliteanais an phlean	(1,743,816)	(1,395,218)
Sócmhainn infhaighte shochair scoir	1,743,816	1,395,218
	-	-
Anailís ar dhliteanas sochair scoir	2016 €'000	2015 €'000
Máistirsceim Pinsin	(1,136,704)	(929,966)
Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin	(590,805)	(459,406)
Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair	(16,307)	(5,846)
Luach reatha na n-oibleagáidí neamh-mhaoinithe	(1,743,816)	(1,395,218)
Athruithe ar luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir sainithe		
	2016 €'000	2015 €'000
Oibleagáid sochair shainithe ag tús na tréimhse	1,395,218	1,423,616
Costas seirbhíse reatha	55,165	51,987
Costas Úis	37,231	36,598
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime	2,220	2,290
Éifeacht choigeartuithe ó thaithí ar oibleagáid sochair scoir shainithe	(39,656)	(7,103)
Athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais	326,249	(80,165)
Íocaíochtaí sochair ó chearta cúitimh	(32,611)	(32,005)
Oibleagáid sochair scoir shainithe ag deireadh na tréimhse	1,743,816	1,395,218
Athruithe ar luach cothrom na gcearta cúitimh		
	2016 €'000	2015 €'000
Luach cothrom na gcearta cúitimh ag tús na tréimhse	1,395,218	1,423,616
Ioncam úis	37,600	36,946
Toradh ar chearta cúitimh	316,223	(60,142)
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir*	25,425	24,802
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime	2,220	2,290
Íocaíochtaí sochair ó chearta aisíocaíochta	(32,611)	(32,005)
Costais riaracháin arna íoc ó chearta cúitimh	(259)	(289)
Luach cóir ar chearta cúitimh ag deireadh na bliana	1,743,816	1,395,218

* Is ionann na costais sin agus ranníocaíochtaí ón bhfostóir, ranníocaíochtaí ón gcreat rialála fostóirí (EFC) agus Forlíonadh Pinsin don Mháistirsceim Pinsin, don Scéim Eiseamláireach agus don Scéim Pinsin Aonair.



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

29. Sochair Scoir (ar lean) Athshonraith

Glan-dhliteanas sochair scoir

	2016 €'000	2015 €'000
Seo a leanas méideanna a aithnítear i Ráiteas maidir le hloncam Cuimsithigh i ndáil leis an bplean:		
An méid san áireamh i gcostais foirne		
Costais sheirbhíse reatha	55,165	51,987
	55,165	51,987
An méid san áireamh in ioncam infheistíochta		
Ioncam glan-úis	(369)	(348)
6	(369)	(348)
Méid a aithnítear in Ioncam Cuimsitheach Eile		
Toradh ar chearta cúitimh sochair scoir	(316,223)	60,142
Coigeartuithe ó thaithí	(39,656)	(7,103)
Athruithe ar bhoinn tuisceana mar bhonn taca ag luach reatha an phlean	326,249	(80,165)
	(29,630)	(27,126)

Glan-dhliteanas sochair scoir

Tá luacháil oibleagáidí sochair shainithe na hOllscoile chun críche nochtuithe FRS 102 déanta ag achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil amhail dáta an ráitis staid airgeadais.

Mar seo a leanas a bhí na boinn tuisceana a d'úsáid na hachtúirí chun na dliteanais a luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2016:

Boinn tuisceana airgeadais

	2016	2015
Modh Luachála	Aonad Fortheilgthe	Aonad Fortheilgthe
Ráta lascaire	1.60%	2.70%
Ráta boilscithe	1.50%	1.60%
Arduithe ar thuarastal	3.00%	3.10%
Forlíonadh pinsin	2.00%	2.10%

Tá an ráta lascaire 1.6% bunaithe ar innéacs Cuair Toraidh Mercer le haghaidh bannaí corparáideacha ardchaighdeán, mar is cuí fad a mhairfidh dliteanais na scéime.

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn taca do na dliteanais phinsin ag dáta an chláir chomhardaithe bunaithe ar tháblaí básmhairéachta achtúireacha caighdeánacha agus ceadaíonn siad d'fheabhsúcháin ar fhad saoil amach anseo. Is ionann na boinn tuisceana agus a bheith ag súil go mairfidh duine 65 bliain d'aois roinnt blianta mar seo a leanas:

Básmhairsíocht	2016	2015
Comhalta 65 bliain d'aois (ionchas saoil faoi láthair)	22.9	22.8
Comhalta 40 bliain d'aois (Ionchas saoil ag 65 bliain d'aois)	25.7	25.6

Níl aon chearta cúitimh ann maidir leis na socruithe pinsin neamh-mhaoinithe sin.

B'ionann ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain airgeadais 2017 agus €25.9m. B'ionann ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain airgeadais 2016 agus €25.4m.

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

29. Sochair Scoir (ar lean) Athshonraith

Stair ghnóthachain agus caillteanais ó thaithí	2016 €'000	2015 €'000	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000
Difríocht idir aiscur iarbhír agus aiscur ionchais ar shócmhainní na scéime	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a
Céatadán shócmhainní na scéime (luach cóir)	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	39,656	7,103	37,207	71,890	37,166
Céatadán de dhliteanais scéime (luach reatha)	2.3%	0.5%	2.6%	6.1%	3.3%
Atomhais iomlána san áireamh in ioncam cuimsitheach	29,630	27,126	(187,178)	16,213	(194,974)
Céatadán de dhliteanais scéime (luach reatha)	1.7%	1.9%	13.1%	1.4%	(17.1%)
Stair na n-easnamh ó thaithí	2016 €'000	2015 €'000	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000
Luach cóir shócmhainní na scéime	1,743,816	1,395,218	1,423,616	1,179,497	1,139,996
Luach reatha dhliteanais na scéime	(1,743,816)	(1,395,218)	(1,423,616)	(1,179,497)	(1,139,996)
Easnamh i scéimeanna	-	-	-	-	-

30. Trasdul chuig FRS 102 agus HE SORP 2015

Mar a mhínítear sna Beartais Chuntasaíochta, is iad seo céad ráitis airgeadais na hOllscoile arna n-ullmhú de réir FRS 102 agus de réir an FE HE SORP nuashonraithe. Tá na beartais chuntasaíochta curtha i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú don bhliain dar críoch 2016 agus an t-eolas comparáideach don bhliain dar críoch 2015 agus in ullmhú Ráiteas Staid Airgeadais FRS 102 amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014. Agus Staid Airgeadais bunaithe ar FRS102, SORP á hullmhú aici, tá coigeartú déanta ag an Ollscoil ar mhéideanna a tuairiscíodh roimhe seo i ráitis airgeadais a ullmhaíodh de réir sheanbhonn cuntasaíochta (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus SORP2007). Tá míniú ar an tionchar a bhí ag an trasdul chuig FRS 102 agus an FE/HE SORP ar staid airgeadais na hOllscoile agus ar fheidhmíocht airgeadais leagtha amach sna táblaí seo a leanas.



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS 102 agus HE SORP 2015 (ar lean)

Ráiteas comhdhlúite maidir leis an staid airgeadais agus réiteach cúlchistí

	Nótaí	Comhdhlúite an 01 DF 2014 SORP 2007	Éifeacht an trasdula	Comhdhlúite an 01 DF 2014 SORP 2007	Comhdhlúite an 30 MF 2015 SORP 2007	Éifeacht an trasdula	Comhdhlúite an 30 MF 2015 FRS 102
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní inláimhsithe/Sócmhainní Neamh Reatha							
Sócmhainní inláimhsithe	a)	761,668	180,606	942,274	752,452	180,606	933,058
Infheistíochtaí	b)	-	162,689	162,689	-	165,586	165,586
Sócmhainní Dearlaice	b)	165,113	(165,113)	-	168,737	(168,737)	-
Maoine infheistíochta		46,369	-	46,369	56,255	-	56,255
Sócmhainní Reatha							
Trádáil agus infháiltais eile	b)	47,916	544	48,460	50,960	1,030	51,990
Fardail		320	-	320	492	-	492
Airgead tirim nó a choibhéis	c)	21,677	73,070	94,747	25,944	47,049	72,993
Taiscí gearrthéarmacha	c)	148,048	(71,604)	76,444	153,926	(45,081)	108,845
Trádáil agus suimeanna	b)/d)/m)	(147,528)	10,320	(137,208)	(173,136)	4,058	(169,078)
iníoctha eile: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin							
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		1,043,583	190,512	1,234,095	1,035,630	184,511	1,220,141
Trádáil agus suimeanna	e)	(134,280)	(271,259)	(405,539)	(148,394)	(257,178)	(405,572)
iníoctha eile: méideanna a bheidh dlite laistigh tar éis bliana amháin							
Dlitanas sochar scoir		(1,423,616)	-	(1,423,616)	(1,395,218)	-	(1,395,218)
Sochair scoir infhaighte		1,423,616	-	1,423,616	1,395,218	-	1,395,218
Glan-sócmhainní iomlána		909,303	(80,747)	828,556	887,236	(72,667)	814,569
Deontais chaipitil iarchurtha	e)/f)	420,017	(420,017)	-	412,907	(412,907)	-
Cistí dearlaice							
Inídithe	k)	8,320	(8,320)	-	8,390	(8,390)	-
Buan	k)	156,793	(156,793)	-	160,347	(160,347)	-
Cistí dearlaice iomlána		165,113	(165,113)	-	168,737	(168,737)	-
Cúlchistí srianta							
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais-cúlchiste dearlaice	k)	-	165,113	165,113	-	168,737	168,737
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais-cúlchiste srianta	n)	-	19,141	19,141	-	23,582	23,582
		-	184,254	184,254	-	192,319	192,319
Cúlchistí neamhsrianta							
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais d)/f)/i)/m)/n)		(11,363)	137,672	126,309	(36,733)	140,990	104,257
- cúlchiste neamhsrianta							
Cúlchiste athluachála	a)/i)	335,536	182,457	517,993	342,325	175,668	517,993
		324,173	320,129	644,302	305,592	316,658	622,250
Cúlchiste iomlán		909,303	(80,747)	828,556	887,236	(72,667)	814,569



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS102 agus SORP 2015 (ar lean)

Tá sonraí maidir leis an ngluaiseacht sna cúlchistí Comhdhlúite leagtha amach thíos	Nóta	Comhdhlúite	
		An 01 DF 2014 €'000	An 30 MF 2015 €'000
Cúlchistí tosaigh an 1 Deireadh Fómhair 2014		324,173	305,592
<i>Coigeartuithe- iarmhéid tosaigh an 1 Deireadh Fómhair 2014</i>			
Athlua na sócmhainní seasta an 1 Deireadh Fómhair 2014	a)	180,606	180,606
Saoire le pá fabhruithe	d)	(1,413)	(1,413)
Athrangú ar dheontais chaipitil iarchurtha tosaigh	f)	148,732	148,732
Ciste dearlaice aistrithe chuig cúlchiste neamhshrianta	k)	165,113	165,113
Ioncam ó Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a iarchuireadh roimhe seo a aithint	m)	11,319	11,319
Gluaiseacht i scaoileadh deontas caipiteal iarchurtha		26	26
		828,556	809,975
<i>Coigeartuithe 2014-15</i>			
Gluaiseacht i gcistí dearlaice	b)	-	3,624
Gluaiseacht i bhfabhrú pá saoire	d)	-	(57)
Gluaiseacht in ioncam iarchurtha ó Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide	m)	-	4,747
Gluaiseacht i scaoileadh deontas caipiteal iarchurtha	j)	-	(3,720)
		-	4,594
Cúlchistí Athluaite		828,556	814,569



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS 102 agus HE SORP 2015 (ar lean)

Ráiteas Ollscoile maidir leis an staid airgeadais agus réiteach cúlchistí

	Nótaí	Comhdhlúite an 01 DF 2014 SORP 2007	Éifeacht an trasdula	Comhdhlúite an 01 DF 2014 SORP 2007	Comhdhlúite an 30 MF 2015 SORP 2007	Éifeacht an trasdula	Comhdhlúite an 30 MF 2015 FRS 102
Sócmhainní inláimhsithe/Sócmhainní Neamh Reatha							
Sócmhainní inláimhsithe	a)	761,620	180,606	942,226	752,418	180,606	933,024
Infheistíochtaí	b)	-	162,689	162,689	-	165,586	165,586
Sócmhainní Dearlaice	b)	165,113	(165,113)	-	168,737	(168,737)	-
Maoine infheistíochta		46,369	-	46,369	56,255	-	56,255
Sócmhainní Reatha							
Trádáil agus infháltais eile	b)	47,859	544	48,403	50,720	1,030	51,750
Fardail		320	-	320	492	-	492
Airgead tirim nó a choibhéis	c)	10,383	67,029	77,412	13,432	40,967	54,399
Taiscí gearrthéarmacha	c)	135,563	(65,563)	70,000	140,000	(39,000)	101,000
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile:	b)/d)/m)	(135,900)	(999)	(136,899)	(156,503)	(11,815)	(168,318)
dlíte laistigh de bhliain amháin							
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		1,031,327	179,193	1,210,520	1,025,551	168,637	1,194,188
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile:	e)	(134,280)	(271,259)	(405,539)	(148,394)	(257,178)	(405,572)
méideanna a bheidh dlíte laistigh tar éis bliana amháin							
Dlíteanas sochar scoir		(1,423,616)	-	(1,423,616)	(1,395,218)	-	(1,395,218)
Sochair scoir infhaighte		1,423,616	-	1,423,616	1,395,218	-	1,395,218
Glan-sócmhainní iomlána		897,047	(92,066)	804,981	877,157	(88,541)	788,616
Deontais chaipitil iarchurtha	e)/f)	420,017	(420,017)	-	412,907	(412,907)	-
Cistí Dearlaice							
Inídithe	k)	8,320	(8,320)	-	8,390	(8,390)	-
Buan	k)	156,793	(156,793)	-	160,347	(160,347)	-
Cistí dearlaice iomlána		165,113	(165,113)	-	168,737	(168,737)	-
Cúlchistí srianta							
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais-cúlchiste dearlaice	k)	-	165,113	165,113	-	168,737	168,737
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais-cúlchiste srianta	n)	-	-	-	-	-	-
		-	165,113	165,113	-	168,737	168,737
Cúlchistí neamhshrianta							
Cúlchiste ioncaim agus -	d)/f)/i)/m)/n)	(23,619)	145,494	121,875	(46,812)	148,698	101,886
caiteachais - cúlchiste neamhshrianta							
Cúlchiste athluachála	a)/ i)	335,536	182,457	517,993	342,325	175,668	517,993
		311,917	327,951	639,868	295,513	324,366	619,879
Cúlchiste iomlán		897,047	(92,066)	804,981	877,157	(88,541)	788,616



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS102 agus SORP 2015 (ar lean)

Tá sonraí maidir leis an ngluaiseacht i gcúlchistí na hOllscoile leagtha amach thíos:		Ollscoil	
	Note	01-Oct-14 €'000	30-Sep-15 €'000
Cúlchistí tosaigh an 1 Deireadh Fómhair 2014		311,917	295,513
<i>Coigeartuithe- iarmhéid tosaigh an 1 Deireadh Fómhair 2014</i>			
Athlua na sócmhainní seasta an 1 Deireadh Fómhair 2014	a)	180,606	180,606
Saoire le pá fabhrúithe	d)	(1,413)	(1,413)
Athrangú ar dheontais chaipitil iarchurtha tosaigh	f)	148,732	148,732
Ciste dearlaice aistrithe chuig cúlchiste neamhshrianta	k)	165,113	165,113
Gluaiseacht i scaoileadh deontas caipiteal iarchurtha		26	26
		804,981	788,577
<i>Coigeartuithe 2014-15</i>			
Gluaiseacht sna cistí dearlaice	b)	-	3,624
Gluaiseacht i bhfabhrú pá saoire l	d)	-	(57)
Gluaiseacht i scaoileadh deontas caipiteal iarchurtha	j)	-	(3,720)
Comhdhlúthú Sheirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide Teoranta		-	192
			39
Cúlchistí Athluaite		804,981	788,616

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS 102 agus HE SORP 2015 (ar lean)

Réiteach ar ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015

		Ráitis an 30 Meán Fómhair 2015 SORP 2007	Éifeacht an trasdula	Comhdhlúite an 30 Meán Fómhair 2015 FRS102
	Nótaís	€'000	€'000	€'000
Ioncam				
Deontais Stáit		44,512	-	44,512
Táillí acadúla		128,872	-	128,872
Deontais taighde agus conarthaí	85,199	24	85,223	
Ioncam eile	h)/m)	52,456	(7,939)	44,517
Ioncam infheistíochta	g)	7,043	348	7,391
Amúchadh	j)	10,571	(3,744)	6,827
Ioncam iomlán roimh dheonacháin agus dhearlaicí		328,653	(11,311)	317,342
Deonacháin agus Dearlaicí	h)	-	12,895	12,895
Ioncam iomlán		328,653	1,584	330,237
Caiteachas				
Costais foirne	d)/g)	230,713	405	231,118
Costais oibríochta eile		94,468	-	94,468
Ús agus costais airgeadais eile		4,059	-	4,059
Dímheas		26,610	-	26,610
Caiteachas iomlán		355,850	405	356,255
Gnóthachan ar phunann infheistíochta	h)	-	2,145	2,145
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	i)	3,097	6,789	9,886
Easnamh don bhliain		(24,100)	10,113	(13,987)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach i ndáil le Scéimeanna sochair scoir	l)	87,268	(60,142)	27,126
Gluaiseacht ar sócmhainn infhaighte shochair scoir	l)	(87,268)	60,142	(27,126)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		(24,100)	10,113	(13,987)
Barrachas don bhliain aistrithe go ioncam carntha i gCistí Dearlaice		(1,270)	1,270	-
Easnamh don bhliain coinnithe laistigh de chúlchistí		(25,370)	11,383	(13,987)



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS102 agus SORP 2015 (ar lean)

Tá sonraí maidir leis an ngluaiseacht san easnamh Comhdhlúite leagtha amach thíos:

	Nótaí	€'000	€'000
Easnamh tosaigh			(24,100)
Athrangú ar mhéideanna a aithníodh roimhe seo i ngnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána			
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	i)	6,789	
Dearlaicí nua	h)	209	
Glan-luachmhéadú infheistíochtaí dearlaice	h)	2,145	9,143
Caillteanas aitheanta tosaigh			(14,957)
Ioncam ó Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a iarchuireadh roimhe seo a aithint	m)		4,747
Laghdú i scaoileadh deontas caipiteal iarchurtha	j)		(3,720)
Méadú ar fhabhrú pá saoire	d)		(57)
Easnamh athluaite			(13,987)



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS 102 agus HE SORP 2015 (ar lean)

Réiteach ar ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015

		Ollscoil an 30 Meán Fómhair 2015 SORP 2007	Éifeacht an trasdula	Ollscoil an 30 Meán Fómhair 2015 Coigeartú
	Nótaí	€'000	€'000	€'000
Ioncam				
Deontais Stáit		44,512	-	44,512
Táillí acadúla		128,872	-	128,872
Deontais taighde agus conarthaí		85,199	24	85,223
Ioncam eile	h)/m)	43,153	4,285	47,438
Ioncam infheistíochta	g)	6,556	719	7,275
Ioncam úis		371	(371)	-
Amúchadh	j)	10,571	(3,744)	6,827
Ioncam iomlán roimh dheonacháin agus dhearlaicí		319,234	1,284	320,147
Deonacháin agus dearlaicí	h)	-	3,456	3,456
Ioncam iomlán		319,234	4,369	323,603
Caiteachas				
Costais foirne	d)/g)	228,692	327	229,019
Costais oibríochta eile		84,925	7,418	92,343
Ús agus costais airgeadais eile		4,059	-	4,059
Dímheas		26,577	-	26,577
Caiteachas iomlán		344,253	7,745	351,998
Gnóthachan ar phunann infheistíochta	h)	-	2,145	2,145
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	i)	3,097	6,789	9,886
Easnamh don bhliain		(21,922)	5,558	(16,364)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach i ndáil le Scéimeanna sochair scoir		87,268	(60,142)	27,126
Gluaiseacht ar sócmhainn infhaighte shochair scoir	l)	(87,268)	60,142	(27,126)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		(21,922)	5,558	(16,364)
Barrachas don bhliain aistrithe go ioncam carntha i gCistí Dearlaice		(1,270)	1,270	-
Easnamh don bhliain coinnithe laistigh de chúlchistí		(23,192)	6,828	(16,364)

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS102 agus SORP 2015 (ar lean)

Tá sonraí maidir leis an ngluaiseacht in easnamh na hOllscoile leagtha amach thíos:

	Nótaí	€'000	€'000
Easnamh tosaigh			(21,922)
Athrangú ar mhéideanna a aithníodh roimhe seo i ngnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána			
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	l)	6,789	
Dearlaicí nua	h)	209	
Glan-luachmhéadú infheistíochtaí dearlaice	h)	2,145	9,143
Caillteanas aitheanta tosaigh			(12,779)
Laghdu i scaoileadh deontas caipiteal iarchurtha	j)		(3,720)
Méadú ar fhabhrú pá saoire	d)		(57)
Comhdhlúthú Sheirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide Teoranta			192
Easnamh athluaite			(16,364)

Tá na príomhéifeachtaí maidir leis an trasdul chuig FRS 102 agus SORP 2015 leagtha amach thíos:

a) Athluacháil ar thalamh

Roghnaigh an Ollscoil an rogha glactha céaduaire a úsáid ar an trasdul chuig FRS 102 agus tá athluacháil déanta aici ar a cuid talún ar bhonn luach cothrom amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014. Úsáidtear na luachanna athbhreithnithe anois mar chostas measta na talún. De thoradh ar sin aithníodh sócmhainní inláimhsithe agus cúlchiste athluachála comhfhreagrach de €180.6m ag dáta an trasdula.

b) Sócmhainní Dearlaice

Ní dhéantar sócmhainní dearlaice €165.1m amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 agus i dtréimhsí amach anseo a nochtadh ar leithligh a thuilleadh ar an ráiteas staid airgeadais ach tá siad anois san áireamh laistigh den chatagóir glan-sócmhainní neamh-reatha nó reatha cuí (€162.7m sócmhainní neamh-reatha €0.5m infháiltais, €1 airgead tirim agus a choibhéis, €1 taiscí gearrthéarmacha & €0.1m le suimeanna iníoctha dlite laistigh de bhliain amháin). Ní raibh aon tionchar ar cúlchistí comhdhlúite nó Ollscoile amhail dáta an trasdula.

c) Airgead tirim agus a choibhéis & taiscí gearrthéarmacha

Infheistíochtaí gearrthéarmacha, fíorleachtacha is ea airgead tirim agus coibhéisí airgid atá in-chomhshóite go héasca go méideanna airgid atá ar eolas agus gan mórán baol go dtiocfaidh athrú ar a luach. Nochtadh iad sin mar taiscí gearrthéarmacha roimhe seo. Dá réir sin amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 rinneadh athrangú ar €72.6m ó thaiscí gearrthéarmacha. Rinneadh athrangú ar €1.0m

airgead dearlaice ó shócmhainní dearlaice agus rinneadh athrangú ar rótharraingt bainc €0.5m ó suimeanna iníoctha laistigh de bhliain amháin go dtí airgead tirim agus coibhéisí airgid.

Taiscí gearrthéarmacha

An 1 Deireadh Fómhair 2014 rinneadh athrangú ar €72.6m go dtí airgead tirim agus coibhéisí airgid agus rinneadh athrangú ar thaiscí gearrthéarmacha dearlaice €1.0m ó shócmhainní dearlaice.

d) Fabhrú pá saoire

Éilíonn FRS 102 ar an Ollscoil fabhrú do neamhláithreachtaí cúitithe mar theidlíocht saoire a thuilleadh ach nár glacadh amhail dáta an chláir chomhardaithe. Is ionann toradh an fhabhráithe agus €1.4m d'fhabhrúithe amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014. Le linn 2014/15 bhí teidlíocht saoire €57,000 bhreise ann, agus mhéadaigh an fabhrú go dtí €1.5m amhail an 30 Meán Fómhair 2015 dá bharr.

e) Deontais Rialtais

Leanann an Ollscoil ag cloí le bonn fabhrúithe maidir le deontais chaipitil rialtais. Éilíonn an SORP athbhreithnithe go nochtfaí deontais rialtais mar ioncam iarchurtha laistigh de thrádáil agus suimeanna eile agus iad a scaoileadh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach ar bhonn córasach thar shaolré úsáideach na sócmhainne. Roimhe seo nochtadh deontais chaipitil rialtais i gcúlchistí. Bhí an toradh ag dáta an trasdula le suimeanna iníoctha dlite a mhéadú tar éis bliana amháin agus glansócmhainní a laghdú €271.2m (30 Meán Fómhair 2015 € 257.1m)..

Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

30. Trasdul chuig FRS102 agus SORP 2015 (ar lean)

f) Deontais Neamh-Rialtais

Tá an tsamhail feidhmíochta maidir le deontais chaipitil neamh-rialtais glactha ag an Ollscoil a aithnítear ar iad a fháil ach amháin sa chás go bhfuil coinníollacha feidhmíochta ann. Má tá coinníollacha feidhmíochta ann, déantar deontais a iarchur laistigh de shuimeanna iníoctha agus a scaoileadh go dtí an ráiteas ar ioncam cuimsitheach thar na tréimhe ina gcomhlíontar na coinníollacha. Amhail dáta an trasdula, scaoileadh deontais chaipitil iarchurtha €148.8m gan aon coinníollacha feidhmíochta chuig an gcúlchiste neamhshrianta.

g) Scéimeanna pinsin sainithe

Tá costas cur i láthair faoi FRS 102 ina gcuirtear glan-ús ar an nglanhliteanas pinsin sochair shainithe i láthair sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach ag baint úsáide as an ráta lascaine dliteanaís. Faoi chaighdeán chuntasaíochta roimhe seo ríomhadh an t-ús ar an toradh ionchais ar ghlan-shócmhainní ag baint úsáide as ráta lascaine thoradh na sócmhainne ionchais. Ní raibh aon tionchar aige sin ar chúlchistí ag trasdul ach tá tionchar aige ar leithdháileadh costas úis idir ráiteas an chuntais ioncaim chuimsithigh agus caillteanaís achtúireacha laistigh d'ioncam cuimsitheach eile. Tá an coigeartú €348,000 á léiriú i gcostais foirne agus ioncam úis.

h) Deonacháin agus Dearlaicí

Faoi FRS 102 déantar ioncam ó dheontais a nochtadh ar leithligh ó ioncam eile mar aon le dearlaicí nua a tuairiscíodh roimhs seo chuig an ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanaís aitheanta iomlána ar líne breise. Tá an tsamhail feidhmíochta glactha ag an Ollscoil agus níl aon coinníollacha feidhmíochta ag formhór na ndeontas a fuarthas agus aithnítear iad anois sa bhliain in bhfaightear iad. Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 aithníodh dearlaicí nua €209,000 agus luachmheadú dearlaice €2.1m sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach faoi ghnóthachain agus infheistíochtaí. Áirítear ar dheonacháin agus dearlaicí arb ionann iad agus €12.9m, €7.9m a aistríodh ó ioncam eile agus €4.8m a bhí iarchurtha roimhe sin.

i) Maoin Infheistíochta

De réir FRS 102.16.7 tomhaistear maoin infheistíochta ag luach cothrom ar gach dáta tuairiscithe, le haon athrú ar luach cothrom á aithint láithreach laistigh den ráiteas ar ioncam cuimsitheach. Amhail dáta an trasdula rinneadh coigeartú i leith caillteanaís charnaigh €1.9m sa chúlchiste athluachála agus sa chúlchiste neamhshrianta ioncaim agus caiteachais. Aithníodh gnóthachan athluachála €6.8m a aithníodh roimhe seo sa chúlchiste athluachála sa chlár comhordaithe mar ghnóthachan ar infheistíochtaí sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015.

j) Amúchadh deontas caipitil iarchurtha

Rinneadh coigeartú €3.7m laistigh d'ioncam chun amúchadh deontas caipitil iarchurtha a laghdú don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 chun deontais chaipitil ó fhoinsí neamh-Rialtais

a aithníodh roimhe seo mar chuid den trasdul chuig FRS 102 a léiriú.

k) Cúlchistí Dearlaice

Tá athrangú déanta ar dhearlaicí €165.1m (amhail an 30 Meán Fómhair 2015: €168.7m) ón gCiste Dearlaice agus tuairiscítear anois iad laistigh den Chúlchiste Srianta Ioncaim agus Caiteachais ag dáta an trasdula.

l) Scéimeanna Sochair Scoir

Faoi FRS 102, má tá eintiteas cinnte, geall leis, go gcúiteoidh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas go léir a theastaíonn chun oibleagáid sochair shainithe a shocrú, aithneoidh an t-eintiteas a cheart féin chun cúitimh mar shócmhainn. Caithfidh eintiteas leis an tsócmhainn sin ar an gcaoi chéanna agus a chaitear le sócmhainní plean. De réir FRS 102 caitheann an Ollscoil leis an dliteanas pinsin mar shócmhainn den scéim Pinsin. Bíonn mar thoradh ar sin athlua €60m amhail dáta an trasdula ach tionchar foriomlán éinialas ar an gclár comhardaithe.

m) Ioncam Iarchurtha - deonacháin ó Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide

Faoi GAAP roimhe seo, chaith an Ollscoil ioncam nár caitheadh ar dheonacháin mar chreidiúnaí sa chlár comhardaithe ag deireadh na bliana. De réir FRS 102, ní dhéantar deonacháin a iarchur ach amháin má bhíonn coinníoll feidhmíochta ann agus gan comhlíonadh na gcoinníollacha i gcrích. Dá réir sin, amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014, taifeadadh coigeartú trasdula oscailte €11.3m agus, sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015, aithníodh €4.7m sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach laistigh d'ioncam oibríochta eile.

n) Cúlchistí srianta

Áirítear ar na cúlchistí srianta eile iarmhéideanna a bhfuil cuspóir ar leith ainmnithe ag an Deontóir nó an Maoinitheoir ina leith agus dá bhrí sin, tá srian ar an Ollscoil maidir le húsáid na gcistí seo. Rinneadh athrangú ar ghlanshócmhainní srianta an 1 Deireadh Fómhair 2014 chun €17.2m de ghlanshócmhainní Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide agus €1.9m de ghlanshócmhainní Chiste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide a áireamh.

31. Imeachtaí i ndiaidh na tréimhe tuairiscithe

Níor tharla aon imeachtaí a éilíonn go nochtfar iad tar éis dheireadh na tréimhe tuairiscithe.

32. Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a cheadú

Cheadaigh Bord na hOllscoile na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite an 22 Márta 2017.



Nótaí leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht ar Dheontais ó Chistí Stáitchiste agus Cuntasacht i leith na gCistí sin
Deontais Taighde

Deontóir	Roinn/Oifig um Mhaoiniú Rialtais	Deontas larchurtha / (Dlite) 01/10/15	Airgead tirim faighte 2015/16	Glactha san Ioncam 2015/16	Deontas larchurtha / (Dlite) 30/09/16
SFI	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	9,699	44,249	40,875	13,074
HRB	An Roinn Sláinte	(289)	8,245	6,921	1,036
HEA PRTL I	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	658	736	1,898	(505)
IRC	An Roinn Oideachais agus Scileanna	(145)	6,184	6,530	(491)
Fiontraíocht Éireann	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	(224)	3,989	4,603	(838)
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	(154)	348	478	(284)
Teagasc	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	(83)	165	192	(110)
Foras na Mara	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	(76)	73	0	(3)
An Roinn Ealain	An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	(142)	202	234	(174)
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscola	DAn Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	3	38	14	76
An Roinn Sláinte	An Roinn Sláinte	113	79	44	147
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son, na hAeráide agus Comhshaoil	(546)	826	925	(644)
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son, na hAeráide agus Comhshaoil	0	68	32	36
Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath	An Roinn Oideachais agus Scileanna	(10)	139	141	(11)
Cúnamh Éireann	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	(19)	60	32	9
An Roinn Sláinte	An Roinn Sláinte	122	933	747	308
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	An Roinn Sláinte	43	357	177	223
Altranais & Cnáimhseachas Pleanáil & Forbairt	An Roinn Sláinte	0	103	33	70
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	16	39	55	1
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	89	76	93	71
Gníomhaireachtaí Rialtais na hÉireann/Stáit eile	Ranna éagsúla	111	255	360	5
Deontais Taighde Stáitchiste Iomlána		9,216	67,164	64,384	11,996
Deontais Taighde Neamh-Stáitchiste Iomlána		12,352	29,763	27,724	14,391
Iomlán de réir Cuntas Taighde		21,568	96,927	92,108	26,387
Coigeartuithe eile		7,794	3,923	138	11,717
Deontais Taighde agus Conarthaí de réir Ráiteas Airgeadais		29,362	100,850	92,246	38,104

Deontais Chaipitil

Fuair an Ollscoil ioncam deontais €2.8m faoin gclár taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL I V) sa tréimhse. Tugann TCD tuairisceáin don HEA ar bhonn ráithiúil, bunaithe ar an gcaiteachas iarbhir a thabhaítear ar dheontais chaipitil arna maoiniú ag an HEA. Tá gach caiteachas den chineál sin a thabhaítear ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha an deontais chaipitil. Caitear le gach maoiniú a fhaightear ón HEA le haghaidh Deontas Chaipitil ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha mar atá leagtha amach ag an HEA agus ag teacht le beartais agus treoirínte Rialtais.



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Ollscoil Átha Cliath



www.tcd.ie



Cláir Chistí Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-13

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTÚRACHA AE